Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7568/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0079(COD)**

**COMPET 234**
**IND 123**
**MI 213**
**POLCOM 49**
**RELEX 367**
**RECH 95**
**IA 46**
**CODEC 412**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Márta 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 160 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 160 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 160 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.3.2023
COM(2023) 160 final

2023/0079 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020**

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

{SEC(2023) 360 final} - {SWD(2023) 160 final} - {SWD(2023) 161 final} - {SWD(2023) 162 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Faightear amhábhair ag tús na slabhraí luacha tionsclaíocha go léir. Dírítear sa Rialachán seo ar amhábhair neamhfhuinnimh neamhthalmhaíochta atá tábhachtach do gheilleagar an Aontais, amhábhair a bhfuil a soláthairtí faoi réir leibhéal ard riosca soláthair. Is minic gur ionchuir fhíor-riachtanacha iad na hamhábhair chriticiúla sin do shraith leathan earnálacha straitéiseacha lena n-áirítear fuinneamh inathnuaite, an tionscal digiteach, na hearnálacha spáis agus cosanta agus an earnáil sláinte. Ag an am céanna, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a bheith ag eastóscadh agus próiseáil na n-amhábhar criticiúil, ag brath ar na modhanna agus na próisis a úsáidtear, chomh maith le tionchair shóisialta.

Braitheann an tAontas Eorpach go heisiach, beagnach, ar allmhairí le haghaidh go leor amhábhair chriticiúla. Is minic a bhíonn soláthraithe na n-allmhairí sin comhchruinnithe go mór i líon beag tríú tíortha, ag céim an eastósctha agus na próiseála araon. Mar shampla, foinsíonn an tAontas Eorpach 97 % dá mhaignéisiam sa tSín. Is sa tSín amháin a mhínghlantar mianraí tearcithreach a úsáidtear i mbuanmhaighnéid. Is é i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó a eastósctar 63 % de chóbalt an domhain, a úsáidtear i gceallraí, agus is é sa tSín a mhínghlantar 60 % de. Mar gheall ar an gcomhchruinniú sin nochtar an tAontas Eorpach do rioscaí suntasacha soláthair. Tá fasaigh tíortha a bhaineann leas as a seasamh láidir mar sholáthraithe amhábhar criticiúil i gcoinne tíortha is ceannaitheoirí, mar shampla trí shrianta ar onnmhairí.

Leis an athrú domhanda i dtreo fuinneamh inathnuaite agus dhigitiú ár ngeilleagar agus ár sochaithe, tá sé tuartha go méadóidh an t-éileamh ar chuid de na hamhábhair chriticiúla sin go tapa sna blianta amach romhainn. Meastar go dtiocfaidh méadú suas le 89 faoi 2050 ar an éileamh domhanda ar an litiam a úsáidtear chun ceallraí a dhéanamh le haghaidh soghluaisteachta agus stóráil fuinnimh. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú idir sé agus seacht n-oiread faoi 2050 ar éileamh an Aontais ar na dúile tearc-chré óna monaraítear na buanmhaighnéid a úsáidtear i dtuirbíní gaoithe nó i bhfeithiclí leictreacha. Tá sé measta go dtiocfaidh méadú faoi 17 faoin mbliain 2050 ar éileamh an Aontais ar ghailliam. Úsáidtear gailliam chun leathsheoltóirí a mhonarú. Trí ábhair a ionadú agus éifeachtúlacht agus ciorclaíocht ábhar a mhéadú féadfar t-ardú réamh-mheasta ar an éileamh a mhaolú go méid áirithe, ach ní mheastar go n-athróidh an treoch leis na céimeanna sin. Tá baol ann faoi láthair nach sásóidh na cumais reatha agus na cumais atá beartaithe níos mó ná 50 % den éileamh réamh-mheasta ar chóbalt agus meastar go sárófar an fás ar chumais leis an méadú ar éileamh amach anseo ar dhúile tearc-chré fás[1]. Ina fhianaise sin, tá beartais glactha go gníomhach ag go leor tíortha chun a soláthar amhábhar criticiúil a áirithiú, rud a mhéadaíonn an iomaíocht acmhainní.

Le suaitheadh soláthair earraí fíor-riachtanacha le linn ghéarchéim COVID-19 agus leis an ngéarchéim fuinnimh lenar spreagadh cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh i dtábhacht spleáchas an tsoláthair struchtúraigh san Aontas agus ar a éifeachtaí lena bhféadfaí díobháil a dhéanamh i dtráth géarchéime. Mar gheall ar an tábhacht lárnach a

[1] Carrara, S. et al., *Supply chain analysis and material demand forecast in strategic technologies and sectors in the EU – A foresight study* [Anailís ar shlabhra an tsoláthair agus réamhaisnéis ar an éileamh ar ábhar i dteicneolaíochtaí agus in earnálacha straitéiseacha san Aontas – Staidéar fadbhreathnaitheach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2023, doi:10.2760/386650, JRC132889

bhaineann le hamhábhair chriticiúla don aistriú glas agus don aistriú digiteach, agus le haghaidh feidhmeanna cosanta agus spáis, bheadh éifeachtaí díobhálacha suntasacha ag suaitheadh a soláthair don tionsclaíocht san Aontas. Chuirfeadh sé sin feidhmiú an mhargaidh aonair i mbaol agus dhéanfadh sé dochar d'iomaíochas an Aontais, agus ag an am céanna chuirfeadh sé poist agus cruthú post i mbaol agus rachaidh sé i gcion ar dhálaí oibre agus ar phá. Ina theannta sin, gan soláthar slán amhábhar criticiúil, ní bheidh an tAontas ábalta a chuspóir a chomhlíonadh maidir le todhchaí ghlas agus dhigiteach.

Leis an tionscnamh um amhábhair in 2008 mar aon leis an bplean gníomhaíochta 2020 maidir le hamhábhair chriticiúla soláthraíodh creat do thionscnaimh chun measúnú a dhéanamh ar chriticiúlacht amhábhar éagsúil, ar éagsúlú idirnáisiúnta, ar thaighde agus ar nuálaíocht agus ar fhorbairt acmhainn táirgthe CRMS san Aontas Eorpach. Tá na bearta a cuireadh i bhfeidhm ag cuidiú le soláthar níos sláine a áirithiú. Mar shampla, cuidíonn Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a tugadh i gcrích le tríú tíortha, mar a fhoráiltear sa phlean gníomhaíochta, le foinsí soláthair amhábhar a éagsúlú trí shlabhraí luacha amhábhar an Aontais a chomhtháthú tuilleadh le slabhraí tríú tíortha ina bhfuil mórán acmhainní.

Mar sin féin, níorbh leor gníomhaíochtaí neamhrialála chun rochtain an Aontais Eorpaigh ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú. Níl aon chreat rialála ann faoi láthair atá dírithe ar rioscaí soláthair a laghdú go struchtúrach thar an réimse amhábhar criticiúil. Ar an gcéad dul síos, in éagmais creat comhchoiteann lena áirithiú go mbeidh na hoibreoirí eacnamaíocha athléimneach agus ullamh d'fhadhbanna a thiocfadh chun cinn, tá an tionscal fós neamhchosanta i gcónaí ar an mbaol go mbeidh suaitheadh soláthar ann. Ar an dara dul síos, tá acmhainn an Aontais méadú a dhéanamh ar a acmhainneacht acmhainní a eastóscadh, a phróiseáil nó a athchúrsáil fós tearcshaothraithe. Ar fud na mBallstát, is minic a théann eolas faoi fhosuithe mianra siar go dtí am nuair nach raibh na hamhábhair chriticiúla ina n-acmhainní a raibh tóir orthu mar atá sa lá atá inniu ann. Bíonn rochtain dheacair ar mhaoiniú, nósanna imeachta fada casta, agus easpa glactha ag an bpobal chomh maith le hábhair imní fhéideartha comhshaoil ina mbaic mhóra uaireanta ar fhorbairt tionscadal amhábhar criticiúil. Sa tríú háit, ní chruthaítear leis an reachtaíocht um bainistiú dramhaíola go leor dreasachtaí chun ciorclaíocht amhábhar criticiúil a fheabhsú ('a gciorclaíocht') nó chun margadh a fhorbairt in amhábhair thánaisteacha. Ar deireadh, níl go leor dreasachtaí ann chun tionchair dhiúltacha chomhshaoil na n-amhábhar a chuirtear ar mhargadh an Aontais a thuairisciú agus a theorannú.

Ina bhfianaise sin, tá na cuspóirí seo a leanas leis an togra seo:

- na céimeanna éagsúla de shlabhra luacha amhábhar criticiúil Eorpach a neartú;
- allmhairí amhábhair chriticiúil an Aontais a éagsúlú chun spleáchas straitéiseach a laghdú;
- feabhas a chur ar chumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le suaitheadh soláthair na n-amhábhar criticiúil agus na rioscaí sin a mhaolú;
- saorghluaiseacht amhábhar criticiúil ar an margadh aonair a áirithiú, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á áirithiú, trí fheabhas a chur ar chiorclaíocht agus inbhuanaitheacht na n-amhábhar sin.

Níl baint ag an meabhrán seo ach leis an togra reatha le haghaidh Rialacháin. Mínítear an fhís straitéiseach fhoriomlán maidir le soláthar amhábhar criticiúil na hEorpa a neartú, trí ghníomhaíocht laistigh agus lasmuigh den Aontas, sa Teachtaireacht a ghabhann leis an togra sin.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse seo cheana**

Tá an togra seo ag teacht le straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus leis an Dlí Aeráide Eorpach. Tá sé i gceist leis an togra seo cuidiú leis an Aontais na cumais a thabhairt dó a bheidh ag teastáil chun a spriocanna a bhaint amach maidir le fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh, teicneolaíochtaí monaraíochta straitéisí a fhorbairt, amhail leathsheoltóirí, agus ár gcuspóirí maidir le haeráidneodracht a bhaint amach.

Freagraíonn an togra seo do Dhearbhú Versailles 2022 a ghlac an Chomhairle Eorpach, ina gcuirtear i dtábhacht an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hamhábhair chriticiúla chun uathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus ceannasacht straitéiseach na hEorpa a ráthú. Tá sé comhsheasmhach freisin le rún mhí na Samhna 2021 ó Pharlaimint na hEorpa maidir le straitéis an Aontais ar amhábhair chriticiúla agus leis na conclúidí ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa. Ar deireadh, comhlíontar leis an Rialachán seo an gealltanas maidir le spleáchas an Aontais ar amhábhair chriticiúla a laghdú, gealltanas a thug an tUachtarán von der Leyen ina haitheasc ar Staid an Aontais 2022. Bhainfí é sin amach trí sholáthar intíre inbhuanaithe amhábhar criticiúil a éagsúlú agus a áirithiú trí Thionscadail Straitéiseacha a shainaithint ar fud an tslabhra soláthair agus trí chúltacaí straitéiseacha a fhorbairt. Roimh an bhfógra faoin nGníomh um Amhábhair Chriticiúla, fógraíodh faoin Teachtaireacht maidir le REPowerEU agus faoin Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le hAnailís ar Bhearnaí san Infheistíocht sa Chosaint agus an Bealach Chun Cinn togra reachtach ar amhábhair chriticiúla i mí na Bealtaine 2022.

Cé go ndírítear sa togra seo ar fhorbairt a dhéanamh ar chumas an Aontais Eorpaigh amhábhair chriticiúla a sholáthar, mínítear sa Teachtaireacht a ghabhann leis an togra seo an straitéis is bun le soláthar earnáil na n-amhábhar criticiúil a áirithiú, lena n-áirítear bearta neamhrialála chun soláthairtí seachtracha a éagsúlú ó lasmuigh den Aontas agus chun borradh a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht agus faoi scileanna. Tá torthaí mheasúnú criticiúlachta an Choimisiúin, na cláir pháipéir chomhfhreagracha maidir leis na hamhábhair chriticiúla agus straitéiseacha ag gabháil leis an Rialachán (féach an míniú mionsonraithe ar lch. 15 chun tuilleadh sonraí a fháil) ar a ndíríonn an togra seo, agus ar a ndírítear an staidéar fadbhreathnaitheachta is déanaí. Cuirtear an togra i láthair i gcomhpháirt leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta a bheidh mar bhonn faoi mhonaraíocht thionsclaíoch na bpríomhtheicneolaíochtaí san Aontas, mar a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir le Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais do Ré Thionsclaíoch na Glan-nialasachta.

Tá an togra seo comhsheasmhach freisin leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún lena nuashonraítear Straitéis Eorpach 2020 maidir le tionsclaíocht i mí na Bealtaine 2021, ina sainaithnítear réimsí spleáchas straitéiseach a bhféadfadh leochaileachtaí a bheith mar thoradh orthu. Leis an dá athbhreithniú chuimsitheacha ina dhiaidh sin soláthraíodh anailís bhreise ar bhunús na spleáchas straitéiseach agus tugadh aghaidh orthu ar dtús ar amhábhair chriticiúla ar an iomlán (i measc saincheisteanna eile), ansin ar dhúile tearc-chré agus maignéisiam.

Cé nach raibh aon chreat rialála ann roimh an Rialachán seo a raibh sé mar aidhm leis soláthar amhábhar criticiúil a áirithiú, tá an togra seo comhsheasmhach le straitéisí Eorpacha maidir le hamhábhair chriticiúla a bhí ann roimhe seo. Ar an gcéad dul síos, tógann an Rialachán seo ar an measúnú criticiúlachta, a nuashonraítear gach 3 bliana ó thionscnamh 2008, lenar soláthraíodh faisnéis maidir le hamhábhair chriticiúla agus spleáchais an Aontais orthu. Ar an dara dul síos, comhlánaítear agus treisítear leis tionscnaimh a tháinig i ndiaidh an phlean gníomhaíochta 2020. Soláthraítear creat leis freisin chun tacú le tionscadail feadh an tslabhra luacha amhábhar criticiúil, ag tógáil ar obair Chomhghuaillíocht Amhábhar an Aontais. Tógtar an togra freisin ar phrionsabail an Aontais maidir le hamhábhair inbhuanaithe lena bhféachtar tuiscint na mBallstát ar eastóscadh agus ar phróiseáil inbhuanaithe a ailíniú.

Ina theannta sin, i gcomhréir le plean gníomhaíochta 2021 maidir le sineirgí idir na tionscail shibhialta, chosanta agus spáis, tá faireachlann teicneolaíochtaí criticiúla á bunú ag an gCoimisiún. Déanfar an fhaireachlann teicneolaíochtaí criticiúla, a bhfeidhmeanna ionchasacha agus a slabhraí luacha agus soláthair gaolmhara a shainaithint don earnáil shibhialtach, earnáil na cosanta agus don earnáil spáis agus déanfaidh sí faireachán agus measúnú orthu , lena n-áirítear spleáchais straitéiseacha agus leochaileacht.

Ina theannta sin, rinne an Coimisiún staidéar Fadbhreathnaitheachta ina ndéantar measúnú ar riachtanais an Aontais Eorpaigh amach anseo maidir le hamhábhair chriticiúla agus maidir leis na baic a d'fhéadfadh a bheith ar an slabhra soláthair i bpríomhtheicneolaíochtaí agus príomhearnálacha straitéiseacha. Tuartar sa tuarascáil méadú gan fasach ar an éileamh ar na príomhábhair atá riachtanach chun dhá aistriú rathúla a dhéanamh chuig cláir oibre um chosaint agus um aeraspás an Aontais.

Tá an togra seo ag teacht le reachtaíocht eile maidir le hamhábhair chriticiúla. Mar shampla, tá sé comhsheasmhach leis an Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta[2], lena gceanglaítear ar allmhaireoirí stáin, tantalaim, tungstain agus óir (3TG) beartais um dhícheall cuí lena dtugtar aghaidh ar thionchair chearta an duine a bhaineann le coinbhleachtaí armtha agus cearta saothair feadh a slabhra luacha a chur ar bun agus a chur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I bhfianaise go bhfuil amhábhair chriticiúla in go leor slabhraí luacha tionsclaíocha agus i bhfianaise saintréithe céimeanna éagsúla de shlabhra luacha amhábhar criticiúil amhail eastóscadh, próiseáil nó athchúrsáil, tá roinnt sraitheanna de bheartais Eorpach agus de reachtaíochta Eorpach ábhartha.

Ar an gcéad dul síos, clúdaítear i reachtaíocht um chomhshaol an Aontais na nósanna imeachta maidir le ceadanna a fháil do thionscadail amhábhar, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla, ar fud an tslabhra luacha ar fad. Beidh feidhm ag an Rialachán atá beartaithe gan dochar do reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint an dúlra, lena n-áirítear Treoir 2011/92/AE[3] maidir leis an Measúnacht Tionchair Timpeallachta, Treoir 2010/75/AE[4] maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha, Treoir 92/43/CEE[5] maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú agus Treoir 2009/147/CE[6] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le héin fhiáine a chaomhnú, Treoir 2000/60/CE[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartas uisce[8]. Tá sé d'aidhm ag an togra seo nósanna imeachta

[2] Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017, lgh. 1–20).

[3] Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (códú) (IO L 26, 28.1.2012, lgh. 1–21)

[4] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119)

[5] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Fána agus Flóra Fiáine a Chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7–50)

[6] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7–25)

[7] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1–73)

[8] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí), (IO L 164, 25.6.2008, lgh. 19–40)

náisiúnta ceada a dhéanamh níos cuíchóirithe agus níos intuartha lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh tionscadail reachtaíocht an Aontais lena gcosnófar an dúlra gan an bonn a bhaint ó chur i bhfeidhm éifeachtach a fhorálacha.

Ar an dara dul síos, rialaítear le creat dramhaíola an Aontais Eorpaigh bailiú, laghdú, athchúrsáil agus cóireáil dramhaíola, lena n-áirítear sruthanna dramhaíola ina bhfuil amhábhair chriticiúla. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Dramhaíl Eastóscadh[9] ar aon oibreoir atá freagrach as dramhaíl eastóscach a bhainistiú (i.e. an dramhaíl a ghintear trí oibríochtaí mianadóireachta) cead a fháil. Comhlánófar é sin leis an togra seo trína cheangal ar oibreoirí (le haghaidh saoráidí dramhaíola atá á bhfeidhmiú faoi láthair) agus ar Bhallstáit (le haghaidh saoráidí dramhaíola atá dúnta agus tréigthe) anailís a dhéanamh ar acmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil i ndramhaíl eastóscach. Dírítear sa Chreat-Treoir Dramhaíola[10] ar dhramhaíl go ginearálta agus cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola, ag díriú go háirithe ar tháirgí ina bhfuil amhábhair chriticiúla. Leis an Treoir maidir le Trealamh Dramhaíola Leictreach agus Leictreonach[11] leagtar síos rialacha chun ullmhú d'athúsáid, d'athchúrsáil agus do chineálacha eile aisghabhála dramhaíola ó threalamh leictreach agus leictreonach a chur chun cinn, chun cur le húsáid éifeachtúil acmhainní agus le haisghabháil amhábhar tánaisteacha, lena n-áirítear amhábhair chriticiúla. Tá athbhreithniú comhpháirteach á dhéanamh ar an Treoir maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite 2000/53/CE[12], i gcomhar le Treoir 2005/64/CE[13] maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca lena n-ath-inúsáidteacht, lena n-athchúrsáilteacht agus lena n-in-aisghabhálacht, arb é is aidhm dó dramhaíl ó fheithiclí a bhfuil a ré caite agus a gcomhpháirteanna a laghdú agus ciorclaíocht gnáthfheithiclí agus feithiclí leictreacha a mhéadú, ina bhfuil méideanna suntasacha amhábhar criticiúil. Comhlánófar leis an tionscnamh reachtach a bheidh bunaithe ar an athbhreithniú sin na ceanglais chothrománacha in-athchúrsáilteachta a chuimsítear sa Rialachán seo trí cheanglais níos sonraí a thabhairt isteach chun in-athchúrsáilteacht buanmhaighnéad i bhfeithiclí a fheabhsú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca iad a chóireáil agus a athchúrsáil.

Sa tríú háit, maidir le haicmiú na guaise arna soláthar le Rialachán 1272/2008/CE maidir le haicmiú, lipéadú[14] agus pacáistiú substaintí agus meascán agus na mbeart maolaithe riosca arna soláthar le Rialachán 1907/2006/CE[15] maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus

---

9 Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE - Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 102, 11.4.2006, lgh. 15–34)

10 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe( IO L 312, 22.11.2008, lgh. 3–30)

11 Treoir 2012/19/AE an 4 Iúil 2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (athmhúnlú) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE (IO L 197, 24.7.2012, lgh. 38–71)

12 Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2000 maidir le feithiclí a bhfuil a ré caite - Ráitis ón gCoimisiún (IO L 269, 21.10.2000, lgh. 34–43)

13 Treoir 2005/64/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le Cineálcheadú Mótarfheithiclí i dtaca lena nInúsáidteacht, lena nAthchúrsáilteacht agus lena nIn-aisghábháilteacht agus lena Leasaítear (Treoir 70/156/CEE ón gComhairle)

14 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lgh. 1–1355)

15 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006, maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (IO L 396, 30.12.2006, lgh. 1–850)

Srianadh Ceimiceán (REACH), feidhmíonn sé chun sábháilteacht ceimiceán agus táirgí ina bhfuil ceimiceáin san Aontas a áirithiú, rud atá thar a bheith ábhartha maidir le hamhábhair chriticiúla. I ndáil leis sin, i Straitéis ceimiceán an Aontais[16] um an inbhuanaitheacht leagtar síos na gníomhaíochtaí is gá chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar bhealach níos fearr mar chuid de chur chuige uaillmhianach i leith timpeallacht saor ó thocsainí a mhéid a bhaineann le sábháilteacht ceimiceán, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Áirítear leis sin rioscaí a laghdú agus na ceimiceáin is guaisí i dtáirgí tomhaltóirí agus gairmiúla a ionadú. Lena chois sin, aithnítear sa Straitéis gur gá cead a thabhairt na ceimiceáin is díobhálaí sin a úsáid nuair atá sé sin riachtanach don tsochaí. Beidh feidhm aige sin freisin i mórán cásanna maidir le húsáid amhábhar criticiúil.

Ar an gceathrú dul síos, mar gheall go bhfuil hamhábhair chriticiúla in go leor slabhraí luacha tionsclaíochta agus mar gheall ar shaintréithe na gcéimeanna éagsúla den slabhra luacha amhábhar ríthábhachtach, teastaíonn cumas an duine, lena n-áirítear trí lucht oibre leordhóthanach oilte a áirithiú chun tacú leis an tionscal. Ráthaítear é sin go mór mór trí phoist a chosaint agus trí phoist nua cáilíochta a chruthú chun freastal ar riachtanais an lucht saothair san earnáil ag gach céim de na slabhraí luacha tionsclaíochta, atá ríthábhachtach chun aistriú glas cóir a áirithiú agus chun slándáil agus soláthar amhábhar criticiúil a áirithiú, chomh maith le hiomaíochas na hearnála a áirithiú. I gcomhréir le cuspóirí an phlean REPowerEU agus an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022[17] maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, tugtar treoir chuimsitheach beartais a mhéid a bhaineann le beartais a cheapadh chun cosaint post a áirithiú, lena n-áirítear dálaí oibre agus pá, chomh maith le tacú le cruthú post ar ardchaighdeán sna héiceachórais thionsclaíocha agus sna slabhraí luacha, lena n-áirítear trí thacaíocht d’uas-sciliú agus d’athsciliú an lucht oibre chun teacht le riachtanais an mhargaidh saothair earnála, agus trí chomhairliúchán leis na comhpháirtithe sóisialta trí idirphlé sóisialta.

Ar deireadh, tá an tionscnamh seo comhsheasmhach freisin leis an méid seo a leanas:

– Treoir 2007/2/CE[18] lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE), arb é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh bonneagair sonraí spásúla na mBallstát comhoiriúnach agus inúsáidte i gcomhthéacs Eorpach agus i gcomhthéacs trasteorann; agus
– Rialachán (AE) 2020/852[19] maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú.

I gcomhthéacs ionstraimí idirnáisiúnta, tá an togra seo ag teacht leis an méid seo a leanas:

– oibleagáidí trádála idirnáisiúnta an Aontais agus comhbheartas tráchtála an Aontais. Áirítear sa Teachtaireacht a ghabhann leis an rialachán seo bearta chun soláthar seachtrach amhábhar criticiúil an Aontais a neartú agus a éagsúlú ó fhoinsí idirnáisiúnta gan an bonn a bhaint de rialacha trádála agus den iomaíocht idirnáisiúnta;

[16] COM/2020/667 final
[17] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04 (IO C 243, 27.6.2022, lgh. 35–51)
[18] Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d’Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lgh. 1–14)
[19] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (PE/20/2020/INIT)

– beartas nuashonraithe an Aontais maidir leis an Artach, a foilsíodh in 2021, arb é is aidhm dó cuidiú leis an Artach a chaomhnú mar réigiún ina bhfuil comhar síochánta, dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide, agus tacú le forbairt inbhuanaithe réigiún an Artaigh chun leas phobal an Artaigh, go háirithe an Pobal Dúchasach, agus na nglúnta atá le teacht;

– An Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir Global Gateway, go háirithe a mhéid a bhaineann lena Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha le tríú tíortha a sheoladh.

– Beidh ról iomlán ag an Ardionadaí agus comhoibreoidh sé chun comhsheasmhacht a áirithiú idir gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh agus a chuid beartas eile.

Áiritheofar leis an Rialachán freisin comhsheasmhacht le tograí leanúnacha eile:

– Tá an Rialachán ag teacht leis an Rialachán maidir le Ceallraí[20], lena n-áirítear forálacha sonracha maidir le hamhábhair chriticiúla i gceallraí a chuirtear ar an margadh aonair, agus is é is aidhm don Rialachán cur le cumas an Aontais na hábhair sin a sholáthar agus faisnéis maidir lena lorg comhshaoil a dhéanamh níos trédhearcaí agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil nuair a chuirfear ar mhargadh aonair an Aontais iad. Leanann sé sin cur chuige comhchosúil maidir le húsáid de réir a chéile na n-oibleagáidí um loirg chomhshaoil.

– Comhlánaítear leis an Rialachán an togra le haghaidh Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach (CSDD)[21]. D’fhéadfadh sé go gcumhdófaí leis an togra i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach cuideachtaí a úsáideann amhábhair chriticiúla, lena n-áiritheofar go dtugtar aghaidh go leordhóthanach leo ar chearta an duine agus ar an tionchar díobhálach ar an gcomhshaol ina n-oibríochtaí féin agus ina slabhraí luacha féin, ach ní fhorbraítear leis an togra an ceanglas faisnéis a thabhairt maidir le lorg na n-amhábhar criticiúil ar an gcomhshaol. I gcás inarb ábhartha, d’fhéadfadh ríomh lorg comhshaoil gach ábhair faoin Rialachán maidir le hAmhábhair Chriticiúla a bheith ina gcuidiú le beartas um dhícheall cuí a chur chun feidhme go héifeachtach.

– Trí acmhainneacht agus ullmhacht thionscal na hEorpa a threisiú maidir le hamhábhair chriticiúla, comhlánaítear leis an Rialachán an Ionstraim Éigeandála don Mhargadh Aonair, lena gceadaítear don Choimisiún, i modh airdill nó i modh éigeandála, bearta spriocdhírithe a ghníomhachtú i gcás ina dtiocfadh bagairt ar sholáthar earraí straitéiseacha chun cinn nó dtarlódh suaitheadh ar sholáthar earraí straitéiseacha, agus d’fhéadfadh amhábhair chriticiúla a bheith i gceist leis sin.

– Áirithítear leis an Rialachán freisin gur féidir le monaróirí príomhtheicneolaíochtaí a dtacaítear leo sa Ghníomh um Shliseanna nó sa Ghníomh um an Tionscal Glan-nialasachta brath ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil.

---

20 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 (COM (2020) 798 final).

21 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937, (COM/2022/71 final)

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é bunús dlí an Rialacháin seo Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gceadaítear do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle bearta a dhéanamh chun an margadh aonair a bhunú agus chun dea-fheidhmiú an mhargaidh sin a áirithiú.

Tá sé beartaithe leis an Rialachán soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú don Aontas Eorpach. Gan iarrachtaí den sórt sin, is dócha go gcruthófar le treochtaí reatha soláthair agus éilimh riosca tromchúiseach agus struchtúrach maidir suaitheadh soláthair réimse amhábhar criticiúil. Ós rud é go bhfuil siad sin fíor-riachtanach d'fheidhmiú na n-earnálacha straitéiseacha éagsúla, ní mór aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh féideartha soláthair lena n-áiritheofar go mbeidh margaí na hEorpa cobhsaí i gcónaí. Ba dhócha go gcuirfí tús le hiarrachtaí aontaobhacha ar an leibhéal náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar a n-iarmhairtí le tús suaite soláthair, agus leis na ganntanais ghaolmhara agus leis an luaineacht ghaolmhar i bpraghsanna. Cé go bhfuil údar leo i bprionsabal, d'fhéadfaí an iomaíocht a shaobhadh agus srianta a chruthú laistigh den Aontas ar shaorghluaiseacht earraí le hiarrachtaí den sórt sin mura gcomhordófar iad.

Trí bhearta comhordaithe a thabhairt isteach chun laghdú struchtúrach a dhéanamh ar an dóchúlacht go mbeidh suaitheadh soláthair ann, lena n-áirítear bearta chun an soláthar intíre a neartú agus chun faireachán a dhéanamh ar an riosca agus ar an ullmhacht, cuirfidh an tionscnamh sin le dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair a áirithiú:

- leagadh síos leis cuspóirí coiteanna agus sainmhíniú comhroinnte ar amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha;
- bunaítear leis cur chuige coiteann agus comhsheasmhach maidir le cumais Eorpacha amhábhair chriticiúil a mhéadú trí thacaíocht do Thionscadail Straitéiseacha a sholáthar agus a chomhordú, agus ar an tslí sin cuidiú le saobhadh féideartha ar iomaíocht agus ilroinnt an mhargaidh a d'fhéadfadh teacht as gníomhaíochtaí tacaíochta neamh-chomhordaithe a chosc agus cuidiú le cothroime iomaíochta a chaomhnú do chuideachtaí amhábhar atá gníomhach ar an margadh inmheánach;
- tugtar isteach bearta faireacháin riosca agus bearta ullmhachta leis, rud a áirithíonn go mbeidh rochtain ag cuideachtaí ar fhaisnéis faireacháin riosca den chineál céanna ar fud an mhargaidh inmheánaigh agus go bhfuil mbeidh bearta comhchuibhithe ullmhachta ar fáil dóibh;
- comhchuibhítear leis na ceanglais maidir le táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil buanmhaighnéid (maidir le hin-athchúrsáileacht agus le cion athchúrsáilte na maighnéad) agus táirgí ina bhfuil amhábhair chriticiúla (maidir le dearbhú a loirg comhshaoil), agus ar an gcaoi sin cuirtear cosc le srianta laistigh den Aontas agus cuidítear le saorghluaiseacht earraí a áirithiú

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl sé de chumas ag na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh go héifeachtach leo féin. Ar an gcéad dul síos, ní bheadh méadú ar acmhainn amhábhar criticiúil éifeachtúil ar an leibhéal náisiúnta de bharr, mar shampla, an easpa tarluithe geolaíocha i mBallstáit aonair, scála na n-infheistíochtaí a theastaíonn agus na barainneachtaí substaintiúla scála a theastaíonn chun bheith iomaíoch ar an margadh amhábhar domhanda. Ar an dara dul síos, in éagmais comhordú agus comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun an faireachán ar rioscaí soláthair agus ar ullmhacht i leith riosca a mhéadú, is dócha go ndéanfar iarrachtaí a dhúbailt agus bheadh neamhéifeachtaí mar thoradh air sin. Leis an gcreat atá beartaithe, ba

cheart go mbeifí ábalta cúraimí a roinnt ar bhealach níos éifeachtúla agus faisnéis ábhartha a chomhiomlánú agus a roinnt.

Ní bheadh na bearta a áirítear sa Rialachán seo chomh héifeachtach céanna dá gcuirfeadh na Ballstáit atá ag gníomhú ina n-aonar chun feidhme iad, toisc go mbaineann na fadhbanna lena dtugtar aghaidh orthu leis an margadh aonair ina iomláine. Níl siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát ach baineann siad le bonn tionsclaíoch an Aontais ina iomláine. Ina theannta sin, ní dócha go mbeidh cur chuige ar leibhéal na mBallstát amháin leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le slabhraí soláthair atá fite fuaite go mór laistigh den mhargadh aonair.

Is iad na húdaráis sna Ballstáit amháin atá, agus a bheidh, freagrach as ceadanna a dheonú i gcomhair Tionscadal Straitéiseach, faoi réir na rialacha nós imeachta a leagtar amach sa togra seo. Dá bhrí sin, beidh na Ballstáit ábalta cosc a chur ar stádas straitéiseach a dheonú do thionscadal a chuirfí chun feidhme ar a chríoch.

- **Comhréireacht**

Ní théann na bearta atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun soláthar amhábhar criticiúil a áirithiú. Baineann breisluach inléirithe le gníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá:

– Díríonn na bearta ar Thionscadail Straitéiseacha ar amhábhair straitéiseacha lena áirithiú go soláthrófar leis an Rialachán laistigh dá raon feidhme na hábhair is mó a theastaíonn chun cuspóirí an Aontais maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach chomh maith le hathléimneacht agus slándáil mhéadaithe.

– Tá na bearta maidir le taiscéalaíocht comhréireach le méid chríoch gach Ballstáit, agus bheadh na Ballstáit fós ábalta cur leis na beartais taiscéalaíochta atá acu cheana. Tá gá leis na cláir náisiúnta taiscéalaíochta, áfach, chun forbairt an tslabhra luacha amhábhar criticiúil a chothú.

– Áirítear leis na bearta a mholtar athbhreithniú agus teagmháil leis na Ballstáit ar bhonn rialta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na forálacha i dtaca le faireachán agus rialachas.

– Faoi na bearta maidir le faireachán, cuirtear an fhreagracht ar na Ballstáit as príomhoibreoirí margaidh a shainaithint agus as faireachán a dhéanamh orthu. Tá an t-ualach ar chuideachtaí faisnéis a sholáthar teoranta toisc nach ngabhann sé ach cuideachtaí móra atá gníomhach in eastóscadh, scagadh nó athchúrsáil amhábhar criticiúla.

– Déantar na bearta chun dul i ngleic le hullmhacht i leith riosca do chuideachtaí a theorannú d'fhothacar de chuideachtaí móra a mhonaraíonn teicneolaíochtaí straitéiseacha ina bhfuil SRManna agus tá siad teoranta d'iniúchtaí inmheánacha ar a slabhraí soláthair.

– Ní fhorchuirtear leis na bearta maidir le hinbhuanaitheacht ceanglais atá thar a bhfuil riachtanach chun forbairt an mhargaidh le haghaidh amhábhair thánaisteacha a dhreasú nó chun breis trédhearcachta faisnéise maidir le lorg comhshaoil amhábhar criticiúil a áirithiú, trí chur chuige de réir a chéile agus bunaithe ar fhianaise.

- **Rogha na hionstraime dlí**

Meastar gurb é rialachán an ionstraim is iomchuí toisc gur féidir ceanglais a leagan síos leis a bhaineann go díreach le húdaráis náisiúnta agus le hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

Cuideoidh sé sin lena áirithiú go gcuirfear na ceanglais chun feidhme ar bhealach tráthúil agus comhchuibhithe, rud a mbeidh níos mó deimhneachta dlíthiúla mar thoradh air.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinne an Coimisiún próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le páirtithe leasmhara i ndiaidh straitéis chomhairliúcháin d'fhonn faisnéis iontaofa a bhailiú trí úsáid a bhaint as réimse modhanna, páirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo agus uirlisí. Bhí sé d'aidhm ag an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara an fhianaise ábhartha go léir a bhailiú agus a mheasúnú, lena n-áirítear sonraí agus faisnéis maidir le costais, tairbhí agus tionchar sochaíoch a d'fhéadfadh a bheith ag cinneadh beartais. Dearadh an straitéis i gcomhréir le loighic na hidirghabhála, ag díriú ar chúiseanna na faidhbe a dteastaíonn gníomhaíocht ina leith agus na saintréithe a shainaithnítear do shlabhra luacha amhábhar criticiúil an Aontais.

Lean an Coimisiún an straitéis chomhairliúcháin trí ghníomhaíochtaí iomadúla a reáchtáil: comhairliúchán oscailte ar líne arna eagrú ag AS um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna idir an 30 Meán Fómhair agus an 25 Samhain 2022, glao ar fhianaise le haghaidh measúnú tionchair oscailte le haghaidh aiseolais le linn na tréimhse céanna agus ceistneoir spriocdhírithe ar 'stoc-charnadh amhábhar' agus ar 'ceadú' sna Ballstáit AE arna roinnt leis an sainghrúpa, 'Grúpa Soláthair Amhábhar'. Fuair an Coimisiún 259 bhfreagra ar an gcomhairliúchán poiblí agus cheangail 52 fhreagróir páipéar beartais leis. Bhailigh an Coimisiún 310 freagra ar an nglao ar fhianaise freisin. Tugtar achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí sa tuarascáil achomair fhíorasach a foilsíodh leis na freagraí ar an nglao ar fhianaise ar an tairseach 'Cloisimis uait'.

Ar an iomlán, dheimhnigh na páirtithe leasmhara na buntáistí a bhaineann le tionscnaimh leanúnacha faoi phlean gníomhaíochta 2020 an Aontais Eorpaigh maidir le hamhábhair chriticiúla chun soláthar amhábhar criticiúil a áirithiú, go háirithe trí na Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha maidir le hamhábhair. Chuir siad i dtábhacht, áfach, nach bhfuil dóthain feabhais curtha ar chumais intíre an Aontais agus ar athléimneacht an tionscail i leith riosca soláthair. Fuair an Coimisiún tacaíocht leathan don smaoineamh tionscnamh a mholadh d'fhonn rochtain shlán inbhuanaithe ar amhábhair chriticiúla a áirithiú agus athléimneacht agus ullmhacht na hEorpa á bhfeabhsú trí aghaidh a thabhairt ar leochaileacht sa slabhra soláthair. Maidir le leochaileacht sa slabhra soláthair, léiríodh leis na n-ionchuir a fuarthas roinnt easnaimh struchtúrtha lena gcuirtear cosc ar thionscail eastóscach tionscadail a fhorbairt san Aontas. Chun freagairt do na dúshláin sin, leag siad béim ar an tábhacht a bhaineann le Tionscadail Straitéiseacha a reáchtáil sna céimeanna eastósctha, próiseála agus athchúrsála chun slabhra luacha an Aontais Eorpaigh in amhábhair chriticiúla a fhorbairt.

Ina gcuid freagraí, dhírigh gnólachtaí agus gnóthais ar chostais nós imeachta agus riaracháin agus d'éiligh siad gníomhaíocht chun nósanna imeachta um chead a chuíchóiriú agus chun rochtain ar mhaoiniú a éascú. Léirigh eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) agus

saoránaigh imní faoi thionchair chomhshaoil agus shóisialta na dtionscadal eastósctha agus próiseála nach bhfuil cosaintí comhshaoil agus sóisialta iomchuí leo.

D’aontaigh na páirtithe leasmhara leis an ngá le cothroime iomaíochta inbhuanaithe a chruthú do shlabhra luacha an Aontais Eorpaigh in amhábhair chriticiúla. Chuir eagraíochtaí neamhrialtasacha in iúl an tábhacht a bhaineann le lorg amhábhar an Aontas ar an gcomhshaol a laghdú agus úsáid níos éifeachtúla acmhainní á cur chun cinn agus gníomhaíochtaí nach bhfuil chomh díobhálach sin don chomhshaol á bhforbairt. D’éiligh na páirtithe leasmhara cur chuige níos comhleanúnaí agus níos comhordaithe freisin maidir leis na dúshláin a bhaineann le hamhábhair chriticiúla a fhoinsiú, go háirithe trí dhlús a chur le faireachán, fadbhreathnaitheacht agus trí bhearta ullmhachta riosca níos comhbheartaithe a dhéanamh. Mar sin féin, bhí tuairimí éagsúla ag grúpaí páirtithe leasmhara maidir leis an gcineál gníomhaíochta is fearr a theastaigh.

Ar an iomlán, chomhaontaigh na páirtithe leasmhara go ginearálta nach mbeadh gníomhaíocht na mBallstát ar an leibhéal náisiúnta leordhóthanach chun dul i ngleic le leochaileacht chriticiúil soláthair amhábhar mar gheall ar a gcastacht, a ndoiléire agus a ngné thrasnáisiúnta, agus d’fháiltigh siad roimh ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais maidir leis an gceist sin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

De réir na dTreoirlínte um Rialáil Níos Fearr, tá an togra rialála seo bunaithe ar mheasúnú tionchair lena ndéantar anailís ar an bhfadhb agus ar na fo-fhadhbanna a bhaineann le heaspa soláthair shlán agus inbhuanaithe an Aontais chuig amhábhair chriticiúla. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchair roghanna beartais féideartha chun aghaidh a thabhairt ar spreagthaí fadhbanna agus déantar measúnú ar a dtionchair dhóchúla. Dearadh an measúnú tionchair chun teacht le comhairliúchán le Grúpa Stiúrtha Idirsheirbhíse an Choimisiúin maidir le hamhábhair chriticiúla.

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála (RSB) tuairim dhiúltach ar an measúnú tionchair an 20 Eanáir 2023. Mhol an Bord an méid seo a leanas:

– an comhthéacs polaitiúil a bhaineann leis an tionscnamh a shoiléiriú agus an dóigh a rachfar i gcion ar thionscnaimh chomhthreomhara agus ar bhearnaí rialála leis an tionscnamh atá le teacht;

– míniú níos fearr a thabhairt ar an tsraith cuspóirí ginearálta agus sonracha, ar a n-amlínte, ar an dóigh a n-idirghníomhaíonn siad agus ar na samhlacha a úsáidtear chun rath a thomhas;

– feabhas a chur ar bhonnlíne, ar chomhdhéanamh agus ar amlíne na roghanna beartais agus

– feabhas a chur ar an measúnú ar phríomhthionchair.

Nuair a cuireadh an measúnú tionchair athbhreithnithe isteach arís, d’eisigh an Bord tuairim dhearfach an 16 Feabhra 2023, ach bhí cúpla rud nach raibh siad go hiomlán sásta leo .

Tá an measúnú tionchair bunaithe ar shraith de cholúin bheartais lena dtéitear i ngleic leis an bhfadhb a sainaithníodh agus a bhfuil sé mar aidhm acu cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach. Leagtar amach ann trí rogha beartais do gach colún bunaithe ar an raon feidhme, ar leibhéal na n-acmhainní, ar éifeachtúlacht agus ar chomhleanúnachas chomh maith leis na

sineirgí a cruthaíodh agus ar phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta. Tríd is trí, tá raon ag na roghanna beartais ó rogha 1 (an rogha is gaire don chás gnó mar is gnách) go rogha 3 (cur chuige níos fairsinge lena n -áirítear bearta a théann thar an gcreat rialála reatha ach atá laistigh de theorainneacha an mhéid atá indéanta go teicniúil).

Déantar foráil i **rogha beartais 1** maidir le sásra chun spriocanna a leagan síos maidir le hamhábhair straitéiseacha. Cuimsítear inti struchtúr rialachais faoi bhord tiomnaithe amhábhar criticiúil an Aontais agus é tacaithe ag líonra gníomhaireachtaí náisiúnta agus acmhainn oibríochtúil laistigh den Choimisiún. Méadóidh an t-eintiteas sin an cumas faireacháin, d'éascódh sé comhordú stoic straitéiseacha an Aontais agus d'áiritheodh sé go mbeadh cuideachtaí níos ullmhaithe sula dtarlódh suaitheadh soláthair. Tá eilimintí ann chun tacú leis an slabhra luacha, go sonrach trí níos mó comhordaithe le linn na céime taiscéalaíochta, tacaíocht níos mó do thionscadail náisiúnta le haghaidh amhábhair chriticiúla agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú. Maidir le ciorclaíocht, déantar foráil inti maidir le moladh lena ndírítear ar earraí leictreonaice beaga tomhaltóirí agus ar fhógairt beart amach anseo. Déantar foráil inti maidir le gníomhaíocht níos mó ón Aontas i dtaca le caighdeáin idirnáisiúnta a leagan síos, chomh maith le híoscheanglais le haghaidh scéimeanna deimhniúcháin maidir le hinbhuanaitheacht amhábhar criticiúil agus ceanglais faisnéise maidir le lorg comhshaoil amhábhar criticiúil a chuirtear ar mhargadh an Aontais.

Baineann an sásra rialachais agus na cúraimí céanna le **rogha beartais 2** agus a bhaineann le rogha 1 maidir le faireachán, stoic straitéiseacha agus ullmhacht do rioscaí. Déantar tuilleadh inti chun an slabhra luacha san Aontais a fheabhsú trí oibleagáidí níos láidre a fhorbairt maidir le taiscéalaíocht agus trí Thionscadail Straitéiseacha a chur chun feidhme feadh an tslabhra luacha amhábhar straitéiseach. Bhainfeadh na tionscadail seo tairbhe as cead cuíchóirithe agus rochtain chomhordaithe ar mhaoiniú. Áirítear ar na bearta chun borradh a chur faoin gciorclaíocht leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar an Treoir maidir le Dramhaíl Eastóscach. Áirítear le bearta maidir le caighdeáin táirgí insoláthartha caighdeánaithe breise a fhorbairt le haghaidh próisis thionsclaíocha agus cuimsítear forbairt fhorásach tairseacha le haghaidh amhábhair chriticiúla sna bearta maidir le lorg an chomhshaoil, ar choinníoll go léireofar le measúnú sonrach nach rachadh sé sin i gcion ar shlándáil an tsoláthair.

Forbraítear le **rogha beartais 3** acmhainn sheachtrach i gcomhthéacs rialachais, rud a fhágann gur féidir bearta uaillmhianacha a mholadh maidir le stoic straitéiseacha, faireachán agus ullmhacht rioscaí. Tógann sí freisin ar choincheap na dTionscadal Straitéiseach, a bhainfeadh tairbhe as tacaíocht bhreise um cheadú trí acmhainní tiomnaithe ó Bhallstáit agus ón gCiste Eorpach amhábhar criticiúil. Cosúil le rogha 2, tá na bearta maidir le ciorclaíocht, caighdeáin agus lorg comhshaoil inti.

Tríd is tríd, is í rogha beartais 2 an rogha ab fhearr toisc go bhfaightear tacaíocht ina leith ó pháirtithe leasmhara agus ó na Ballstáit, go gcuirtear teorainn léi ar an ualach breise d'institiúidí, go bhfuil costas íseal go maith ag baint léi agus go gcuireann sí leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a bhaint amach. Soláthraítear léi breisluach soiléir d'fheidhmiú an mhargaidh aonair agus tá tionchar dearfach eacnamaíoch aici ar tháirgeoirí amhábhar criticiúil agus ar earnálacha iartheachtacha trí athléimneacht thionsclaíoch a fhorbairt agus trí shlabhra luacha amhábhar criticiúil an Aontais a threisiú. Le rogha beartais 3 bhainfí cuspóirí áirithe amach ar bhealach níos éifeachtaí (go háirithe a mhéid a bhaineann leis na colúin maidir le faireachán agus rochtain ar mhaoiniú) ach níorbh fhéidir í a chur chun feidhme i bhfianaise na srianta buiséadacha reatha.

**Difríochtaí i gcomparáid leis an rogha tosaíochta sa mheasúnú tionchair**

Tá bearta sa Rialachán nach ndéantar measúnú orthu sa mheasúnú tionchair, mar atá:

– Bearta maidir le ceannach comhpháirteach amhábhar straitéiseach. Bhí na bearta sin ina gcuid de rogha beartais 3 maidir le stoic straitéiseacha ach rinneadh anailís orthu ina dhiaidh sin mar bhearta atá indéanta faoi rogha beartais 2 fiú gan creat sonrach stoc-charntha. Bearta maidir le hin-athchúrsáilteacht agus maidir le cion athchúrsáilte maighnéad tearc-chré. Ní raibh sonraí faoi na bearta sin sa mheasúnú tionchair ach tugtar aghaidh leo ar chuid lárnach den fhadhb a thuairiscítear ann, go háirithe an chúis leis an bhfadhb lena mínítear conas nach ndírítear go dóthanach ar théarnamh amhábhar criticiúil i reachtaíocht dramhaíola an Aontais Eorpaigh. Bhailigh an Coimisiún fianaise bhreise ó shaineolaithe, ó mheithleacha machnaimh agus ó lucht tionscail chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin chiorclaíochta a bhaineann le maighnéid agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta. Ceanglaítear leis freisin forálacha a chur isteach maidir le comhlíonadh agus maidir le toimhde na comhréireachta chun forbairt na gcaighdeán riachtanach a chumasú.

– Bearta maidir le comhoibriú ar Chomhpháirtíochtaí Straitéiseacha. Ós rud é gur neartaíodh gné idirnáisiúnta an mheasúnaithe tionchair, mar a mhol an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála, measadh gurbh iomchuí é beart a chur leis lena gcuirfí i dtábhacht an gá atá le comhar agus le comhlántacht maidir le Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha an Aontais maidir le hamhábhair le tríú tíortha, lena n-áirítear a gcomhleanúnachas le comhar déthaobhach na mBallstát le tríú tíortha ábhartha, agus na gníomhaíochtaí a fógraíodh sa Teachtaireacht a ghabhann leo á gcomhlánú.

– Áiríodh bearta maidir le tástálacha struis na slabhraí luacha i rogha beartais 3 ach tá siad sa Rialachán agus raon feidhme níos spriocdhírithe leo, agus ní dhírítear iad ach ar amhábhair straitéiseacha. Táthar ag súil go bhféadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit araon na cúraimí a bhaineann lena gcur chun feidhme a roinnt, agus ar an dóigh sin an t-ualach riaracháin a theorannú.

Tá na bearta nua sin fós laistigh de chreat foriomlán na n-ábhar a ndearnadh anailís orthu sa mheasúnú tionchair agus ní athraítear an chomparáid idir na roghanna, nó an rogha ab fhearr go suntasach leo.

Tá bearta sa rialachán beartaithe freisin a ndearnadh measúnú orthu sa mheasúnú tionchair ach tá siad difriúil maidir lena gcur chun feidhme, mar atá:

– Comhtháthaítear leis an togra na bearta maidir le dramhaíl eastóscach atá beartaithe sa mheasúnú tionchair go díreach sa Rialachán seachas trí leasú spriocdhírithe ar an Treoir maidir le Dramhaíl Eastóscach, lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm iad níos luaithe agus ar bhonn níos dírí.

– Comhtháthaítear go díreach sa Rialachán leis bearta maidir le bailiú dramhaíola leictreonaí agus táirgí agus comhpháirteanna eile ina bhfuil mórán amhábhar criticiúil a mhéadú, rud a réamh-mheastar mar Mholadh ón gCoimisiún sa mheasúnú tionchair. Tá an moladh sin le fógairt sa Teachtaireacht a ghabhann leis, mar aon le liosta de bhearta ciorclaíochta eile, de réir mar atá beartaithe. Is é is cuspóir dó treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme na mbeart a cheanglaítear faoin Rialachán, ag tráth níos déanaí.

– Áiríodh leis an rogha ab fhearr sa mheasúnú tionchair bearta lena n-éilítear go mbunófar éilimh inbhuanaitheachta ar scéimeanna deimhniúcháin aitheanta ach go gcuirfear chun feidhme iad gan tagairt d'éilimh inbhuanaitheachta. Beidh na héilimh sin faoi réir reachtaíocht chothrománach, mar a fógraíodh i dtionscnamh an Choimisiúin um maíomhanna glasa. Cuimsítear sa togra foráil trínar féidir leis an gCoimisiún scéimeanna deimhniúcháin maidir le hinbhuanaitheacht tionscadal

amhábhar criticiúil a aithint. Le rannpháirtíocht i gceann de na scéimeanna sin cuirfear bealach soiléir agus éifeachtúil ar fáil do thionscnóirí tionscadail chun comhlíonadh an chritéir chun bheith ina Thionscadal Straitéiseach a bhaineann le hinbhuanaitheacht a fhianú.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bheartaítear leis an togra seo aon ualach rialála breise suntasach.

Tá na costais riaracháin do ghnólachtaí a mbeidh feidhm dhíreach acu leis an Rialachán seo teoranta. Baineann siad, ar an gcéad dul síos, leis na hoibleagáidí tuairiscithe do shraith theoranta cuideachtaí móra atá ag feidhmiú sa slabhra luacha amhábhar criticiúil, agus tá tuairisciú fós deonach do chuideachtaí eile. Is dócha go ndéanfar na costais a thabhófar a fhritháireamh don na cuideachtaí céanna a bhainfidh tairbhe, faoi choinníollacha áirithe (e.g., a dtionscadail a bheith lipéadaithe mar thionscadail straitéiseacha) ó ghnóthachain éifeachtúlachta ó oibleagáidí cuíchóirithe um cheadú. Tabhóidh líon teoranta cuideachtaí móra a mhonaraíonn teicneolaíochtaí straitéiseacha a bhfuil amhábhair straitéiseacha acu costais chun iniúchadh a dhéanamh.

Na costais riaracháin a bhaineann leis na staidéir is gá chun an lorg bunúsach comhshaoil a ríomh, is costais iad freisin a dtugtar cuntas orthu sa rialachán, agus chaithfí na costais sin a fhritháireamh le tionscnaimh eile.

Meastar leis an measúnú costais freisin na costais a bhaineann le láithreáin mhianadóireachta atá ann cheana maidir le tuilleadh faisnéise a thuairisciú. Ós rud é gur dócha go gcruthófar leis an eolas a sholáthrófar leis an bhfaisnéis sin ar shruthanna dramhaíola tuilleadh gníomhaíocht eacnamaíoch trí aisghabháil, is dócha go ndéanfar na costais sin a fhritháireamh.

I gcás na mBallstát, is dócha go mbeidh na costais níos airde. Mar sin féin, cruthófar sineirgí níos airde agus forluí níos lú i ngníomhaíochtaí idir na Ballstáit leis an Rialachán. Ba cheart go gcuirfidh coigilteas féideartha ar fáil leis sin trí fheabhas a chur ar chomhordú, mar shampla i bhfaireachán agus i stoic straitéiseacha. Ní réamh-mheastar aon chostas do shaoránaigh leis an tionscnamh.

- **Cearta bunúsacha**

  Éilítear leis an togra go gcuirfear na Tionscadail Straitéiseacha a bhfaightear tacaíocht ina leith chun feidhme go hinbhuanaithe. Is éard atá i gceist le cur chun feidhme inbhuanaithe ná, chomh maith le bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, go gcaithfidh na tionscadail cearta an duine a leagtar amach in ionstraimí, treoirlínte agus prionsabail idirnáisiúnta a urramú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá impleachtaí buiséadacha ag an togra don Choimisiún. Go sonrach, agus nuair a bheidh sé ag feidhmiú go hiomlán, teastaíonn suas le 33 choibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana chun an rialachán agus na gníomhartha tarmligthe gaolmhara a chur chun feidhme thar thréimhse 2024-27 chreat airgeadais ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh.

Sa bhreis ar EUR 3.2 milliún arna chomhaireamh faoi Cheannteideal 1 chun réimse staidéar is gá chun an Rialachán a chur chun feidhme a dhéanamh, éilítear leis gealltanais ar línte buiséid atá ann cheana, arb ionann é agus EUR 14.969 milliún i gCeannteideal 7 (Caiteachas Riaracháin). Cumhdófar na gealltanais nua sna clúdaigh bhuiséadacha na gclár ábhartha atá ann cheana. Baineann na himpleachtaí buiséid go príomha leis an obair atá beartaithe a dhéanamh chun:

- dréachtghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear:
  - gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann le Tionscadal Straitéiseach a chur i bhfeidhm agus tuarascáil bhliantúil ina leith; cláir ghinearálta taiscéalaíochta; ullmhacht riosca cuideachtaí; lena sonraítear na táirgí a bhfuil a ré caite agus na sruthanna dramhaíola a bhfuil méideanna ábhartha d'amhábhair chriticiúla iontu; agus
  - gníomhartha tarmligthe a bhaineann leis an sainmhíniú ar amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha; cion athchúrsáilte táirgí ina bhfuil buanmhaighnéid; cóid chustaim do tháirgí ina bhfuil buanmhaighnéid; agus na rialacha maidir le ríomh agus fíorú agus na haicmí feidhmíochta don lorg comhshaoil;
- rúnaíocht a sholáthar don Bhord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla;
- riar staidéar agus conarthaí a láimhseáil;
- cúraimí faireacháin, bailithe sonraí agus cúraimí measúnaithe riosca a dhéanamh, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas: faireachán ar an margadh agus tuairisciú ar amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha agus measúnú ar a gcriticiúlacht;
- faisnéis ó na Ballstáit a chomhordú;
- forfheidhmiú oibleagáidí na mBallstát maidir le bearta ciorclaíochta a áirithiú, lena n-áirítear na bearta maidir le dramhaíl eastóscach;
- oiriúnacht an mhodha maidir le lorg comhshaoil a mheasúnú, modhanna ríomha a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart;
- gníomhaíochtaí maidir le caighdeánú a fhorfheidhmiú agus iarratais ar chaighdeánú a ullmhú;
- gníomhaíochtaí taiscéalaíochta náisiúnta a chomhordú;
- comhordú a dhéanamh ar fhaisnéis na mBallstát maidir le stoic straitéiseacha agus maidir le forbairt treorach nuair is féidir;
- tacaíocht agus tuairisciú leanúnach a sholáthar do na Tionscadail Straitéiseacha, go háirithe maidir le próisis cheadú, agus tacaíocht a sholáthar don phróiseas roghnúcháin.

Ó thaobh riachtanais foirne de, d'fhéach an Coimisiún go cúramach ar bhealaí chun an obair a chomhroinnt idir Ard-Stiúrthóireachtaí, baill foirne a ath-leithdháileadh nuair is féidir agus tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a sheachfhoinsiú chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ullmhú agus le haghaidh cúraimí leathana. Is léir, áfach, le hardleibhéal uaillmhéine na mbeart agus leis an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le hamhábhair chriticiúla go dteastaíonn cur chuige struchtúrtha chun cumas an Aontais Eorpaigh gníomhú i leith na ceiste sin a fhorbairt.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chomhleanúnachas, ar thorthaí, ar thionchair, ar chomhréireacht agus ar choimhdeacht an togra seo 5 bliana i ndiaidh an dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

Cuirfear príomhthorthaí na meastóireachta i láthair i dtuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, agus cuirfear an tuarascáil sin ar fáil don phobal.

Chun an mheastóireacht a dhéanamh, soláthróidh an Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla, na Ballstáit agus na húdaráis inniúla náisiúnta faisnéis don Choimisiún nuair a iarrfaidh sé sin. Áireofar leis sin go háirithe, faisnéis faoin dul chun cinn maidir le tagarmharc do chumas an Aontais Eorpaigh ar fud chéimeanna an tslabhra luacha a bhaint amach agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí faireacháin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha sa togra**

I **gCaibidil I** den Rialachán tugtar breac-chuntas ar na forálacha ginearálta agus cuimsítear na sainmhínithe inti. Sonraítear sa Rialachán gurb é an cuspóir ginearálta go ndéanfar rochtain an Aontais Eorpaigh ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú trí dhíriú ar cheithre chuspóir shonracha: cumais an Aontais feadh chéimeanna éagsúla an tslabhra luacha a neartú, allmhairí amhábhar an Aontais a éagsúlú, feabhas a chur ar na cumais faireacháin agus maolaithe riosca agus margadh aonair a fheidhmíonn go maith a áirithiú agus inbhuanaitheacht agus ciorclaíocht amhábhar criticiúil á bhfeabhsú. Leagtar síos leis na tagarmharcanna chun dul chun cinn ar an gcéad dá chuspóir ar a ndéantar tuairisciú anseo a neartú.

I **gCaibidil II**, leagtar amach liostaí d’amhábhair chriticiúla agus straitéiseacha, nach mór athbhreithniú a dhéanamh orthu gach 4 bliana ar a laghad, agus úsáid á baint as na modheolaíochtaí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II. Leagtar síos sna liostaí sin raon feidhme na mbeart éagsúil.

Déanann an Coimisiún measúnú ar níos mó ná 80 ábhar a úsáidtear i ngeilleagar an Aontais maidir lena riosca soláthair agus lena dtábhacht eacnamaíoch bunaithe ar mheánsonraí don tréimhse iomlán 5 bliana is déanaí. Déantar an riosca soláthair a chinneadh trí chomhchruinniú soláthair domhanda agus AE, trí spleáchas ar allmhairí an Aontais, trí ábhair thánaisteacha a ionchur, agus trí inionadaitheacht theicniúil. Ríomhtar an tábhacht eacnamaíoch de réir sciar na húsáide in earnálacha ar leibhéal dhá dhigit NACE 2 agus a mbreisluach, agus an inionadaitheacht eacnamaíoch á cur san áireamh. Tugtar amhábhair chriticiúla mar sin ar na hamhábhair a théann thar na tairseacha.

Aithnítear sa mhodheolaíocht dea-aitheanta sin dúshláin a bhaineann le slabhraí soláthair i ngeilleagar iomlán an Aontais. Tá gá le cur chuige comhlántach, áfach, chun a áirithiú go dtabharfar léargas níos dinimiciúla ar forbairtí atá measta ar an éileamh agus ar an soláthar domhanda. Ba cheart go sainaithneofaí leis na hamhábhair a theastaíonn chun an dá aistriú agus na cuspóirí um chosaint agus um aeraspás de chuid an Aontais a bhaint amach, agus ba cheart go ndéanfaí anailís leis ar na dúshláin agus ar na príomhspleáchais amach anseo maidir le soláthar na n-amhábhar sin.

Déantar gach amhábhar a scagtar laistigh den mheasúnú ar a chriticiúlacht a mhapáil de réir a n-úsáide agus a thábhachtaí atá na teicneolaíochtaí a thacaíonn leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus leis na cuspóirí um chosaint agus um aerspás. Chun an scóipeáil cháilíochtúil sin a dhéanamh, braitheadh san anailís ar Spleáchais Ábhair le haghaidh Teicneolaíochtaí Dé-Úsáide a Bhaineann le hEarnáil Cosanta na hEorpa’[22] in 2019, ar ‘Amhábhair Chriticiúla le haghaidh Teicneolaíochtaí agus Earnálacha Straitéiseacha –

[22] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC117729

Staidéar Fadbhreathnaitheachta'[23], ar 'Staidéar ar athléimneacht na slabhraí soláthair criticiúla maidir le slándáil fuinnimh agus aistriú fuinnimh ghlain le linn ghéarchéim COVID-19 agus ina diaidh'[24] in 2020, agus ar 'Anailís ar Shlabhraí Soláthair agus Réamhaisnéis ar Éileamh Ábhar i dTeicneolaíochtaí agus Earnálacha Straitéiseacha san Aontas – Staidéar Fadbhreathnaitheachta'[25] in 2023. Cuirtear san áireamh san anailís sin freisin obair eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha ar nós IEA[26], ECFE[27] agus foinsí sonraí eile.

Má bhaineann fíorthábhacht leis an amhábhar do theicneolaíocht, cuirtear tosca breise san áireamh, bunaithe ar chur chuige leathchainníochtúil a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an rialachán seo. Lena mheas an bhféadfadh bearna a bheith sa soláthar agus má tá, sainaithneofar a mhéid, réamh-mheastacháin éilimh i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin, chomh fada agus atá siad iontaofa agus ar fáil, agus an t-éileamh réamh-mheasta i gcomparáid leis an soláthar reatha, don Aontas agus ar fud an domhain araon. Chun measúnú a dhéanamh ar an dóigh a mbeadh táirgeadh an amhábhair ábalta freagairt do chomharthaí an mhargaidh, cuirtear cúltacaí aitheanta i gcomparáid le méid táirgthe dhomhanda reatha an amhábhair. Déantar an méid táirgthe dhomhanda a chainníochtú go logartamach freisin, toisc go bhfuil sé níos deacra méideanna móra táirgthe a mhéadú de réir a chéile. Mar thoradh ar na breithnithe sin, moltar liosta na n-amhábhar straitéiseach a thugtar isteach in Iarscríbhinn 1.

I **gCaibidil III** leagtar amach an creat chun slabhra luacha amhábhar straitéiseach an Aontais a neartú trí Thionscadail Straitéiseacha a roghnú agus a chur chun feidhme, tionscadail a bheidh incháilithe do phróisis chuíchóirithe um cheada agus do rochtain éascaithe ar dheiseanna maoiniúcháin, a fheabhsófar trí chomhordú níos fearr freisin.

Leagtar amach i Roinn 1 na rialacha lena rialaítear roghnú agus cur chun feidhme Tionscadal Straitéiseach, lena n-áirítear na critéir maidir le haitheantas a fháil mar Thionscadal Straitéiseach, na nósanna imeachta maidir lena n-aitheantas agus lena gcur chun feidhme.

I Roinn 2 leagtar amach próisis chuíchóirithe um cheada do thionscadail amhábhar criticiúil agus go háirithe Tionscadail Straitéiseacha.

Is é is aidhm do Roinn 3 coinníollacha cumasúcháin a chur ar fáil le haghaidh Tionscadail Straitéiseacha, lena n-áirítear tacaíocht ó na Ballstáit chun cur chun feidhme na dTionscadal sin a luathú, tacaíocht airgeadais a chomhordú agus comhaontuithe ceannaigh a éascú.

Leagtar amach i Roinn 4 forálacha chun cláir ghinearálta taiscéalaíochta a fhorbairt san Eoraip chun forbairt tionscadal taiscéalaíochta agus eastósctha a éascú.

Forbraítear i **gCaibidil IV** sásra chun faireachán comhordaithe a dhéanamh ar shlabhraí soláthair na n-amhábhar criticiúil agus soláthraítear inti bearta chun rioscaí soláthair a mhaolú. Leagtar amach inti creat chun faireachán córasach a dhéanamh ar rioscaí soláthair na n-amhábhar criticiúla ag céimeanna éagsúla de na slabhraí luacha. Leagtar amach inti freisin creat le haghaidh maolú riosca trí stoic straitéiseacha le haghaidh amhábhair straitéiseacha a chomhordú, trína cheangal ar allmhaireoirí móra agus ar mhonaróirí iniúchadh rialta a dhéanamh ar a slabhraí soláthair, agus trí cheannach comhpháirteach amhábhar straitéiseach a éascú.

[23] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/42881
[24] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/b80d77b6-2a3b-11ec-bd8e-01aa75ed71a1/language-en/format-PDF/source-search
[25] tbc
[26] https://www.iea.org/reports/the-role-of-critical-minerals-in-clean-energy-transitions/mineral-requirements-for-clean-energy-transitions
[27] https://www.oecd.org/environment/global-material-resources-outlook-to-2060-9789264307452-en.htm

Tá forálacha i **gCaibidil V** maidir le ciorclaíocht na margaí amhábhar criticiúil a fhorbairt agus chun lorg comhshaoil na n-amhábhar criticiúil a ísliú.

Leagtar amach i Roinn 1 rialacha do na Ballstáit chun bearta maidir le ciorclaíocht a ghlacadh agus a chur chun feidhme, go háirithe maidir le sruthanna dramhaíola lena mbaineann ard-acmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil, agus do na Ballstáit agus d'oibreoirí dramhaíola eastóscaí chun measúnú a dhéanamh ar an deis amhábhair chriticiúla a aisghabháil ó láithreáin dramhaíola eastóscaí. Feabhsaítear léi freisin ciorclaíocht buanmhaighnéad trí fhaisnéis a éileamh maidir le cineál agus comhdhéanamh buanmhaighnéad a ionchorpraítear i dtáirgí agus maidir lena gcion amhábhar criticiúil athchúrsáilte. Déantar foráil inti, i ndiaidh measúnú tiomnaithe, maidir le tairseacha íosta de chion athchúrsáilte a thabhairt isteach.

I Roinn 2 leagtar amach rialacha chun go dtabharfaidh an Coimisiún aitheantas do scéimeanna deimhniúcháin a bhaineann le hinbhuanaitheacht amhábhar criticiúil. Tá forálacha ann freisin maidir le lorg comhshaoil nó amhábhair chriticiúla a chuirtear ar mhargadh an Aontais a dhearbhú.

Tá rialacha i Roinn 3 maidir le saorghluaiseacht, comhréireacht agus faireachas margaidh a bhaineann le táirgí ina n-ionchorpraítear buanmhaighnéid agus amhábhair chriticiúla nach mór an lorg comhshaoil ina leith a dhearbhú.

Soláthraítear le **Caibidil VI** creat le haghaidh comhair maidir le Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha le tríú tíortha a bhaineann le hamhábhair agus chun sineirgí níos fearr a bhaint amach idir Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha agus comhar na mBallstát le tríú tíortha ábhartha.

Cuirtear ar bun le **Caibidil VII** Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla atá comhdhéanta d'ionadaithe ardleibhéil ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún, a bheidh ina chathaoirleach ar an mBord. Soláthróidh an Bord comhairle don Choimisiún agus cuideoidh sé le comhordú, comhar agus malartú faisnéise chun tacú le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

Is caibidlí iad **Caibidil VIII** agus **IX** a bhfuil airteagail iontu maidir le gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme agus maidir leis na leasuithe a dhéantar ar reachtaíocht eile.

Cuimsítear i **gCaibidil X** airteagail maidir le pionóis, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán. Bunaítear leis freisin tuairisciú coiteann do na Ballstáit a bhaineann le bearta éagsúla agus tá mír ann lena n-áirithítear go láimhseáiltear faisnéis rúnda a bhailítear faoin Rialachán seo ar bhealach comhsheasmhach.

Leagtar amach in **Iarscríbhinn I** liosta na n-amhábhar straitéiseach agus an mhodheolaíocht chun iad a roghnú.

Leagtar amach in **Iarscríbhinn II** an liosta d'amhábhair chriticiúla agus an mhodheolaíocht chun iad a roghnú.

Déantar foráil le **hIarscríbhinn III** do ghnéithe atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh critéar ag tionscadal amhábhar maidir le haitheantas a fháil mar Thionscadal Straitéiseach.

Sonraítear in **Iarscríbhinn IV** na critéir atá le comhlíonadh maidir le scéim deimhniúcháin aitheanta.

Leagtar amach in **Iarscríbhinn V** an ghné atá le cur san áireamh agus rialacha maidir le ríomh agus fíorú maidir le lorg comhshaoil amhábhar criticiúil á sainiú.

Soláthraítear liosta in **Iarscríbhinn VI** de chóid Ainmníochta Comhcheangailte agus de thuairiscí táirge a chomhfhreagraíonn do na táirgí a chumhdaítear faoi na ceanglais maidir le ciorclaíocht bhuanmhaighnéad.

2023/0079 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[28],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá rochtain ar amhábhair fíor-riachtanach do gheilleagar an Aontais agus d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Tá sraith amhábhar neamhfhuinnimh neamhthalmhaíochta ann a mheastar a bheith ríthábhachtach, mar gheall ar a mórthábhacht eacnamaíoch agus mar gheall ar a neamhchosaint ar ardriosca soláthair, go minic mar gheall ar chomhchruinniú ard soláthair ó roinnt tríú tíortha. I bhfianaise an phríomhróil atá ag go leor amhábhair chriticiúla den sórt sin maidir leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach, agus i bhfianaise a n-úsáide le haghaidh feidhmeanna cosanta agus spáis, tiocfaidh méadú as cuimse ar an éileamh sna blianta amach romhainn. Ag an am céanna, tá an riosca go mbeidh suaitheadh soláthair ann ag méadú i gcoinne an chúlra de theannas geopholaitiúil agus iomaíocht acmhainní a bheith ag dul i méid. Chomh maith leis sin, mura ndéantar é a bhainistiú i gceart, d'fhéadfadh tionchair dhiúltacha chomhshaoil agus shóisialta a bheith mar thoradh ar éileamh méadaithe ar amhábhair chriticiúla. Ag féachaint do na treochtaí sin, is gá bearta a ghlacadh chun rochtain ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú chun athléimneacht eacnamaíoch agus uathriail straitéiseach oscailte an Aontais a chosaint.

(2) I bhfianaise chastacht agus shaintréith thrasnáisiúnta na slabhraí luacha amhábhar criticiúil, tá an-seans ann go ndéanfar iomaíocht a shaobhadh agus an margadh inmheánach a ilroinnt le bearta náisiúnta neamh-chomhordaithe chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú. Dá bhrí sin, chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, ba cheart creat coiteann de chuid an Aontais a chruthú chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar an dúshlán lárnach sin.

[28] IO C , , lch. .

(3) Ar an gcéad dul síos, chun rochtain éifeachtach an Aontais ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú, ba cheart a áireamh sa chreat sin bearta chun rioscaí soláthair an Aontais atá ag méadú a laghdú trí chumais an Aontais feadh na gcéimeanna uile sa slabhra luacha amhábhar straitéiseach a neartú, lena n-áirítear eastóscadh, próiseáil agus athchúrsáil, i dtreo tagarmharcanna arna sainiú do gach amhábhar straitéiseach. Ar an dara dul síos, ós rud é go mbeidh an tAontas ag brath i gcónaí ar allmhairí, ba cheart a áireamh sa chreat sin bearta chun éagsúlú soláthairtí seachtracha amhábhar straitéiseach a mhéadú. Ar an tríú dul síos, is gá bearta a sholáthar chun cumas an Aontais a neartú maidir le faireachán a dhéanamh ar na rioscaí soláthair atá ann anois agus cinn a bheidh ann amach anseo agus iad a mhaolú. Ar an gceathrú dul síos, ba cheart bearta a bheith sa chreat chun ciorclaíocht agus inbhuanaitheacht na n-amhábhar criticiúil a úsáidtear san Aontas a mhéadú.

(4) Lena áirithiú go ndíreofar na bearta a leagtar amach sa Rialachán ar na hábhair is ábhartha, ba cheart liosta d'amhábhair straitéiseacha agus liosta d'amhábhair chriticiúla a bhunú. Ba cheart na liostaí sin a úsáid freisin chun iarrachtaí na mBallstát a threorú agus a chomhordú chun cuidiú le haidhmeanna an Rialacháin seo a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh amhábhair a bhfuil ardtábhacht straitéiseach ag baint leo bheith ar liosta na n-amhábhar straitéiseach, ag cur san áireamh a n-úsáid i dteicneolaíochtaí straitéiseacha atá mar bhonn faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach nó le haghaidh feidhmeanna cosanta nó spáis, arb iad is saintréithe dóibh bearna shuntasach a d'fhéadfadh a bheith ann idir soláthar domhanda agus éileamh réamh-mheasta, agus a bhfuil sé sách deacair táirgeadh a mhéadú ina leith, mar shampla, de bharr tréimhsí tionscanta fada le haghaidh tionscadail nua lena méadaítear an acmhainn soláthair. Chun athruithe teicneolaíocha agus eacnamaíocha féideartha a chur san áireamh, ba cheart athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar liosta na n-ábhar straitéiseach agus, más gá, é a thabhairt cothrom le dáta. Lena áirithiú gur ar na hábhair is mó a bhfuil gá leo a ndíreofar iarrachtaí acmhainneachtaí an Aontais a mhéadú feadh an tslabhra luacha, cumas an Aontais chun faireachán a dhéanamh ar rioscaí soláthair agus iad a mhaolú a neartú agus éagsúlú an tsoláthair a mhéadú, níor cheart feidhm a bheith ag na bearta ábhartha ach amháin maidir leis an liosta d'amhábhair straitéiseacha.

(5) Ba cheart go mbeadh sa liosta d'amhábhair chriticiúla na hamhábhair straitéiseacha go léir chomh maith le haon amhábhar eile a bhfuil ardtábhacht ag baint leo do gheilleagar foriomlán an Aontais agus lena mbaineann baol mór go mbeidh suaitheadh soláthair ann. Chun athruithe teicneolaíocha agus eacnamaíocha féideartha a chur san áireamh, ba cheart don Choimisiún, ag leanúint an cleachtas reatha dó, measúnú a dhéanamh go tréimhsiúil bunaithe ar shonraí maidir le táirgeadh, trádáil, feidhmeanna, athchúrsáil agus ionadú le haghaidh réimse leathan amhábhar chun liostaí na n-amhábhar criticiúil agus straitéiseach a thabhairt cothrom le dáta agus a bheidh ag teacht leis an bhforbairt ar an tábhacht eacnamaíoch agus an riosca soláthair a bhaineann leis na hamhábhair sin. Ba cheart go n-áireofaí sa liosta d'amhábhair chriticiúla na hamhábhair sin lena sroichtear nó lena sáraítear na tairseacha maidir le tábhacht eacnamaíoch agus riosca soláthair araon, gan na hamhábhair ábhartha a rangú de réir criticiúlachta. Ba cheart go mbeadh an measúnú sin bunaithe ar mheán na sonraí is déanaí a bheidh ar fáil thar thréimhse 5 bliana. Na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo a bhaineann le hionad ilfhreastail maidir le gach amhábhar criticiúil maidir le ceadú, pleanáil, taiscéalaíocht, faireachán, ciorclaíocht agus inbhuanaitheacht, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir le gach amhábhar criticiúil.

(6) Chun cumais an Aontais a neartú feadh an tslabhra luacha amhábhar straitéiseach, ba cheart tagarmharcanna a shocrú chun iarrachtaí a threorú agus an dul chun cinn a rianú. Ba cheart go bhféachfaí le cumais a mhéadú do gach amhábhar straitéiseach ag gach céim den slabhra luacha, agus é mar aidhm tagarmharcanna foriomlána acmhainneachta a bhaint amach maidir le heastóscadh, próiseáil agus athchúrsáil amhábhar straitéiseach. Ar an gcéad dul síos, ba cheart don Aontas úsáid as a acmhainní geolaíocha féin d'amhábhair straitéiseacha a mhéadú agus acmhainn a fhorbairt ionas gur féidir leis na hábhair is gá a bhaint amach chun 10 % ar a laghad de thomhaltas amhábhar straitéiseach an Aontais a tháirgeadh. Ag cuimhneamh go mbraitheann an acmhainneacht eastósctha go mór ar acmhainní geolaíocha an Aontais a bheith ar fáil, braitheann baint amach an tagarmhairc sin ar an infhaighteacht sin. Ar an dara dul síos, chun slabhra luacha iomlán a chruthú agus cosc a chur ar aon bhac ag na céimeanna idirmheánacha, ba cheart don Aontas a chumas próiseála a mhéadú ar feadh an tslabhra luacha agus a bheith ábalta 40 % ar a laghad dá thomhaltas bliantúil amhábhar straitéiseach a tháirgeadh. Ar an tríú dul síos, táthar ag súil gur féidir sciar atá ag méadú de thomhaltas amhábhar straitéiseach an Aontais a chumhdach le hamhábhair thánaisteacha sna blianta amach romhainn, rud a chuirfeadh feabhas ar shlándáil agus ar inbhuanaitheacht sholáthar amhábhair an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh acmhainn athchúrsála an Aontais 15 % ar a laghad de thomhaltas bliantúil amhábhair straitéiseacha an Aontais a tháirgeadh. Tagraíonn na tagarmharcanna sin do thréimhse ama 2030, i gcomhréir le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais arna leagan síos faoi Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] agus na spriocanna digiteacha faoin Deacáid Dhigiteach[30], a bhfuil siad mar bhonn fúthu. Ina theannta sin, le poist ardchaighdeáin, lena n-áirítear forbairt scileanna agus aistriú ó phost go post, tabharfar aghaidh ar na rioscaí sa mhargadh saothair earnála agus cuideoidh siad le hiomaíochas an Aontais a áirithiú.

(7) Maidir le roinnt amhábhar, braitheann an tAontas go hiomlán, nach mór, ar aon tír amháin dá sholáthar. Baineann baol ard go mbeidh suaitheadh soláthair ann le spleáchais den sórt sin. Chun riosca féideartha dá leithéid a theorannú agus chun athléimneacht eacnamaíoch an Aontais a mhéadú, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh lena áirithiú, nach mbeidh sé ag brath, faoi 2030, ar aon tríú tír amháin le haghaidh níos mó ná 65 % dá sholáthar d'aon amhábhar straitéiseach, neamhphróiseáilte agus ag aon chéim den phróiseáil, agus aird ar leith á tabhairt, áfach, ar thíortha a bhfuil Comhpháirtíocht Straitéiseach bunaithe ag an Aontas leo maidir le hamhábhair as a n-eascraíonn dearbhuithe níos mó maidir le rioscaí soláthair.

(8) Is gá bearta iomchuí a chur ar bun chun tacú le Tionscadail Straitéiseacha arb é is aidhm dóibh amhábhair straitéiseacha a eastóscadh, a phróiseáil nó a athchúrsáil san Aontas, ar cheart dóibh, mar aon le hiarrachtaí na mBallstát, cur le méadú ar chumais i dtreo na dtagarmharcanna. Ba cheart go mbeadh bearta eile, go háirithe maidir le taiscéalaíocht nó ciorclaíocht, ina gcuidiú le céimeanna éagsúla den slabhra luacha a threisiú freisin agus ar an dóigh sin go mbeadh siad ina gcuidiú leis na tagarmharcanna a bhaint amach. Lena áirithiú go gcomhlíonfar na tagarmharcanna in am, ba cheart

29 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

30 Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lgh. 4–26)

don Choimisiún, le cuidiú ón mBord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla ('an Bord'), an dul chun cinn maidir leis na tagarmharcanna a rianú agus a thuairisciú. I gcás nach leor an dul chun cinn a thuairiscítear i dtreo na dtagarmharcanna go ginearálta, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar indéantacht agus comhréireacht na mbeart breise. I bprionsabal, níor cheart go spreagfadh easpa dul chun cinn ar shraith amháin nó ar shraith bheag amhábhar straitéiseach an gá atá le hiarrachtaí breise ón Aontas.

(9) Chun cumais a fhorbairt san Aontas, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ón mBord, Tionscadail Straitéiseacha a shainaithint san Aontas a bhfuil sé beartaithe go mbeidh siad gníomhach maidir le heastóscadh, próiseáil nó athchúrsáil amhábhar straitéiseach. Le tacaíocht éifeachtach i gcomhair Tionscadail Straitéiseacha, d'fhéadfaí feabhas a chur ar rochtain ar ábhair d'earnálacha iartheachtacha chomh maith le deiseanna eacnamaíocha a chruthú feadh an tslabhra luacha, lena n-áirítear do FBManna, agus d'fhéadfaí cur le cruthú fostaíochta. Dá bhrí sin, chun forbairt Tionscadal Straitéiseach ar fud an Aontais a áirithiú, ba cheart do thionscadail den sórt sin tairbhe a bhaint as nósanna imeachta cuíchóirithe agus intuartha maidir le ceadanna agus tacaíocht chun rochtain a fháil ar mhaoiniú. Chun tacaíocht a dhíriú agus a mbreisluach a áirithiú, ba cheart tionscadail a mheasúnú, sula dtabharfar tacaíocht den sórt sin ina leith, i gcomhréir le sraith critéar. Le Tionscadail Straitéiseacha san Aontas, ba cheart go neartófaí slándáil soláthair an Aontais le haghaidh amhábhair straitéiseacha, go léireofaí indéantacht theicniúil leordhóthanach agus go gcuirfí chun feidhme iad ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ón taobh sóisialta de. Ba cheart go soláthrófaí sochair trasteorann lasmuigh den Bhallstát lena mbaineann leo freisin. I gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar na critéir sin atá le comhlíonadh, ba cheart dó an t-aitheantas mar Thionscadal Straitéiseach a fhoilsiú i gcinneadh. Ós rud é go bhfuil aitheantas gasta ríthábhachtach chun tacú go héifeachtach le slándáil soláthair an Aontais, ba cheart go gcoinneofaí an próiseas measúnaithe éadrom agus nach mbeadh sé ródheacair.

(10) Chun soláthar an Aontais d'amhábhair straitéiseacha a éagsúlú, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ón mBord, Tionscadail Straitéiseacha a shainaithint i dtríú tíortha a bhfuil sé beartaithe go mbeidh siad gníomhach maidir le heastóscadh, próiseáil nó athchúrsáil amhábhar straitéiseach.. Lena áirithiú go gcuirfear na Tionscadail Straitéiseacha sin chun feidhme go héifeachtach, ba cheart go mbainfeadh siad tairbhe as rochtain fheabhsaithe ar mhaoiniú. Chun a mbreisluach a áirithiú, ba cheart tionscadail a mheasúnú i gcomhréir le sraith critéar. Amhail Tionscadail Straitéiseacha i dtríú tíortha, ba cheart go neartófaí slándáil soláthair an Aontais le haghaidh amhábhair straitéiseacha, go léireofaí indéantacht theicniúil leordhóthanach agus go gcuirfí chun feidhme go hinbhuanaithe iad. Maidir le tionscadail i margaí atá ag teacht chun cinn agus i ngeilleagair atá i mbéal forbartha, ba cheart go rachadh an tionscadal chun tairbhe an Aontais agus an tríú tír lena mbaineann araon agus go gcuirfeadh sé luach leis sa tír sin, agus a chomhsheasmhacht maidir le comhbheartas tráchtála an Aontais á cur san áireamh freisin. Féadfar luach den sórt sin a fháil ó chion an tionscadail le níos mó ná céim amháin den slabhra luacha agus ó thairbhí eacnamaíocha agus sóisialta níos leithne a chruthú tríd an tionscadal, lena n-áirítear poist a chruthú i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. I gcás ina ndéanann an Coimisiún measúnú ar na critéir sin atá le comhlíonadh, ba cheart dó an t-aitheantas mar Thionscadal Straitéiseach a fhoilsiú i gcinneadh.

(11) Chun inbhuanaitheacht an mhéadaithe ar tháirgeadh amhábhar a áirithiú, ba cheart tionscadail amhábhar nua a chur chun feidhme go hinbhuanaithe. Chun na críche sin,

ba cheart measúnú a dhéanamh ar na Tionscadail Straitéiseacha a fhaigheann tacaíocht faoin Rialachán seo agus ionstraimí idirnáisiúnta á gcur san áireamh lena gcumhdaítear gach gné den inbhuanaitheacht a chuirtear i dtábhacht i bprionsabail an Aontais maidir le hamhábhair inbhuanaithe[31], lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, cleachtais atá freagrach go sóisialta a áirithiú, lena n-áirítear meas ar chearta an duine amhail cearta na mban, agus cleachtais ghnó thrédhearcacha. Ba cheart rannpháirtíocht de mheon macánta chomh maith le comhairliúcháin chuimsitheacha fhiúntacha le pobail áitiúla, lena n-áirítear le pobail dhúchasacha, a áirithiú leis na tionscadail freisin. Chun bealach soiléir agus éifeachtúil a sholáthar do thionscnóirí tionscadail chun an critéar sin a chomhlíonadh, ba cheart a mheas gur leor comhlíonadh reachtaíocht ábhartha an Aontais, caighdeáin idirnáisiúnta, treoirlínte agus prionsabail nó rannpháirtíocht i scéim deimhniúcháin a aithnítear faoin Rialachán seo.

(12) Ba cheart aon tionscnóir tionscadail straitéiseach amhábhar a bheith ábalta iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún chun aitheantas a fháil dá thionscadail mar Thionscadal Straitéiseach. Ba cheart go gcuimseofaí san iarratas roinnt doiciméad agus fianaise a bhaineann leis na critéir. Chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar inmharthanacht shóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch, ar indéantacht an tionscadail chomh maith leis an leibhéal muiníne sna meastacháin, ba cheart don tionscnóir tionscadail aicmiú an tionscadail a sholáthar de réir Chreat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe maidir le hAcmhainní, agus chun bailíochtú oibiachtúil a éascú, ba cheart dóibh tacú leis an aicmiú sin le fianaise ábhartha. Ba cheart tráthchlár don tionscadal a chur i gceangal le hiarratas freisin, chun a mheas cathain a bheadh an tionscadal ábalta cur leis na tagarmharcanna maidir le hacmhainn intíre nó maidir le héagsúlú. Ós rud é go bhfuil glacadh an phobail le tionscadail mhianadóireachta ríthábhachtach dá gcur chun feidhme éifeachtach, ba cheart don tionscnóir plean a sholáthar freisin ina mbeadh bearta chun glacadh an phobail a éascú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chomhpháirtithe sóisialta, ar an tsochaí shibhialta agus ar ghníomhairí maoirseachta eile. Ba cheart don tionscnóir plean gnó a sholáthar freisin ina dtabharfar faisnéis maidir le hinmharthanacht airgeadais an tionscadail agus ina dtabharfar forléargas ar chomhaontuithe maoiniúcháin agus ceannaigh atá faighte cheana féin chomh maith le meastacháin ar chruthú féideartha post agus ar riachtanais an tionscadail i gcomhthéacs lucht saothair oilte, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú.

(13) Lena áirithiú go ndéileálfar go héifeachtach agus go héifeachtúil le hiarratais, ba cheart don Choimisiún a bheith ábalta tús áite a thabhairt do phróiseáil na n-iarratas ar thionscadail a bhaineann le céimeanna sonracha sa slabhra luacha le hamhábhair straitéiseacha atá faoi ghannionadaíocht, lena áirithiú go ndéanfar dul chun cinn cothrom an Aontais i dtreo gach tagarmhairc le haghaidh acmhainn an Aontais atá sa Rialachán seo.

(14) Mar go bhfuil gá le comhar ón mBallstát ar ar a chríoch a gcuirfear Tionscadal Straitéiseach chun feidhme lena chur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, ba cheart an ceart a bheith ag an mBallstát sin cur i gcoinne go dtabharfaí stádas Tionscadail Straitéisigh do thionscadal, ar an dóigh sin, an tionscadal sin a chosc. Má dhéanann sé amhlaidh, ba cheart don Bhallstát ábhartha údar réasúnaithe a thabhairt lena dhiúltú faoi threoir na gcritéar is infheidhme. Mar an gcéanna, níor cheart don Aontas

31 An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht um an Margadh Inmheánach, Tionsclaíocht, Fiontraíocht agus FBManna, prionsabail an Aontais maidir le hamhábhair inbhuanaithe, Oifig na bhFoilseachán, 2021, https://data.europa.eu/doi/10.2873/27875

stádas Tionscadail Straitéisigh a dheonú do thionscadail a chuirfidh tríú tír chun feidhme i gcoinne thoil a rialtais agus, dá bhrí sin, níor cheart dó déanamh amhlaidh i gcás ina gcuirfeadh rialtas tríú tír ina choinne.

(15) Chun mí-úsáid an aitheantais mar Thionscadal Straitéiseach a chosc, ba cheart don Choimisiún a bheith ábalta a chinneadh tosaigh a aisghairm maidir le haitheantas a thabhairt do thionscadal mar thionscadal straitéiseach mura gcomhlíonann sé na coinníollacha a thuilleadh nó má bhí an t-aitheantas bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart. Sula bhféadfaidh sé é sin a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis an mBord agus éisteacht leis an tionscnóir tionscadail.

(16) I bhfianaise a thábhachtaí atá siad maidir le slándáil an tsoláthair amhábhar straitéiseach a áirithiú, ba cheart a mheas go dtéann Tionscadail Straitéiseacha chun leas an phobail. Tá sé ríthábhachtach slándáil an tsoláthair amhábhar straitéiseach a áirithiú chun go n-éireoidh leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach chomh maith le hathléimneacht earnálacha na cosanta agus an spáis. Chun rannchuidiú le slándáil soláthair amhábhar straitéiseach san Aontas, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht i nósanna imeachta náisiúnta deonaithe ceadanna chun dlús a chur le Tionscadail Straitéiseacha a bhaint amach i gcomhréir le dlí an Aontais.

(17) Áirithítear le próisis náisiúnta deonaithe ceadanna go mbeidh tionscadail amhábhar sábháilte, slán agus go gcomhlíonann siad ceanglais chomhshaoil, shóisialta agus sábháilteachta. Le reachtaíocht chomhshaoil an Aontais, leagtar síos coinníollacha comhchoiteanna maidir le próiseas agus ábhar na bpróiseas deonaithe ceadanna náisiúnta, rud a áirithíonn ardleibhéal cosanta comhshaoil agus a éascaíonn saothrú inbhuanaithe acmhainneacht an Aontais feadh an tslabhra luacha amhábhar. Dá bhrí sin, ba cheart stádas an Tionscadail Straitéisigh a bheith gan dochar d'aon choinníoll is infheidhme maidir le ceadú na dtionscadal ábhartha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a leagtar amach i dTreoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32], i dTreoir 92/43/CEE[33] ón gComhairle, i dTreoir 2000/60/CE[34] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i dTreoir 2010/75/AE[35] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i dTreoir 2004/35/CE[36] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i dTreoir 2009/147/CE[37] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón

32 Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol (IO L 26, 28.1.2012, lgh. 1–21).

33 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lgh. 7-50).

34 Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, IO L 327, 22.12.2000, lgh. 1-73).

35 Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú), IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119.

36 [1] Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le dliteanas comhshaoil i ndáil le damáiste comhshaoil a chosc agus a leigheas (IO L 143, 30.4.2004, lgh. 56-75).

37 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7-25).

gComhairle, agus i dTreoir 2006/21/CE[38] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(18) Ag an am céanna, le hintuarthacht, castacht agus, uaireanta, fad iomarcach na bpróiseas náisiúnta deonaithe ceadanna, baintear an bonn den tslándáil infheistíochta is gá chun tionscadail amhábhar straitéiseach a fhorbairt go héifeachtach. Dá bhrí sin, lena gcur chun feidhme éifeachtach a áirithiú agus dlús a chur leis, ba cheart do na Ballstáit nós imeachta cuíchóirithe agus intuartha um cheada a chur i bhfeidhm maidir le Tionscadail Straitéiseacha. Chuige sin, ba cheart stádas tosaíochta ar an leibhéal náisiúnta a thabhairt do thionscadail leasa choitinn chun cóireáil mhear riaracháin agus cóireáil phráinneach a áirithiú i ngach nós imeachta breithiúnach nó réitithe díospóide a bhaineann leo. Níor cheart go gcuirfí cosc leis an Rialachán seo ar údaráis inniúla an ceadú a chuíchóiriú do thionscadail eile maidir leis an slabhra luacha amhábhar criticiúil nach Tionscadail Straitéiseacha iad.

(19) I bhfianaise a róil maidir le slándáil soláthair an Aontais le haghaidh amhábhair straitéiseacha a áirithiú, agus i bhfianaise a mhéid a chuireann siad le huathriail straitéiseach oscailte an Aontais agus leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, ba cheart don údarás ceadúcháin atá freagrach a mheas go dtéann Tionscadail Straitéiseacha chun leas an phobail. Tionscadail Straitéiseacha a bhfuil drochthionchar acu ar an gcomhshaol, a mhéid a thagann sé faoi raon feidhme Threoir 2000/60/CE, Threoir 92/43/CEE ón gComhairle agus Threoir 2009/147/CE[39] féadfar iad a údarú i gcás ina gcinnfidh an t-údarás ceadúcháin atá freagrach, bunaithe ar a mheasúnú de réir an cháis, go sáraíonn an leas poiblí ar a bhfreastalaíonn an tionscadal na tionchair sin, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha go léir a leagtar amach sna Treoracha sin. I gcás inarb ábhartha, ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú de réir an cháis sainiúlacht gheolaíoch na láithreán eastósctha, a chuireann srian ar chinntí maidir le suíomh.

(20) Chun an chastacht sa phróiseas ceadanna a laghdú agus chun an éifeachtúlacht agus an trédhearcacht ann a mhéadú, ba cheart go mbeadh thionscnóirí tionscadal a dhéanann tionscadail amhábhar criticiúil ábalta idirghníomhú le húdarás náisiúnta aonair atá freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna ina iomláine a éascú agus a chomhordú agus i gcás Tionscadail Straitéiseacha eiseoidh sé cinneadh cuimsitheach laistigh den teorainn ama is infheidhme. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta aonair a ainmniú. Más gá, i bhfianaise eagraíocht inmheánach Ballstáit, ba cheart go mbeifí ábalta cúraimí an údaráis inniúil náisiúnta a tharmligean chuig údarás eile, faoi réir na gcoinníollacha céanna. Chun cur chun feidhme éifeachtach a fhreagrachtaí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit pearsanra agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar dá n-údarás inniúil náisiúnta, nó d'aon údarás atá ag gníomhú thar a cheann.

(21) Chun soiléireacht a áirithiú maidir le stádas ceadaithe na dTionscadal Straitéiseach agus chun éifeachtacht mí-úsáide féideartha as an dlíthíocht a theorannú, agus gan an bonn a bhaint d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar aon díospóid a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna maidir le Tionscadail Straitéiseacha a réiteach go tráthúil. Chuige sin, ba cheart

---

[38] Treoir 2006/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le dramhaíl ó na tionscail eastóscacha a bhainistiú agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE - Ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 102, 11.4.2006, lgh. 15-34).

[39] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú, IO L 20, 26.1.2010, lgh. 7-25).

d'údaráis inniúla náisiúnta a áirithiú go mbeidh rochtain ag iarratasóirí agus ag tionscnóirí tionscadail ar nós imeachta simplí um réiteach díospóide agus go dtabharfar cóireáil phráinneach do thionscadail straitéiseacha i ngach nós imeachta breithiúnach nó réitigh díospóidí a bhaineann leis na tionscadail.

(22) Ionas go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí in ann tairbhe dhíreach a bhaint as buntáistí an mhargaidh inmheánaigh gan aon ualach riaracháin breise neamhriachtanach a bheith orthu, déantar foráil le Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[40], lenar bunaíodh an Tairseach Aonair Dhigiteach, maidir le rialacha ginearálta i dtaca le soláthar faisnéise, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh ar líne atá ábhartha d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Ba cheart do na ceanglais faisnéise agus do na nósanna imeachta a chumhdaítear leis an Rialachán seo ceanglais Rialachán (AE) 2018/1724 a chomhlíonadh. Go sonrach, ba cheart a áirithiú gur féidir le tionscnóirí tionscadail Tionscadail Straitéisigh rochtain a fháil ar aon nós imeachta a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna ar líne agus é a chomhlánú go hiomlán ar líne, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2018/1724 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann leis.

(23) Chun an tslándáil agus an tsoiléireacht is gá chun méadú a dhéanamh ar fhorbairt an Tionscadail Straitéisigh a sholáthar do thionscnóirí tionscadail agus d'infheisteoirí eile, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach rachaidh an próiseas deonaithe ceadanna a bhaineann le tionscadail den sórt sin thar an teorainn ama réamhshocraithe. I gcás Tionscadail Straitéiseacha nach mbaineann ach le próiseáil nó le hathchúrsáil, níor cheart go mairfeadh an próiseas deonaithe ceadanna níos mó ná 1 bhliain. I gcás Tionscadail Straitéiseacha lena mbaineann eastóscadh, áfach, níor cheart go mairfeadh an próiseas deonaithe ceadanna níos faide ná 2 bhliain, agus castacht agus méid na dtionchar féideartha i gceist á gcur san áireamh. Chun na teorainneacha ama sin a bhaint amach go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh acmhainní agus pearsanra leordhóthanacha ag na húdaráis fhreagracha. Tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, tacaíonn an Coimisiún leis na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun athchóirithe a dhearadh, a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena n-áirítear an acmhainn riaracháin a bhaineann le ceadú náisiúnta a neartú.

(24) Tá na measúnuithe agus na húdaruithe comhshaoil a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais ina gcuid dhílis den phróiseas deonaithe ceadanna maidir le tionscadal amhábhar, lena n-áirítear i ndáil le huisce, gnáthóga agus éin, agus is cosaint fhíor-riachtanach iad lena áirithiú go ndéanfar tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a chosc nó a íoslaghdú. Lena áirithiú go mbeidh na próisis deonaithe ceadanna maidir le Tionscadail Straitéiseacha intuartha agus tráthúil, áfach, ba cheart aon acmhainneacht maidir leis na measúnuithe agus na húdaruithe is gá a chuíchóiriú agus é sin a dhéanamh gan an leibhéal cosanta comhshaoil a ísliú. I ndáil leis sin, ba cheart a áirithiú go ndéantar an measúnú riachtanach a chuachadh chun forluí neamhriachtanach a chosc agus ba cheart a áirithiú go n-aontóidh tionscnóirí tionscadail agus údaráis fhreagracha go sainráite faoi raon feidhme an mheasúnaithe chuachtaithe sula gcuirfear chun feidhme é chun bearta leantacha neamhriachtanacha a chosc.

---

40 Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 lena mbunaítear pointe rochtana aonair digiteach chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lgh. 1-38).

(25) Is féidir bacainní a chruthú le coinbhleachtaí úsáide talún ar úsáid tionscadal amhábhar criticiúil. Pleananna dea-dheartha, lena n-áirítear pleananna spáis agus criosú, ina gcuirtear san áireamh an acmhainn le haghaidh tionscadail amhábhar criticiúil a chur chun feidhme agus a ndéantar measúnú ar a dtionchair fhéideartha ar an gcomhshaol, d'fhéadfadh siad a bheidh ina gcuidiú le hearraí agus leasanna poiblí a chothromú, rud a laghdóidh an riosca coinbhleachta agus a chuirfidh dlús le cur chun feidhme inbhuanaithe tionscadal amhábhar san Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis fhreagracha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla smaoineamh ar fhorálacha maidir le tionscadail amhábhar a chur san áireamh agus pleananna ábhartha á bhforbairt acu.

(26) Laistigh den Aontas, is minic a bhíonn deacrachtaí ag tionscadail amhábhar criticiúil maidir le rochtain ar mhaoiniú. Is minic a bhíonn ardluaineacht praghsanna, agaí tionscanta fada, comhchruinniú ard agus teimhneacht i gceist le margaí amhábhar criticiúil. Ina theannta sin, éilítear le maoiniú don earnáil ardleibhéal saineolais, rud a bhíonn in easnamh go minic i measc institiúidí airgeadais. Chun na tosca sin a shárú agus chun cur lena áirithiú go mbeidh soláthar cobhsaí iontaofa amhábhar straitéiseach ann, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún cuidiú a thabhairt maidir le rochtain ar mhaoiniú agus ar a thacaíocht riaracháin.

(27) Ní féidir slabhra luacha láidir a chruthú san Eoraip ach le hacmhainní airgeadais leordhóthanacha amháin. Oibreoidh an Coimisiún le comhpháirtithe cur chun feidhme InvestEU chun bealaí a lorg chun tacaíocht d'infheistíocht a mhéadú i gcomhréir leis na cuspóirí comhchoiteanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/523[41] agus sa Rialachán seo. Is féidir le Mol Comhairleach InvestEU cur le bailiú píblíne tionscadal inmharthana.

(28) Chun teorainneacha na n-iarrachtaí ar infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha reatha a bhíonn ilroinnte go minic a shárú, comhtháthú agus toradh ar infheistíocht a éascú, ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus do bhainc cur chun cinn comhordú agus sineirgí a chruthú ar bhealach níos fearr idir na cláir um maoiniú atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus ba cheart dóibh comhordú agus comhar níos fearr leis an tionscal agus le príomhpháirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart foghrúpa tiomnaithe den Bhord a bhunú ina dtabharfar le chéile saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún chomh maith le hinstitiúidí airgeadais poiblí ábhartha. Ba cheart don fhoghrúpa sin plé a dhéanamh ar riachtanais mhaoiniúcháin aonair na dTionscadal Straitéiseach agus ar na féidearthachtaí maoiniúcháin a bhaineann leo cheana chun moladh a thabhairt do thionscnóirí tionscadail maidir leis an mbealach is fearr le rochtain a fháil ar na féidearthachtaí maoiniúcháin atá ann cheana. Agus moltaí á bplé agus á ndéanamh maidir le Tionscadail Straitéiseacha a mhaoiniú i dtríú tíortha, ba cheart don Bhord an straitéis Global Gateway a chur san áireamh go háirithe[42].

(29) Tá infheistíocht phríobháideach arna ndéanamh ag cuideachtaí, infheisteoirí airgeadais agus ceannaitheoirí fíor-riachtanach. I gcás nach leor infheistíocht phríobháideach amháin, d'fhéadfadh tacaíocht phoiblí a bheith ag teastáil chun tionscadail feadh an

---

[41] Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/1017 (IO 64, 26.3.2021, lgh. 30-89)

[42] Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta The Global Gateway (JOIN/2021/30 final).

tslabhra luacha amhábhar criticiúil a chur i bhfeidhm go héifeachtach, mar shampla i bhfoirm ráthaíochtaí, iasachtaí nó infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí cuasachothromais. D'fhéadfadh Státchabhair a bheith i gceist leis an tacaíocht phoiblí sin. Ní mór éifeacht dreasachta a bheith leis an gcabhair sin, ní mór gá a bheith leis an gcabhair sin agus ní mór di a bheith iomchuí agus comhréireach. Leis na treoirlínte Státchabhrach atá ann cheana, a ndearnadh grinn-athbhreithniú orthu le déanaí i gcomhréir le cuspóirí an dá aistriú, soláthraítear go leor féidearthachtaí chun tacú le hinfheistíochtaí feadh an tslabhra luacha amhábhar criticiúil faoi réir coinníollacha áirithe.

(30) Úsáidtear tacaíocht phoiblí chun aghaidh a thabhairt ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha agus níor cheart, de thoradh gníomhaíochtaí, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht sa mhargadh inmheánach a shaobhadh. Ba cheart breisluach soiléir don Aontas a bheith ag na gníomhaíochtaí.

(31) Mar gheall ar phraghsanna luaineacha maidir le roinnt amhábhar straitéiseach, a dhéantar níos measa mar gheall ar an mbealach teoranta atá ann chun iad a fhálú ar réamh-mhargaí, cruthaítear constaic do thionscnóirí tionscadail maidir le maoiniú a fháil i gcomhair tionscadail amhábhar straitéiseach agus i gcomhair tomhaltóirí iartheachtacha a lorgaíonn praghsanna cobhsaí agus intuartha a fháil le haghaidh príomh-ionchur. D'fhonn an éiginnteacht maidir le praghsanna ar amhábhair straitéiseacha amach anseo a laghdú, is gá foráil a dhéanamh maidir le córas a chur ar bun lena gcuirfear ar chumas ceannaitheoirí a bhfuil suim acu ann agus tionscnóirí Tionscadal Straitéiseach araon a dtairiscintí ceannaigh nó díola a chur in iúl agus iad a chur i dteagmháil le chéile i gcás ina bhféadfadh na tairiscintí faoi seach a bheith comhoiriúnach.

(32) Forbraíodh an t-eolas agus an mhapáil atá ann cheana ar tharluithe amhábhar an Aontais tráth nach raibh sé ina thosaíocht soláthar amhábhar criticiúil a áirithiú chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a fhorbairt. Chun faisnéis a fháil agus a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na tarluithe amhábhar criticiúil, ba cheart do na Ballstáit cláir náisiúnta a tharraingt suas chun iniúchadh ginearálta a dhéanamh ar amhábhair chriticiúla, ar cheart go n-áireofaí leo beart amhail mapáil mianraí, feachtais gheocheimice, suirbhéanna geo-eolaíochta chomh maith le hathphróiseáil tacar sonraí geo-eolaíocha atá ann cheana. Baineann ardmhaoiniú le tarluithe mianraí a aithint agus measúnú a dhéanamh ar an inmharthanacht theicniúil agus eacnamaíoch a bhaineann lena n-eastóscadh. Chun an riosca sin a laghdú agus forbairt tionscadal eastósctha a éascú, ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis a fhaightear le linn a gclár taiscéalaíochta náisiúnta féin a chur ar fáil go poiblí, i gcás inarb iomchuí, trí úsáid a bhaint as creat an Bhonneagair d'Fhaisnéis Spáis arna bhunú le Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43].

(33) Le sonraí agus seirbhísí spáis a dhíorthaítear ó fhaire na cruinne féadfar tacú leis na hiarrachtaí i dtreo slabhraí luacha amhábhar criticiúil inbhuanaithe trí shreabhadh leanúnach faisnéise a sholáthar, a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do ghníomhaíochtaí amhail faireachán agus bainistiú ar limistéir mhianadóireachta, an measúnú tionchair

---

43 Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2007 lena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE) (IO L 108, 25.4.2007, lgh. 1-14).

comhshaoil agus socheacnamaíoch, nó taiscéalaíocht acmhainní mianraí. Ós rud é gur féidir sonraí a sholáthar freisin ó fhaire na cruinne faoi limistéir iargúlta agus neamh-inrochtana, ba cheart do na Ballstáit í a chur san áireamh a mhéid is féidir agus a gcláir náisiúnta taiscéalaíochta á dtarraingt suas agus á gcur chun feidhme acu.

(34) Cé go bhfuil gá le slabhra luacha amhábhar criticiúil an Aontais a threisiú chun slándáil an tsoláthair a mhéadú, beidh slabhraí soláthair na n-amhábhar criticiúil fós ina gcinn dhomhanda agus beidh siad neamhchosanta ar thosca seachtracha. Mar gheall ar theagmhais le déanaí nó teagmhais leanúnacha idir ghéarchéim COVID-19 agus an t-ionsaí míleata gan chúis i gcoinne na hÚcráine, cuireadh i dtábhacht leochaileacht roinnt de shlabhraí soláthair an Aontais i leith suaite. Lena áirithiú go mbeidh na Ballstáit agus na tionscail Eorpacha ábalta suaitheadh soláthair a réamh-mheas agus go mbeidh siad ullmhaithe chun na hiarmhairtí a bheith leo a sheasamh, ba cheart bearta a fhorbairt chun an acmhainn faireacháin a mhéadú, stoic straitéiseacha a chomhordú agus ullmhacht cuideachtaí a neartú.

(35) Níl an acmhainn chéanna ag na Ballstáit nuair a bhaineann sé le feasacht faoi riosca agus réamh-mheas riosca, agus níl struchtúir thiomnaithe forbartha ag na Ballstáit go léir lena ndéantar faireachán ar shlabhraí soláthair na n-amhábhar criticiúil agus ar féidir cuideachtaí a chur ar an eolas leo faoi rioscaí féideartha go mbeidh suaitheadh soláthair ann. Mar an gcéanna, cé go ndearna roinnt cuideachtaí infheistíocht i bhfaireachán a dhéanamh ar a gcuid slabhraí soláthair, níl an cumas ag cuideachtaí eile déanamh amhlaidh. Dá bhrí sin, i bhfianaise ghné domhanda shlabhraí soláthair na n-amhábhar criticiúil agus i bhfianaise a gcastachta, ba cheart don Choimisiún deais faireacháin thiomnaithe a fhorbairt lena ndéanfar measúnú ar rioscaí soláthair amhábhar criticiúil agus lena n-áiritheofar infhaighteacht na faisnéise a bhailítear ar fáil d'údaráis phoiblí agus do ghníomhaithe príobháideacha, agus ar an dóigh sin méadófar sineirgí i measc na mBallstát. Lena áirithiú go mbeidh slabhraí luacha an Aontais ullmhaithe a ndóthain i gcoinne suaitheadh soláthair a d'fhéadfadh tarlú, ba cheart don Choimisiún tástálacha struis a dhéanamh lena ndéanfaí measúnú ar leochaileacht na slabhraí soláthair na n-amhábhar straitéiseach agus ar a neamhchosaint ar rioscaí soláthair. Ba cheart do na Ballstáit cur leis an gcleachtadh sin trí thástálacha struis den sórt sin a dhéanamh, nuair is féidir, trína ngníomhaireachtaí náisiúnta soláthair agus faisnéise a chumhdaíonn amhábhair chriticiúla. Ba cheart don Bhord a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhordú ar chur chun feidhme na dtástálacha struis. Nuair nach bhfuil sé d'acmhainn ag aon Bhallstát an tástáil struis a theastaíonn a dhéanamh ar amhábhar straitéiseach ar leith, ba cheart don Choimisiún í a dhéanamh é féin. Agus torthaí tástálacha struis den sórt sin á gcur ar fáil go poiblí, ba cheart don Choimisiún straitéisí féideartha a mholadh freisin ar féidir leis na húdaráis phoiblí agus le gníomhaithe príobháideacha iad a ghlacadh chun rioscaí soláthair a mhaolú, amhail stoic straitéiseacha a fhorbairt nó a soláthar a éagsúlú a thuilleadh. Chun críche an fhaisnéis a bhailiú is gá chun na bearta faireacháin agus tástálacha struis a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún comhordú a dhéanamh le buan-fhoghrúpa ábhartha an Bhoird agus ba cheart do na Ballstáit príomhoibreoir margaidh atá tábhachtach d'fheidhmiú an tslabhra luacha a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu. Nuair nach bhfuil sé d'acmhainn ag aon bhall den bhuan-fhoghrúpa an tástáil struis is gá a dhéanamh ar amhábhar straitéiseach ar leith, ba cheart don Choimisiún í a dhéanamh é féin.

(36) Is uirlis thábhachtach iad stoic straitéiseacha chun suaitheadh soláthair a mhaolú, go háirithe le haghaidh amhábhar. Cé go n-éascaítear leis an Ionstraim Éigeandála don Mhargadh Aonair atá beartaithe forbairt fhéideartha a dhéanamh ar stoic den sórt sin i

gcás modh airdill an Mhargaidh Aonair a ghníomhachtú, níl oibleagáidí ar na Ballstáit ná ar chuideachtaí a stoic straitéiseacha a fhorbairt nó a chomhordú roimh shuaitheadh soláthair. Ina theannta sin, níl aon sásra comhordúcháin ar fud an Aontais Eorpaigh lena n-éascaítear measúnú comhchoiteann a fhorbairt agus anailís a dhéanamh ar fhorluí agus ar shineirgí féideartha. Dá bhrí sin, mar chéad chéim, agus an easpa faisnéis ábhartha atá ann faoi láthair á cur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit faisnéis a sholáthar don Choimisiún faoina stoic straitéiseacha, bíodh siad á n-oibriú ag údaráis phoiblí nó ag oibreoirí eacnamaíocha thar ceann na mBallstát. Ba cheart a áireamh san fhaisnéis sin an leibhéal stoic atá ar fáil in aghaidh an amhábhair straitéisigh, ionchas na leibhéal stoic, agus na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir leis na stoic sin. Ba cheart go mbeadh aon iarratas comhréireach, ba cheart aird a thabhairt ann ar an gcostas agus ar an iarracht a theastaíonn chun na sonraí a chur ar fáil chomh maith lena thionchar ar an tslándáil náisiúnta, agus ba cheart teorainneacha ama iomchuí a leagan amach chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar. Féadfar faisnéis faoi stoic na n-oibreoirí eacnamaíocha a chur leis an anailís, cé nach ionann é sin agus iarraidh ar fhaisnéis fúthu. Ba cheart don Choimisiún na sonraí a láimhseáil ar bhealach slán, agus níor cheart dó faisnéis a fhoilsiú ach ar leibhéal comhiomlán amháin. Mar dhara céim, bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas, ba cheart don Choimisiún dréacht-thagarmharc a fhorbairt don mhéid ba cheart a mheas mar leibhéal sábháilte stoc de chuid an Aontais, agus iomlán thomhaltas bliantúil an Aontais de na hamhábhair straitéiseacha lena mbaineann á chur san áireamh. Bunaithe ar chomparáid idir stoic atá ann cheana agus leibhéil fhoriomlána na stoc straitéiseach le haghaidh amhábhair straitéiseacha ar fud an Aontais, ba cheart don Bhord, ag gníomhú dó i gcomhaontú leis an gCoimisiún, bheith ábalta tuairimí neamhcheangailteacha a eisiúint chuig na Ballstáit maidir le conas coinbhéirseachtaí a mhéadú agus iad a spreagadh chun a gcuid stoc straitéisí a fhorbairt. Agus é sin á dhéanamh, ba cheart don Bhord an gá atá le dreasachtaí a choinneáil maidir le stoic straitéiseacha arna bhforbairt ag oibreoirí príobháideacha a úsáideann amhábhair straitéiseacha a bhreithniú.

(37) Chun comhordú breise a áirithiú, ba cheart don Choimisiún comhairliúchán riachtanach a áirithiú roimh rannpháirtíocht na mBallstát i bhfóraim idirnáisiúnta inar féidir stoic straitéiseacha den sórt sin a phlé, go háirithe trí bhuan-fhoghrúpa tiomnaithe an Bhoird. Mar an gcéanna, d'fhonn comhlántacht a mhéadú idir an togra seo agus ionstraimí cothrománacha nó ionstraimí ábhair-shonracha eile, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis a bailíodh agus a comhiomlánaíodh ar aghaidh chuig sásraí rialachais airdill nó géarchéime, amhail grúpa comhairleach na hIonstraime Éigeandála don Mhargadh Aonair atá beartaithe, Bord Eorpach Leathsheoltóirí an Ghnímh im Shliseanna atá beartaithe, Bord HERA nó an Bord um Ghéarchéim Sláinte.

(38) Lena áirithiú go mbeidh siad ullmhaithe a ndóthain chun aghaidh a thabhairt ar shuaitheadh soláthair, ba cheart do chuideachtaí móra a mhonaraíonn teicneolaíochtaí straitéiseacha san Aontas a úsáideann amhábhair straitéiseacha a slabhraí soláthair a iniúchadh agus tuairisciú dá réir sin dá mbord stiúrthóirí. Áiritheofar leis sin go gcuirfidh siad san áireamh na rioscaí soláthair a bhaineann le hamhábhair straitéiseacha agus go bhforbróidh siad straitéisí iomchuí um maolú le go mbeidh siad ullmhaithe níos fearr i gcás suaitheadh soláthair. Mar an gcéanna, ba cheart do na cuideachtaí móra a thagann faoin raon feidhme sin tástálacha struis rialta a dhéanamh ar a slabhraí soláthair straitéiseacha amhábhar lena áirithiú go mbreithneoidh siad gach cás éagsúil a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá soláthar i gcás suaite. Mar thoradh ar

na bearta sin tabharfar breithnithe breise ar chostais na rioscaí soláthair a d'fhéadfadh a bheith ann.

(39) Níl go leor margaí le haghaidh amhábhair straitéiseacha go hiomlán trédhearcach agus dírítear iad ar thaobh an tsoláthair, rud a mhéadaíonn cumhacht idirbheartaíochta na ndíoltóirí agus a mhéadaíonn praghsanna do na ceannaitheoirí. Chun cuidiú le praghsanna do ghnóthais atá bunaithe san Aontas a ísliú, ba cheart don Choimisiún córas a bhunú trína mbeifear ábalta éileamh na gceannaitheoirí a bhfuil suim acu ann a chomhiomlánú. Agus córas den sórt sin á fhorbairt aige, ba cheart don Choimisiún taithí a fuarthas in iarrachtaí comhchosúla a chur san áireamh, go háirithe maidir le ceannach comhpháirteach gáis arna bhunú faoi Rialachán 2022/2576 ón gComhairle[44]. Ba cheart d'údaráis na mBallstát a bheith ábalta páirt a ghlacadh sa chóras sin freisin chun a stoic straitéiseacha a fhorbairt. Ba cheart go mbeadh gach beart faoin sásra sin ag luí leis dlí na hiomaíochta san Aontas.

(40) Ní bheidh comhchuibhiú dlíthe agus rialachán náisiúnta i gceist leis na forálacha maidir le faireachán agus stoic straitéiseacha a áirítear sa Rialachán seo ná ní chuirtear in ionad na sásraí atá ann cheana iad. Ba cheart go mbeadh dreasachtaí faireacháin agus ullmhachta riosca i gcomhréir le hionstraimí Eorpacha. Dá bhrí sin, maidir le hionstraimí amhail togra na hIonstraime Éigeandála don Mhargadh Aonair arb é is aidhm dó géarchéim a théann i gcion ar fheidhmiú an Mhargaidh Aonair nó do Rialachán (AE) 2022/2372[45] ón gComhairle a réamh-mheas, a mhaolú agus freagairt di i ndáil le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha a bhaineann le géarchéim a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais, d'fhéadfadh feidhm a bheith acu fós maidir le hamhábhair chriticiúla agus straitéiseacha i gcás géarchéime nó i gcás bagartha a mhéid a thagann na hábhair sin faoi raon feidhme ionstraimí dá leithéid. Ba cheart comhlántacht agus comhleanúnachas idir an Rialachán seo agus ionstraimí géarchéime a áirithiú trí mhalartú faisnéise.

(41) Miotail is ea formhór na n-amhábhar criticiúil, ar féidir iad a athchúrsáil de shíor i bprionsabal, ach meathlaíonn na hairíonna corruair mar gheall air sin. Soláthraítear leis sin an fhéidearthacht bogadh i dtreo fíorgheilleagar ciorclach i gcomhthéacs an aistrithe ghlais. I ndiaidh na chéad chéime d'fhás tapa an éilimh ar amhábhar criticiúil le haghaidh teicneolaíochtaí nua, i gcás ina mbeidh eastóscadh príomhúil agus próiseáil fós mar phríomhfhoinse ina leith, ba cheart go n-éireodh athchúrsáil níos tábhachtaí agus ba cheart go ndéanfaí an gá le heastóscadh príomhúil agus na tionchair ghaolmhara a laghdú léi. Sa lá atá inniu ann, áfach, tá rátaí athchúrsála na n-amhábhar is criticiúla íseal, agus is minic nach gcuirtear córais agus teicneolaíochtaí athchúrsála in oiriúint do shainiúlachtaí na n-amhábhar sin. Tá gá, dá bhrí sin, le gníomhaíocht lena dtugtar aghaidh ar na tosca éagsúla lena gcoinnítear siar an acmhainneacht um chiorclaíocht.

(42) Coinníonn na Ballstáit inniúlachtaí tábhachtacha i réimse na ciorclaíochta, mar shampla, i réimse na gcóras bailithe agus cóireála dramhaíola. Ba cheart iad sin a úsáid chun rátaí bailithe agus athchúrsála do shruthanna dramhaíola a mhéadú lena mbaineann acmhainneacht ard amhábhair chriticiúla a aisghabháil, agus úsáid á baint,

---

[44] Rialachán (AE) 2022/2576 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena bhfeabhsaítear an dlúthpháirtíocht trí chomhordú níos fearr a dhéanamh ar cheannacháin ghháis, trí thagarmharcanna praghais iontaofa agus trí mhalartuithe gáis thar theorainneacha (IO L 335, 29.12.2022, lgh. 1-35)

[45] Rialachán (AE) 2022/2372 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2022 maidir le creat beart chun soláthar frithbheart leighis atá ábhartha i gcás géarchéime a áirithiú i gcás éigeandáil sláinte poiblí ar leibhéal an Aontais (IO 314, 6.12.2022, lgh. 64-78)

mar shampla, as dreasachtaí airgeadais amhail lascainí, luach saothair airgeadaíochta nó córais aisíoctha éarlaisí. Ba cheart d'údaráis na mBallstát difríocht a dhéanamh freisin toisc go soláthraíonn ceannaitheoirí amhábhar criticiúil agus táirgí a bhfuil amhábhair chriticiúla iontu, agus le cláir náisiúnta taighde agus nuálaíochta soláthraítear acmhainní suntasacha chun staid an eolais agus na teicneolaíochta le haghaidh ciorclaíocht amhábhar criticiúil chomh maith le héifeachtúlacht ábhartha a mhéadú. Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit aisghabháil amhábhar criticiúil ó dhramhaíl eastóscach a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise agus trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní dlíthiúla, eacnamaíocha agus teicniúla. Réiteach féideartha amháin ar cheart do na Ballstáit breathnú air is ea sásraí comhroinnte riosca idir oibreoirí agus an Ballstát chun téarnamh ó shaoráidí dramhaíola dúnta a chur chun cinn.

(43) Tá leagáid um eastóscadh amhábhar ag an Aontas i gcuid mhaith dá réigiúin agus, dá bhrí sin, tá leagáid méideanna suntasacha de dhramhaíl eastóscach ar shaoráidí dúnta nach bhfuil anailís déanta orthu i gcoitinne aige, de bharr an mhéadaithe atá tagtha ar a dtábhacht eacnamaíoch le déanaí, i gcás acmhainneacht amhábhar criticiúil. Mar gheall ar aisghabháil amhábhar criticiúil ó shaoráidí dramhaíola eastóscaí féadfar luach eacnamaíoch agus fostaíocht a chruthú i réigiúin stairiúla mhianadóireachta, a mbíonn tionchar ag díthionscalú agus meath orthu go minic. Tá an easpa airde agus an easpa faisnéise ar ábhar amhábhar criticiúil, go háirithe ar shaoráidí dramhaíola dúnta, ina phríomhbhacainn maidir le húsáid níos mó a bhaint as acmhainneacht amhábhar criticiúil na dramhaíola eastóscaí.

(44) Ba cheart aisghabháil amhábhar criticiúil ó shaoráidí dramhaíola eastóscaí a bheith ina gcuid de luachshocrú saoráidí dramhaíola ábhartha. Leagtar amach i dTreoir 2006/21/CE ardcheanglais maidir le cosaint sláinte comhshaoil agus daonna maidir le bainistíocht dramhíola an tionscail eastóscaigh. Cé gur cheart na hardcheanglais sin a choinneáil, is iomchuí bearta breise a bhunú chun aisghabháil amhábhar criticiúil ó dhramhaíl eastóscach a uasmhéadú.

(45) Ba cheart d'oibreoirí saoráidí dramhaíola eastóscaí, idir shaoráidí reatha agus saoráidí nua, réamhstaidéar um measúnú eacnamaíoch a dhéanamh maidir le haisghabháil amhábhar criticiúil ó dhramhaíl eastóscach a fhaightear ar an láithreán agus ón dramhaíl sin atá á giniúint. I gcomhréir leis an ordlathas dramhaíola a bunaíodh le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46], ba cheart tús áite a thabhairt do ghiniúint dramhaíola ina bhfuil amhábhair chriticiúla a chosc, trí amhábhair chriticiúla a eastóscadh as an méid a eastóscadh sular tháinig sí chun bheith ina dramhaíl. Agus an staidéar sin á fhorbairt, ba cheart d'oibreoirí an fhaisnéis is gá a bhailiú, lena n-áirítear comhchruinnithe agus cainníochtaí amhábhar criticiúil sa dramhaíl eastóscach, agus measúnú a dhéanamh ar roghanna iomadúla maidir le próisis, oibríochtaí nó socruithe gnó lena bhféadfaí aisghabháil atá inmharthanach ón taobh eacnamaíoch maidir le hamhábhair chriticiúla a éascú. Tagann an oibleagáid sin sa bhreis ar na hoibleagáidí a leagtar síos i dTreoir 2006/21/CE agus sna dlíthe náisiúnta lena dtrasuitear í agus tá sí infheidhme go díreach. Agus é á chur chun feidhme, ba cheart d'oibreoirí agus d'údaráis inniúla iarracht a dhéanamh an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus nósanna imeachta a chomhtháthú a mhéid is féidir.

---

46 Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, IO L 312, 22.11.2008, lgh. 3-30.

(46) Chun aghaidh a thabhairt ar an easpa faisnéise atá ann faoi láthair maidir leis an acmhainneacht amhábhar criticiúil a bhaineann le saoráidí dramhaíola eastóscaí dúnta, ba cheart do na Ballstáit bunachar sonraí a tharraingt suas ina mbeadh an fhaisnéis uile is ábhartha chun an téarnamh a chur chun cinn, go háirithe cainníochtaí agus comhchruinnithe amhábhar criticiúil sa tsaoráid dramhaíola eastóscaí, i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí agus i bhfoirm sho-úsáidte dhigiteach, rud a éascóidh rochtain ar fhaisnéis theicniúil níos mionsonraithe. Chun rochtain sho-úsáidte ar an bhfaisnéis a éascú, ba cheart do na Ballstáit, mar shampla, pointe teagmhála a sholáthar chun malartuithe níos grinne le forbróirí ionchasacha tionscadal téarnaimh amhábhar criticiúil a éascú. Ba cheart an bunachar sonraí a dhearadh ionas gur féidir le tionscnóirí ionchasacha tionscadail saoráidí lena bhfuil ardacmhainneacht téarnamh eacnamaíoch inmharthana a bhaint amach a shainaithint go héasca. Chun acmhainní teoranta a dhíriú, ba cheart do na Ballstáit cur chuige céimneach a leanúint maidir le bailiú faisnéise agus na céimeanna bailithe faisnéise is déine a dhéanamh do na saoráidí is mó a bhfuil gealladh fúthu amháin. Ba cheart na gníomhaíochtaí bailithe faisnéise a dhíriú ar faisnéis chruinn agus ionadaíoch a sholáthar maidir leis na saoráidí dramhaíola eastóscaí agus an léiriú is fearr is féidir ar acmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil a fháil.

(47) Ionchorpraítear buanmaighnéid i réimse leathan táirgí, agus is iad tuirbíní gaoithe agus feithiclí leictreacha na feidhmeanna is tábhachtaí agus is mó fáis ach freisin táirgí eile, lena n-áirítear feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh, róbait thionsclaíocha, modhanna éadroma iompair, gineadóirí fuaraithe, caidéil teasa, mótair leictreacha, caidéil leictreacha thionsclaíocha, meaisíní níocháin uathoibríocha, triomadóirí rothlaim, micreathonnáin, folúsghlantóirí agus miasniteoirí ina bhfuil méideanna suntasacha ar fiú iad a aisghabháil. Tá amhábhair chriticiúla i bhformhór na mbuanmhaighnéad, go háirithe na cineálacha is feidhmiúla, mar shampla neoidimiam, praiséidimiam, diospróisiam agus teirbiam, bórón, samairiam, nicil nó cóbalt. Is féidir iad a athchúrsáil ach ní dhéantar amhlaidh san Aontas inniu ach ar scála beag nó i gcomhthéacs tionscadail taighde. Dá bhrí sin, ba cheart buanmhaighnéid a bheith ina dtáirge tosaíochta chun ciorclaíocht a mhéadú.

(48) Réamhchoinníoll le haghaidh athchúrsáil éifeachtach maighnéad is ea go mbeidh rochtain ag athchúrsálaithe ar an bhfaisnéis is gá maidir le méid, cineál agus comhdhéanamh ceimiceach maighnéad i dtáirge, a suíomh agus an bratú, na gliúnna agus na breiseáin a úsáidtear, chomh maith le faisnéis ar conas na buanmhaighnéid a bhaint as an táirge. Ina theannta sin, chun cás gnó maidir le hathchúrsáil maighnéad a áirithiú, ba cheart méid méadaithe d'ábhair athchúrsáilte a bheith i mbuanmhaighnéid a ionchorpraítear i dtáirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais le himeacht ama. Agus trédhearcacht á soláthar maidir leis an ábhar athchúrsáilte sa chéad chéim, ba cheart íosmhéid ábhair athchúrsáilte a shocrú i ndiaidh measúnú tiomnaithe a dhéanamh ar an leibhéal iomchuí agus ar na tionchair dhóchúla.

(49) Is minic a dheimhnítear amhábhair chriticiúla a dhíoltar ar mhargadh an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht a slabhra táirgthe agus soláthair. Is féidir deimhniúchán a fháil i gcomhthéacs réimse leathan scéimeanna deimhniúcháin poiblí agus príobháideacha atá ar fáil lena mbaineann raonta feidhme éagsúla agus déine éagsúil, rud a chruthaíonn an fhéidearthacht go mbeadh mearbhall ann maidir le cineál agus fírinneacht na n-éileamh a dhéantar faoi inbhuanaitheacht choibhneasta na n-amhábhar criticiúil a chuirtear ar mhargadh an Aontais bunaithe ar an deimhniúchán sin. Ba cheart go gcumhachtófaí an Coimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena n-aithneofaí scéimeanna deimhniúcháin ar cheart a mheas gur scéimeanna

cuimsitheacha agus iontaofa iad, lena soláthrófaí bonn coiteann d'údaráis agus do rannpháirtithe sa mhargadh chun measúnú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht amhábhar criticiúil. Níor cheart aitheantas a thabhairt ach do scéimeanna deimhniúcháin lena gcumhdaítear réimse leathan gnéithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil, cearta an duine, lena n-áirítear cearta saothair agus trédhearcacht gnó, agus ina bhfuil forálacha maidir le fíorú agus faireachán neamhspleách tríú páirtí ar chomhlíonadh. Chun nósanna imeachta éifeachtúla a áirithiú, ba cheart cead a thabhairt do thionscnóirí tionscadal a dhéanann iarratas ar aitheantas mar Thionscadail Straitéiseacha brath ar rannpháirtíocht i scéim aitheanta lena thaispeáint go bhfuil a dtionscadal á chur chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe.

(50) Bíonn tionchar comhshaoil mar thoradh ar tháirgeadh amhábhar criticiúil ag céimeanna éagsúla den slabhra luacha, bíodh sé sin ar an aeráid, uisce, fána nó flóra. Chun teorainn a chur le damáiste den sórt sin agus táirgeadh amhábhar criticiúil níos inbhuanaithe a dhreasú, ba cheart go gcumhachtófaí an Coimisiún chun córas a fhorbairt chun lorg comhshaoil na n-amhábhar criticiúil a ríomh, lena n-áirítear próiseas fíorúcháin, lena áirithiú go dtaispeánfar faisnéis faoin lorg sin go poiblí ar amhábhair chriticiúla a chuirtear ar mhargadh an Aontais faisnéis faoin lorg sin. Ba cheart an córas a bhunú ar mhodhanna measúnaithe atá fónta ó thaobh na heolaíochta de agus ar chaighdeáin idirnáisiúnta ábhartha i réimse an mheasúnaithe saolré a chur san áireamh. Níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas maidir le lorg comhshaoil ábhair a dhearbhú ach amháin i gcás inar cinneadh, bunaithe ar mheasúnú tiomnaithe, go gcuideodh sé le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais trí sholáthar amhábhar criticiúil a bhfuil lorg comhshaoil níos ísle acu a éascú agus nach rachaidh sé i gcion go díréireach ar shreafaí trádála. Nuair a ghlacfar na modhanna ríomha ábhartha, ba cheart don Choimisiún aicmí feidhmíochta a fhorbairt le haghaidh amhábhair chriticiúla, agus ar an dóigh sin deis a thabhairt do cheannaitheoirí ionchasacha comparáid a dhéanamh go héasca idir lorg coibhneasta comhshaoil na n-ábhar atá ar fáil agus an margadh a spreagadh i dtreo ábhair níos inbhuanaithe. Ba cheart do dhíoltóirí amhábhar criticiúil a áirithiú go mbeidh an dearbhú maidir le lorg comhshaoil ar fáil dá gcustaiméirí. Le trédhearcacht maidir le lorg coibhneasta na n-amhábhar criticiúil a chuirtear ar mhargadh an Aontais féadfar beartais eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a éascú freisin, amhail dreasachtaí nó critéir maidir le soláthar poiblí glas, lena gcothófar táirgeadh amhábhar criticiúil a bhfuil tionchair chomhshaoil níos ísle acu.

(51) Is bonn ábhartha iad na modhanna Lorg Comhshaoil chun na rialacha maidir le ríomh a fhorbairt. Braitheann siad ar mhodhanna measúnaithe atá fónta ó thaobh na heolaíochta de ina gcuirtear forbairtí ar an leibhéal idirnáisiúnta san áireamh agus lena gcumhdaítear tionchair chomhshaoil, lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus tionchair a bhaineann le huisce, aer, ithir, acmhainní, úsáid talún agus tocsaineacht.

(52) Ba cheart a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí freagracha measúnú ar chomhréireacht a dtáirgí nó a n-ábhar leis na ceanglais maidir le ciorclaíocht buanmhaighnéad a fheabhsú agus maidir le lorg comhshaoil amhábhar criticiúil a dhearbhú sula gcuirfear ar an margadh iad agus go ndéanfaidh údaráis náisiúnta inniúla na ceanglais sin a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Na forálacha comhréireachta agus faireachais margaidh arna mbunú faoi Rialachán 2019/1020 agus Rialachán (AE) 2023/xxx *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR]*, tá siad deartha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir leis na ceanglais sin freisin. Lena áirithiú tuilleadh go mbainfear an úsáid is fearr as na creataí atá ann cheana, ba cheart a áirithiú, i gcás táirgí atá faoi réir cineálcheadaithe

faoi Rialachán 2018/858 nó faoi Rialachán 168/2013, go ndéanfar comhlíonadh a fhorfheidhmiú tríd an gcóras cineálcheadaithe atá ann cheana.

(53) Ba cheart don Choimisiún, mar a fhoráiltear in Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, a iarraidh ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha a dhréachtú mar thaca le cuspóirí an Rialacháin seo.

(54) Tá Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha tugtha i gcrích ag an Aontas a chumhdaíonn amhábhair le tríú tíortha chun Plean Gníomhaíochta 2020 maidir le hAmhábhair Chriticiúla a chur chun feidhme. D'fhonn an soláthar a éagsúlú, ba cheart go leanfar leis na hiarrachtaí sin. Chun creat comhleanúnach a fhorbairt agus a áirithiú chun comhpháirtíochtaí amach anseo a thabhairt i gcrích, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún, mar chuid dá chaidreamh leis an mBord, plé a dhéanamh, inter alia, i dtaobh an mbaineann comhpháirtíochtaí atá ann cheana na haidhmeanna atá beartaithe amach, tús áite do thríú tíortha le haghaidh comhpháirtíochtaí nua, ábhar na gcomhpháirtíochtaí sin agus a gcomhleanúnachas agus a sineirgí féideartha idir comhar déthaobhach na mBallstát le tríú tíortha ábhartha agus a gcomhordú a áirithiú. Ba cheart don Aontas comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a lorg le geilleagair atá ag teacht chun cinn agus geilleagar atá i mbéal forbartha a mhargadh, i gcomhchuibheas lena straitéis Global Gateway, a chuireann le héagsúlú a shlabhra soláthair amhábhar agus a chuireann luach leis an táirgeadh sna tíortha sin.

(55) Chun tacú le cur chun feidhme na gcúraimí a bhaineann le Tionscadail Straitéiseacha a fhorbairt agus lena maoiniú, lena gcláir taiscéalaíochta, lena gcumais faireacháin nó lena stoic straitéiseacha agus chun comhairle iomchuí a thabhairt don Choimisiún, ba cheart Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla a bhunú. Ba cheart go mbeadh an Bord comhdhéanta de na Ballstáit agus den Choimisiún, agus a bheith ábalta rannpháirtíocht páirtithe eile mar bhreathnóirí ag an am céanna. Chun an saineolas is gá a fhorbairt chun cúraimí áirithe a chur chun feidhme, ba cheart don Bhord buanghrúpaí a bhunú maidir le maoiniú, taiscéalaíocht, faireachán agus stoic straitéiseacha, ar cheart dóibh gníomhú mar líonra trí na húdaráis náisiúnta ábhartha éagsúla a bhailiú agus, nuair is gá, dul i gcomhairle leis an lucht tionscail, leis an lucht acadúil, leis an tsochaí shibhialta agus le páirtithe ábhartha eile. Ba cheart go mbeadh comhairle agus tuairimí an Bhoird neamhcheangailteach agus níor cheart go gcuirfeadh easpa comhairle nó tuairime den sórt sin cosc ar an gCoimisiún a chúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

(56) D'fhéadfadh sé gur léiriú é an éagmais dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí, lena n-áirítear an acmhainn agus na tagarmharcanna um éagsúlú, go bhfuil gá le bearta breise a ghlacadh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí sin.

(57) Chun an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ba cheart na hoibleagáidí tuairiscithe éagsúla a chuíchóiriú agus ba cheart don Choimisiún teimpléad a fhorbairt trína bhféadfaidh na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe maidir le tionscadail, taiscéalaíocht, faireachán nó stoic straitéiseacha a chomhlíonadh laistigh de dhoiciméad aonair a fhoilsítear go rialta, agus d'fhéadfadh an doiciméad sin a bheith rúnda nó srianta.

(58) Chun comhar iontaofa inchiallaithe a áirithiú idir na húdaráis inniúla ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na páirtithe ar fad atá páirteach i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo rúndacht faisnéise agus sonraí a fhaightear agus a gcúraimí á ndéanamh acu a urramú. Níor cheart don Choimisiún ná do na húdaráis

inniúla náisiúnta, a n-oifigigh, a seirbhísigh shibhialta ná daoine eile atá ag oibriú faoi mhaoirseacht na n-údarás sin ná oifigigh agus státseirbhísigh údaráis eile de chuid na mBallstát faisnéis a nochtadh arna fáil nó arna malartú acu de bhun an Rialacháin seo agus den chineál a chumhdaítear faoin oibleagáid maidir le rúndacht ghairmiúil. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir leis an mBord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla. Ba cheart na sonraí a láimhseáil agus a stóráil i dtimpeallacht shábháilte.

(59) Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh de bhun Airteagal 290 CFAE, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[47]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna le saineolaithe na mBallstát, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(60) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an méid seo a leanas: (a) na teimpléid a shonrú atá le húsáid le haghaidh iarratas ar aitheantas do Thionscadail Straitéiseacha, tuarascálacha ar dhul chun cinn a bhaineann le Tionscadail Straitéiseacha, na cláir taiscéalaíochta náisiúnta, agus tuairisciú na mBallstát a bhaineann le taiscéalaíocht, faireachán, stoic straitéiseacha agus ciorclaíocht; (b) cad iad na táirgí, na comhpháirteanna agus na sruthanna dramhaíola a measfar go bhfuil ardacmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leo a shonrú; agus (c) na critéir agus a gcur i bhfeidhm chun scéimeanna a aithint a bhaineann le hinbhuanaitheacht amhábhar criticiúil a dhearbhú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[48].

(61) Lena áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a fhorchuirtear faoin Rialachán seo, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na ceanglais éicidhearthóireachta a bheith á gcomhlíonadh acu, ba cheart pionóis a ghearradh ar chuideachtaí nach gcomhlíonann a n-oibleagáid, lena n-áirítear maidir le hullmhacht riosca, tuairisciú tionscadal agus faisnéis in-athchúrsáilteachta. Dá bhrí sin, ní mór do na Ballstáit pionóis atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a leagan síos sa dlí náisiúnta in aghaidh neamhchomhlíontacht leis an Rialacháin seo.

(62) Ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach AE agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar an dul chun cinn i dtreo a chuspóirí a bhaint amach, lena n-áirítear na tagarmharcanna um acmhainneacht agus éagsúlú, a chur faoi bhráid Pharlaimint na

---

[47] OJ L123, 12.5. 2016, lch. 1.

[48] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13-18).

hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil freisin, bunaithe ar chur chun feidhme na mbeart a bhaineann le trédhearcacht lorg comhshaoil na n-amhábhar criticiúil, ar oiriúnacht tairseacha uasta a bhunú a bhaineann leis an lorg comhshaoil.

(63) Sa mhéid gur státchabhair é aon bheart dá bhforáiltear sa Rialachán seo, tá na forálacha a bhaineann le bearta den sórt sin gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh.

(64) I dtaca le cuspóirí an Rialacháin seo, mar atá, feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh lena mbunaítear creat chun rochtain an Aontais ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú, ós rud é nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil 1
# Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

**Ábhar agus cuspóirí**

1. Is é is cuspóir ginearálta don Rialachán seo feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh trí chreat a bhunú chun rochtain an Aontais ar sholáthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú.

2. Chun an cuspóir ginearálta dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tá sé d'aidhm ag an Rialachán seo an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na céimeanna éagsúla de shlabhra luacha na n-amhábhar straitéiseach a neartú lena áirithiú go mbeidh méadú suntasach tagtha, faoi 2030, ar chumais an Aontais do gach amhábhar straitéiseach ionas go mbeidh, ar an iomlán, cumas an Aontais gar do na tagarmharcanna seo a leanas nó go mbeidh siad bainte amach aige:

(i) Le cumas eastósctha an Aontais féadfar na mianta, na mianraí nó an tiúchain is gá a bhaint amach chun 10 % ar a laghad de thomhaltas bliantúil amhábhar straitéiseach an Aontais a tháirgeadh, a mhéid a éascaítear é sin le cúltacaí an Aontais;

(ii) Le cumas próiseála an Aontais, lena n-áirítear na céimeanna próiseála idirmheánacha uile, féadfar 40 % ar a laghad de thomhaltas bliantúil amhábhar straitéiseach an Aontais a tháirgeadh;

(iii) Le cumas athchúrsála an Aontais, lena n-áirítear na céimeanna athchúrsála idirmheánacha uile, féadfar 15 % ar a laghad de thomhaltas bliantúil amhábhar straitéiseach an Aontais a tháirgeadh.

(b) allmhairí amhábhair straitéiseacha an Aontais a éagsúlú d'fhonn a áirithiú, faoi 2030, go mbeidh tomhaltas bliantúil an Aontais de gach amhábhar straitéiseach ag aon chéim ábhartha den phróiseáil ábalta brath ar allmhairí ó roinnt tríú tíortha, agus nach soláthrófar le haon cheann díobh níos mó ná 65 % de thomhaltas bliantúil an Aontais;

(c) feabhas a chur ar chumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar an riosca soláthair a bhaineann le hamhábhair chriticiúla agus é a mhaolú;

(d) saorghluaiseacht amhábhar criticiúil agus táirgí ina bhfuil amhábhair chriticiúla a chuirtear ar mhargadh an Aontais a áirithiú, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á áirithiú, trí fheabhas a chur ar chiorclaíocht agus inbhuanaitheacht na n-amhábhar agus na dtáirgí sin.

3. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, bunaithe ar an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 42, gur dócha nach mbainfidh an tAontas na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 amach, déanfaidh sé measúnú ar indéantacht agus comhréireacht bearta a mholadh nó a chumhachtaí a fheidhmiú ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí sin.

4. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na cuspóirí agus na tagarmharcanna a leagtar síos i mír 2, pointe a(iii), mar thosaíochtaí gaolmhara de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4)(a)(i) de Rialachán XX/XXXX [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe], agus ceanglais éicidhearthóireachta á n-ullmhú chun feabhas a chur ar na gnéithe táirge seo a leanas: marthanacht, ath-inúsáidteacht, indeisitheacht, úsáid acmhainní nó éifeachtúlacht acmhainní, an fhéidearthacht athmhonarú agus athchúrsáil a dhéanamh, ábhar athchúrsáilte agus an fhéidearthacht ábhair a aisghabháil.

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'amhábhar' substaint i staid phróiseáilte nó neamhphróiseáilte a úsáidtear mar ionchur i monarú táirgí idirmheánacha nó táirgí deiridh, cé is moite de shubstaintí a úsáidtear mar bhia, mar bheatha nó mar bhreosla dócháin go príomha;

(2) ciallaíonn 'amhábhair chriticiúla' na hamhábhair mar a shainítear in Airteagal 4;

(3) ciallaíonn 'amhábhair straitéiseacha' na hamhábhair mar a shainítear in Airteagal 3;

(4) ciallaíonn 'slabhra luacha amhábhar' gach gníomhaíocht agus gach próiseas a bhaineann le hiniúchadh, eastóscadh, próiseáil agus athchúrsáil amhábhar;

(5) ciallaíonn 'taiscéalaíocht' na gníomhaíochtaí uile a dhírítear ar airíonna tarluithe mianraí a shainaithint agus a shuíomh;

(6) ciallaíonn 'eastóscadh' eastóscadh príomhúil mianta, mianraí agus táirgí plandaí óna bhfoinse bhunaidh, lena n-áirítear eastóscadh ó tharluithe mianraí faoi thalamh, eastóscadh mianraí faoi uisce, sáile agus crainn;

(7) ciallaíonn 'acmhainn eastósctha an Aontais' comhiomlán uasmhéideanna bliantúla táirgthe na n-oibríochtaí eastósctha le haghaidh mianta, mianraí, táirgí

plandaí agus tiúchain ina bhfuil amhábhair straitéiseacha, lena n-áirítear oibríochtaí próiseála a bhíonn suite de ghnáth ag an láithreán eastósctha nó gar dó, agus atá lonnaithe san Aontas;

(8) ciallaíonn 'cúltacaí' na tarluithe mianraí uile a bhfuil inmharthanach ón taobh eacnamaíoch iad a eastóscadh;

(9) ciallaíonn 'próiseáil' gach próiseas fisiceach, ceimiceach agus bitheolaíoch lena ndéantar amhábhar a athrú ó mhianraí, ó tháirgí plandaí nó ó dhramhaíl go miotail íona, cóimhiotail nó foirmeacha eile atá inúsáidte go heacnamaíoch;

(10) ciallaíonn 'cumas próiseála an Aontais' comhiomlán uasmhéideanna bliantúla na n-oibríochtaí próiseála le haghaidh amhábhair straitéiseacha, cé is moite d'oibríochtaí den sórt sin a bhíonn suite de ghnáth ag an láithreán eastósctha nó gar dó, agus atá lonnaithe san Aontas;

(11) ciallaíonn 'athchúrsáil' aon oibríocht aisghabhála lena ndéantar ábhair dramhaíola a athphróiseáil ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí, chun a gcríocha bunaidh nó chun críocha eile;

(12) ciallaíonn 'cumas athchúrsála an Aontais' comhiomlán uasmhéid bliantúil na n-oibríochtaí athchúrsála le haghaidh amhábhair straitéiseacha, lena n-áirítear sórtáil agus réamhchóireáil na dramhaíola agus a próiseáil go hamhábhair thánaisteacha, agus atá lonnaithe san Aontas;

(13) ciallaíonn 'tomhaltas bliantúil amhábhar straitéiseach' comhiomlán mhéid na n-amhábhar straitéiseach arna dtomhailt ag gnóthais atá bunaithe san Aontas i bhfoirm phróiseáilte, cé is moite d'amhábhair straitéiseacha a ionchorpraítear i dtáirgí idirmheánacha nó deiridh a chuirtear ar mhargadh an Aontais;

(14) ciallaíonn 'riosca soláthair' riosca soláthair arna ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

(15) ciallaíonn 'tionscadal amhábhar' aon saoráid atá pleanáilte nó aon síneadh nó athchur suntasach atá pleanáilte ar shaoráid atá ann cheana agus atá gníomhach maidir le heastóscadh, próiseáil nó athchúrsáil amhábhar;

(16) ciallaíonn 'ceannaitheoir' gnóthas a rinne comhaontú ceannaigh le tionscnóir tionscadail;

(17) ciallaíonn 'comhaontú ceannaigh' aon chomhaontú conarthach idir gnóthas agus tionscnóir tionscadail ina bhfuil gealltanas ar thaobh an ghnóthais sciar de na hamhábhair arna dtáirgeadh ag tionscadal amhábhar sonrach a fháil thar thréimhse áirithe ama nó gealltanas ar thaobh an tionscnóra tionscadail an rogha a thabhairt don ghnóthas déanamh amhlaidh;

(18) ciallaíonn 'tionscnóir tionscadail' aon ghnóthas nó aon chuibhreannas gnóthas a fhorbraíonn tionscadal amhábhar;

(19) ciallaíonn 'próiseas deonaithe ceadanna' próiseas lena gcumhdaítear gach cead riaracháin ábhartha chun na Tionscadail Straitéiseacha dá dtagraítear in Airteagal 5 a phleanáil, a thógáil agus a oibriú, lena n-áirítear ceadanna tógála, ceadanna ceimiceán agus ceadanna naisc eangaí agus measúnuithe agus údaruithe comhshaoil i gcás ina n-éilítear iad sin, agus lena gcuimsítear gach iarratas agus nós imeachta riaracháin ó bhailíocht an iarratais a admháil go dtí go dtugtar fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an nós imeachta don údarás inniúil náisiúnta freagrach dá dtagraítear in Airteagal 8(1);

(20) ciallaíonn ‘cinneadh cuimsitheach’ an cinneadh nó an tsraith cinntí a dhéanann údaráis na mBallstát gan cúirteanna nó binsí a chur san áireamh lena gcinntear an bhfuil tionscnóir tionscadail údaraithe chun tionscadal amhábhar a chur chun feidhme nó nach bhfuil, gan dochar d’aon chinneadh a dhéanfar i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin;

(21) ciallaíonn ‘taiscéalaíocht ghinearálta’ taiscéalaíocht ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, gan taiscéalaíocht spriocdhírithe a áireamh;

(22) ciallaíonn ‘taiscéalaíocht spriocdhírithe’ imscrúdú mionsonraithe ar tharlú mianraí aonair;

(23) ciallaíonn ‘fosuithe mianta doimhne’ tarluithe mianraí atá suite níos doimhne i screamh an Domhain ná tarluithe mianta a shaothraítear go traidisiúnta;

(24) ciallaíonn ‘mapáil thuarthach’ mapa ina léirítear limistéir ar dócha go mbeidh tarluithe mianraí amhábhair ar leith iontu;

(25) ciallaíonn ‘suaitheadh soláthair’ an laghdú suntasach gan choinne ar infhaighteacht amhábhair nó an méadú suntasach ar phraghas amhábhair;

(26) ciallaíonn ‘slabhra soláthair amhábhar’ gníomhaíochtaí agus próisis uile an tslabhra luacha amhábhar suas go dtí an pointe ina n-úsáidtear amhábhar mar ionchur i monarú táirgí idirmheánacha nó táirgí deiridh;

(27) ciallaíonn ‘straitéisí um maolú’ na beartais arna bhforbairt ag oibreoir eacnamaíoch chun teorainn a chur leis an dóchúlacht go dtarlódh suaitheadh soláthair ar a shlabhra soláthair nó chun na damáistí a tharla de bharr suaitheadh den sórt sin ar a ghníomhaíocht eacnamaíoch a mhaolú;

(28) ciallaíonn ‘príomh-oibreoirí margaidh’ táirgeoirí a bhfuil baint acu le heastóscadh, le próiseáil nó le hathchúrsáil amhábhar criticiúil, trádálaithe agus dáileoirí amhábhar criticiúil, agus cuideachtaí iartheachtacha a úsáideann méideanna suntasacha amhábhar criticiúil;

(29) ciallaíonn ‘stoc straitéiseach’ cainníocht amhábhair áirithe i cibé foirm a stórálann oibreoir poiblí nó príobháideach é chun é a scaoileadh i gcás suaitheadh soláthair;

(30) ciallaíonn ‘cuideachta mhór’ aon chuideachta a raibh níos mó ná 500 fostaí aici ar an meán agus a raibh glanláimhdeachas níos mó ná EUR 150 milliún aici sa bhliain airgeadais dheireanach a bhfuil ráitis airgeadais bhliantúla ullmhaithe ina leith;

(31) ciallaíonn ‘teicneolaíochtaí straitéiseacha’ na teicneolaíochtaí is gá don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus d’fheidhmeanna cosanta agus spáis;

(32) ciallaíonn ‘bord stiúrthóirí’ an comhlacht riaracháin nó maoirseachta atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú feidhmiúcháin na cuideachta, nó, mura bhfuil comhlacht den sórt sin ann, an duine nó na daoine a bhfuil feidhmeanna coibhéiseacha á gcomhlíonadh acu;

(33) ciallaíonn ‘bailiú’ dramhaíl a bhailiú, lena n-áirítear réamhshórtáil agus réamhstóráil dramhaíola chun críocha í a thabhairt go saoráid chóireála dramhaíola;

(34) ciallaíonn ‘cóireáil’ oibríochtaí aisghabhála nó diúscartha, lena n-áirítear ullmhú roimh aisghabháil nó diúscartha;

(35) ciallaíonn 'athshlánú' aon oibríocht arb é an príomhthoradh atá uirthi go mbaintear úsáid fhónta as dramhaíl trína cur in ionad ábhair eile a mbainfí feidhm ar leith astu murach sin, nó go n-ullmhaítear dramhaíl chun an fheidhm sin a bhaint aisti, sa tsaoráid nó sa gheilleagar i gcoitinne;

(36) ciallaíonn 'dramhaíl eastóscach' dramhaíl eastóscach de réir bhrí Threoir 2006/21/CE;

(37) ciallaíonn 'saoráid dramhaíola eastóscaí' saoráid dramhaíola de réir bhrí Threoir 2006/21/CE;

(38) ciallaíonn 'réamh-mheasúnú eacnamaíoch' measúnú coincheapúil luathchéime ar inmharthanacht eacnamaíoch fhéideartha tionscadail amhábhar chun amhábhair chriticiúla a aisghabháil ó dhramhaíl eastóscach;

(39) ciallaíonn 'feiste íomháithe athshondais mhaighnéadaigh' feiste leighis neamhionrach ina n-úsáidtear réimsí maighnéadacha chun íomhánna anatamaíocha a dhéanamh nó aon fheiste eile ina n-úsáidtear réimsí maighnéadacha chun íomhánna a dhéanamh den taobh istigh de réad;

(40) ciallaíonn 'gineadóir fuinnimh gaoithe' an chuid de thuirbín gaoithe ar tír mór nó amach ón gcósta lena dtiontaítear fuinneamh meicniúil an rótair go fuinneamh leictreach;

(41) ciallaíonn 'róbat tionsclaíoch' ionramhálaí ilchuspóireach a rialaítear go huathoibríoch, atá in-athchláraithe agus atá in-ríomhchláraithe i dtrí ais nó níos mó, agus ar féidir é a shocrú nó a úsáid go soghluaiste i bhfeidhmchláir uathoibrithe thionsclaíocha;

(42) ciallaíonn 'mótarfheithicil' aon fheithicil chineálcheadaithe i gcatagóir M nó i gcatagóir N de réir bhrí Rialachán (AE) 2018/858;

(43) ciallaíonn 'modh éadrom iompair' aon fheithicil ar rothaí is féidir a chumhachtú leis an mótar leictreach as féin nó le meascán de chumhacht mhótair agus de chumhacht an duine, lena n-áirítear scútair leictreacha, rothair leictreacha agus feithiclí cineálcheadaithe i gcatagóir L de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

(44) ciallaíonn 'gineadóir fuaraithe' an chuid de chóras fuaraithe lena ngintear difríocht teochta trínár féidir teas a bhaint as an spás nó as an bpróiseas fuaraithe, agus úsáid á baint as timthriall leictreach comhbhrúite gaile;

(45) ciallaíonn 'teaschaidéal' an chuid de chóras teasa lena ngintear difríocht teochta lenar féidir teas a sholáthar don spás nó don phróiseas atá le téamh, agus úsáid á baint as timthriall leictreach comhbhrúite gaile;

(46) ciallaíonn 'mótar leictreach' feiste lena dtiontaítear cumhacht ionchurtha leictrigh go cumhacht aschurtha mheicniúil, agus lena bhfuil aschur rátaithe arb ionann é agus 0.12 kW nó níos mó ná sin;

(47) ciallaíonn 'meaisín níocháin uathoibríoch' meaisín níocháin ina nítear go hiomlán an lód sa mheaisín níocháin gan aon ghá le hidirghabháil úsáideora ag aon am le linn an chláir;

(48) ciallaíonn 'triomadóir rothlaim' fearas ina dtriomaítear teicstílí trína rothlú i ndruma rothlach trína dtéitear aer téite;

(49) ciallaíonn 'micreathonn' aon fhearas a bhfuil sé beartaithe é a úsáid chun bia a théamh agus úsáid á baint as fuinneamh leictreamaighnéadach;

(50) ciallaíonn 'folúsghlantóir' fearas lena mbaintear ithir ó dhromchla atá le glanadh trí aershreabhadh a chruthaítear le brú arna fhorbairt laistigh den aonad;

(51) ciallaíonn 'miasniteoir' meaisín ina ndéantar earraí boird a ghlanadh agus a shruthlú;

(52) ciallaíonn 'buanmhaighnéad' maighnéad a choinníonn a mhaighnéadas i ndiaidh é a bhaint de réimse seachtrach maighnéadach;

(53) ciallaíonn 'iompróir sonraí' siombail barrachóid línigh, siombail dhéthoiseach nó meán gabhála sonraí eile um shainaithint uathoibríoch is féidir a léamh le feiste;

(54) ciallaíonn 'aitheantóir uathúil táirge' teaghrán uathúil carachtar chun táirgí a shainaithint;

(55) ciallaíonn 'bratú maighnéid' sraith ábhair a úsáidtear go ginearálta chun maighnéid a chosaint ar chreimeadh;

(56) ciallaíonn 'aistriú' láimhseáil láimhe, mheicniúil, cheimiceach, theirmeach nó mhiotalach agus de thoradh air sin go mbeidh na comhpháirteanna nó na hábhair spriocdhírithe inaitheanta mar shruth aschuir ar leith nó mar chuid de shruth aschuir;

(57) ciallaíonn 'athchúrsálaí' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann athchúrsáil i saoráid cheadaithe;

(58) ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' táirge a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(59) ciallaíonn 'cineál amhábhair chriticiúil' amhábhar criticiúil a chuirtear ar an margadh agus a idirdhealaítear de réir a chéime próiseála, a chomhdhéanaimh cheimicigh, a thionscnaimh gheografaigh nó na modhanna táirgthe a úsáidtear;

(60) ciallaíonn 'cur ar an margadh' táirge a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(61) ciallaíonn 'measúnú comhréireachta' an próiseas lena léirítear ar comhlíonadh na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 27, in Airteagal 28 nó in Airteagal 34;

(62) ciallaíonn 'Comhpháirtíocht Straitéiseach' gealltanas idir an tAontas agus tríú tír maidir le comhar a mhéadú a bhaineann leis an slabhra luacha amhábhar a bhunaítear trí ionstraim neamhcheangailteach lena leagtar amach gníomhaíochtaí nithiúla comhleasa.

## Caibidil 2
## Amhábhair chriticiúla agus amhábhair straitéiseacha

*Airteagal 3*

**Liosta na n-amhábhar straitéiseach**

1. Measfar gur amhábhair straitéiseacha iad na hamhábhair a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn 1.

2. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun Iarscríbhinn I, Roinn 1 a leasú chun liosta na n-amhábhar straitéiseach a thabhairt cothrom le dáta.

Áireofar i liosta nuashonraithe d'amhábhair straitéiseacha, as measc na n-amhábhar a ndearnadh measúnú orthu, na hamhábhair is airde a scórálann i measc na n-amhábhar i dtaca le tábhacht straitéiseach, fás réamh-mheasta ar an éileamh agus an deacracht a bhaineann le táirgeadh a mhéadú. Is i gcomhréir le hIarscríbhinn I, Roinn 2, a chinnfear an tábhacht straitéiseach, an fás réamh-mheasta ar an éileamh agus an deacracht a bhaineann leis an táirgeacht a mhéadú.

3. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus, más gá, nuashonrú ar liosta n-amhábhar straitéiseach faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 4 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin.

*Airteagal 4*

**Liosta na n-amhábhar criticiúla**

1. Measfar gur amhábhair chriticiúla iad na hamhábhair a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn 1.

2. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun Iarscríbhinn II, Roinn 1 a leasú chun liosta na n-amhábhar criticiúla a thabhairt cothrom le dáta.

Áireofar i liosta nuashonraithe d'amhábhair chriticiúla na hamhábhair straitéiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, Roinn 1 chomh maith le haon amhábhar eile a shroichfidh nó a sháróidh na tairseacha maidir le an tábhacht eacnamaíoch agus an riosca soláthair dá dtagraítear i mír 3. Ríomhfar an tábhacht eacnamaíoch agus an riosca soláthair i gcomhréir le hIarscríbhinn II, Roinn 2.

3. Na tairseacha a bheidh i gceist ná 1 le haghaidh riosca soláthair agus 2.8 le haghaidh tábhacht eacnamaíoch.

4. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus, más gá, nuashonrú ar liosta n-amhábhar criticiúla faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 4 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus gach 4 bliana ina dhiaidh sin.

# Caibidil 3
# Slabhra luacha amhábhar an Aontais a neartú

## ROINN 1
## TIONSCADAIL STRAITÉISEACHA

*Airteagal 5*

**Critéir maidir le haitheantas a thabhairt do Thionscadail Straitéiseacha**

1. I ndiaidh don tionscnóir tionscadail iarratas a dhéanamh agus i gcomhréir leis an nós imeachta a bhunaítear in Airteagal 6, aithneoidh an Coimisiún mar Thionscadail Straitéiseacha amhábhar a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

(a) go gcuirfeadh an tionscadal méid fiúntach le slándáil sholáthar amhábhair straitéiseacha an Aontais;

(b) go bhfuil nó go mbeidh an tionscadal indéanta ón taobh teicniúil laistigh de thréimhse ama réasúnta agus gur féidir méid táirgeachta ionchasach an tionscadail a mheas le leibhéal leordhóthanach muiníne;

(c) go gcuirfí an tionscadal chun feidhme ar bhealach inbhuanaithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le faireachán, cosc agus íoslaghdú na dtionchar ar an gcomhshaol, úsáid cleachtas lena mbaineann freagracht shóisialta lena n-áirítear cearta an duine agus cearta saothair a urramú, acmhainneacht post ar ardchaighdeán agus rannpháirtíocht fhiúntach le pobail áitiúla agus le comhpháirtithe sóisialta ábhartha, agus úsáid cleachtas gnó trédhearcach lena ngabhann beartais leordhóthanacha um chomhlíonadh chun an riosca go n-imreofar drochthionchair ar fheidhmiú cuí an riaracháin phoiblí a chosc agus a íoslaghdú, lena n-áirítear éilliú agus breabaireacht;

(d) maidir le tionscadail san Aontas, go mbeadh tairbhí trasteorann ag baint le bunú, oibriú nó táirgeadh an tionscadail lasmuigh den Bhallstát lena mbaineann, lena n-áirítear earnálacha iartheachtacha;

(e) maidir le tionscadail i dtríú tíortha ar margaí atá ag teacht chun cinn nó ngeilleagair atá i mbéal forbartha iad, go rachadh an tionscadal chun tairbhe an Aontais agus an tríú tír lena mbaineann trí luach a chur leis sa tír sin.

2. Déanfaidh an Coimisiún comhlíonadh na gcritéar aitheantais a leagtar amach i mír 1 a mheasúnú i gcomhréir leis na gnéithe agus leis an bhfianaise a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun Iarscríbhinn III a leasú chun na gnéithe agus an fhianaise atá le cur san áireamh a oiriúnú agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar aitheantais a leagtar amach i mír 1 maidir leis an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch nó chun athruithe ar reachtaíocht an Aontais nó ar ionstraimí idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn III, pointe 4, nó glacadh reachtaíochta breise de chuid an Aontais nó ionstraimí idirnáisiúnta atá ábhartha chun an critéar dá dtagraítear i mír 1, pointe (c) a chomhlíonadh, a chur san áireamh.

3. Ní dhéanfaidh aitheantas tionscadail mar Thionscadal Straitéiseach difear do na ceanglais is infheidhme maidir leis an tionscadal nó leis an tionscnóir tionscadail ábhartha faoin dlí idirnáisiúnta, faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta.

*Airteagal 6*

**Cur i bhfeidhm agus aitheantas**

1. Maidir le hiarratais ar aitheantas a thabhairt do thionscadal amhábhar mar Thionscadal Straitéiseach, cuirfidh an tionscnóir tionscadail na hiarratais sin faoi bhráid an Choimisiúin. Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

(a) fianaise ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 5(1);

(b) aicmiú an tionscadail de réir Chreat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe maidir le hAcmhainní, le tacaíocht ó fhianaise iomchuí;

(c) clár ama chun an tionscadal a chur chun feidhme, lena n-áirítear forléargas ar na ceadanna is gá don tionscadal agus stádas an phróisis chomhfhreagraigh deonaithe ceadanna;

(d) plean ina mbeidh bearta chun glacadh an phobail a éascú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bealaí cumarsáide athfhillteacha a bhunú leis na pobail agus na heagraíochtaí áitiúla, lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta, feachtais múscailte feasachta agus faisnéise a chur chun feidhme agus sásraí um maolú agus um chúiteamh a bhunú;

(e) faisnéis maidir le rialú na ngnóthas atá páirteach sa tionscadal, arna sainiú de bhun Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle;

(f) plean gnó ina ndéanfar measúnú ar inmharthanacht airgeadais an tionscadail;

(g) meastachán ar acmhainneacht an tionscadail maidir le cruthú post ar ardchaighdeán agus riachtanais an tionscadail i gcomhthéacs lucht saothair oilte chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú.

2. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear teimpléad a úsáidfidh tionscnóirí tionscadail maidir leis na hiarratais dá dtagraítear i mír 1. D’fhéadfaí a léiriú sa teimpléad conas a chuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 in iúl. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

3. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear san iarratas neamhiomlán, tabharfaidh sé deis don iarratasóir an fhaisnéis bhreise is gá chun an t-iarratas a chomhlánú a chur isteach in am tráthúil.

4. Déanfaidh an Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla dá dtagraítear in Airteagal 34 (‘an Bord’), bunaithe ar phróiseas cothrom agus trédhearcach, plé maidir le hiomláine an iarratais agus i dtaobh an gcomhlíonann an tionscadal atá beartaithe na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1) agus eiseoidh sé tuairim ina leith sin.

5. I gcás ina ndéanfaidh an Ballstát a mbaineann a chríoch le tionscadal atá beartaithe agóid i gcoinne stádas straitéiseach a dheonú do thionscadal atá beartaithe, cuirfidh sé cúiseanna réasúnaithe leis sin i láthair le linn an phlé dá dtagraítear i mír 4. Pléifidh an Bord na cúiseanna a mbeidh bunús leo arna gcur i láthair ag Ballstát chun cur ina choinne. Más rud é, i ndiaidh an phlé, go seasfaidh an Ballstát lena agóid, ní bhreithneofar an tionscadal le haghaidh stádas Tionscadail Straitéisigh.

I gcás Tionscadail Straitéiseacha i dtríú tíortha, roinnfidh an Coimisiún an t-iarratas a gheofar leis an tríú tír a mbaineann a críoch leis an tionscadal atá beartaithe. Ní fhormheasfaidh an Coimisiún an t-iarratas sula bhfaighidh sé formheas sainráite ón tríú tír ábhartha.

6. Déanfaidh an Coimisiún, agus tuairim an Bhoird dá dtagraítear i mír 4 á cur san áireamh aige, a chinneadh maidir le haitheantas a thabhairt don tionscadal mar Thionscadal Straitéiseach a ghlacadh laistigh de 60 lá agus tabharfaidh sé fógra don iarratasóir faoi sin.

Beidh cinneadh an Choimisiúin réasúnaithe, lena n-áirítear, más infheidhme, i gcás go mbeidh sé difriúil le tuairim an Bhoird. Roinnfidh an Coimisiún a chúiseanna leis an mBord chomh maith leis an tionscnóir tionscadail.

7. Féadfaidh an Coimisiún tús áite a thabhairt do phróiseáil iarratas ar thionscadail atá gníomhach ar chéimeanna sonracha den slabhra luacha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ionadaíocht chothrom de Thionscadail Straitéiseacha a áirithiú do na hamhábhair straitéiseacha go léir agus ag gach céim den slabhra luacha;

(b) a áirithiú go mbainfear dul chun cinn amach i dtreo na dtagarmharcanna uile a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointe (a) agus pointe (b).

8. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach gcomhlíonann Tionscadal Straitéiseach na critéir a leagtar amach in Airteagal 5(1) a thuilleadh nó i gcás ina raibh a aitheantas bunaithe ar iarratas ina raibh faisnéis mhícheart, féadfaidh sé, agus tuairim an Bhoird agus an tionscnóra tionscadail fhreagraigh á cur san áireamh, an cinneadh lena ndeonaítear stádas Tionscadail Straitéisigh a aisghairm.

9. Tionscadail nach n-aithnítear a thuilleadh mar Thionscadail Straitéiseacha, caillfidh siad gach ceart a bhaineann leis an stádas sin faoin Rialachán seo.

*Airteagal 7*

**Tionscadail Straitéiseacha a chur chun feidhme**

1. Measfar go gcuirfidh Tionscadail Straitéiseacha le slándáil an tsoláthair amhábhar straitéiseach san Aontas.

2. Maidir leis na tionchair a phléitear in Airteagail 6(4) agus 16 (1)(c) de Threoir 92/43/CEE, in Airteagal 4(7) de Threoir 2000/60/CE agus in Airteagal 9(1)(a) de Threoir 2009/147/CE, measfar gur de leas an phobail nó de sheirbhís don tsláinte agus don tsábháilteacht phoiblí iad na Tionscadail Straitéiseacha san Aontas, agus féadfar a mheas go bhfuil leas sáraitheach poiblí ag baint leo ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir a leagtar amach sna Treoracha sin.

3. Déanfaidh an Ballstát a mbaineann a chríoch le Tionscadal Straitéiseach bearta chun cuidiú lena chur chun feidhme go tráthúil agus go héifeachtach.

4. Déanfaidh an Bord plé ar bhonn tréimhsiúil ar chur chun feidhme na dTionscadal Straitéiseach agus, más gá, ar bhearta a d'fhéadfadh an tionscnóir tionscadail nó an Ballstát a mbaineann a chríoch le Tionscadal Straitéiseach a dhéanamh chun cur chun feidhme na dTionscadal Straitéiseach sin a éascú tuilleadh.

5. Cuirfidh an tionscnóir tionscadail, i ndiaidh dháta an aitheantais mar Thionscadal Straitéiseach, tuarascáil faoi bhráid an Bhoird gach 2 bhliain ina mbeidh faisnéis maidir leis an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an dul chun cinn i gcur chun feidhme an tionscadail, go háirithe maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna;

(b) más ábhartha, cúiseanna le moilleanna i gcomparáid leis an tráthchlár dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (c), agus plean chun moilleanna den sórt sin a shárú;

(c) dul chun cinn maidir leis an tionscadal a mhaoiniú, lena n-áirítear faisnéis maidir le tacaíocht airgeadais phoiblí.

6. Féadfaidh an Bord faisnéis bhreise a iarraidh ar thionscnóirí tionscadail a bhaineann le cur chun feidhme an Tionscadail Straitéisigh am ar bith.

7. Tabharfaidh an tionscnóir tionscadail fógra don Choimisiún faoi:

(a) athruithe ar an tionscadal lena ndéantar difear do chomhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 5(1);

(b) athruithe ar rialú na ngnóthas atá bainteach leis an tionscadal ar bhonn buan, i gcomparáid leis an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6(1), pointe (e).

8. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear teimpléad a úsáidfidh tionscnóirí tionscadail maidir leis na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 5. D'fhéadfaí a léiriú sa teimpléad conas a chuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 5 in iúl. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

9. Bunóidh an tionscnóir tionscadail suíomh gréasáin tiomnaithe tionscadail agus déanfaidh sé é a nuashonrú go rialta le faisnéis ábhartha faoin Tionscadal Straitéiseach, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na tionchair agus na tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an Tionscadal Straitéiseach. Beidh an suíomh gréasáin sin inrochtana don phobal agus beidh sé ar fáil i dteanga nó i dteangacha is féidir leis an bpobal áitiúil a thuiscint go héasca.

## ROINN 2
## AN PRÓISEAS DEONAITHE CEADANNA

*Airteagal 8*

**Ionad ilfhreastail**

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 mhí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ainmneoidh na Ballstáit údarás inniúil náisiúnta amháin a bheidh freagrach as an bpróiseas deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadal criticiúil amhábhar a éascú agus a chomhordú agus as faisnéis a sholáthar faoi na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 17.

2. Is é an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 an t-aon phointe teagmhála a bheidh ag an tionscnóir tionscadail sa phróiseas deonaithe ceadanna, próiseas as a dtiocfaidh cinneadh cuimsitheach maidir le tionscadal criticiúil amhábhar ar leith agus comhordóidh sé cur isteach na ndoiciméad agus na faisnéise ábhartha uile.

3. Féadfar freagrachtaí an údaráis inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 nó na cúraimí a bhaineann leis a tharmligean chuig údarás eile, nó féadfaidh údarás eile iad a chur i gcrích, maidir le gach tionscadal amhábhar criticiúil, ar choinníoll:

(a) go dtabharfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 fógra do thionscnóir tionscadail na toscaireachta sin;

(b) go mbeidh gach údarás aonair freagrach as gach tionscadal amhábhar criticiúil.

(c) go gcomhordóidh údarás amháin cur isteach aon doiciméad agus faisnéise ábhartha.

4. Ceadófar do thionscnóirí tionscadail na doiciméid uile is ábhartha maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna a chur isteach i bhfoirm leictreonach.

5. Cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 san áireamh aon staidéir bhailí a rinneadh agus aon cheadanna nó údaruithe a eisíodh do thionscadal criticiúil amhábhar ar leith san áireamh sular cuireadh an tionscadal isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus ní éileoidh sé staidéir

agus ceadanna nó údaruithe dúblacha, mura gceanglaítear a mhalairt faoi dhlí an Aontais.

6. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 go mbeidh rochtain éasca ag iarratasóirí ar fhaisnéis maidir le díospóidí a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus maidir le heisiúint ceadanna do thionscadail chriticiúla amhábhar, lena n-áirítear, más infheidhme, sásraí malartacha um réiteach díospóidí.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ag an údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 an líon leordhóthanach ball foirne cáilithe agus na hacmhainní leordhóthanacha airgeadais, teicniúla agus teicneolaíochta is gá, lena n-áirítear le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú, chun a chúraimí faoin Rialachán seo a fheidhmiú go héifeachtach.

8. Déanfaidh an Bord na nithe seo a leanas:

(a) cur chun feidhme na Roinne seo a phlé ar bhonn tréimhsiúil agus dea-chleachtais a roinnt maidir le dlús a chur leis an nós imeachta um cheadú le haghaidh tionscadail amhábhar criticiúil agus chun feabhas ar chur ar ghlacadh an phobail leo;

(b) más ábhartha, treoirlínte a mholadh don Choimisiún maidir le cur chun feidhme na Roinne seo a chuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 san áireamh.

*Airteagal 9*

**Stádas tosaíochta na dTionscadal Straitéiseach**

1. Chun próiseáil éifeachtúil riaracháin na bpróiseas ceada a bhaineann leis na Tionscadail Straitéiseacha san Aontais a áirithiú, áiritheoidh tionscnóirí tionscadail agus na húdaráis uile lena mbaineann go láimhseálfar na próisis sin chomh gasta agus is féidir i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

2. Gan dochar do na hoibleagáidí dá bhforáiltear i ndlí an Aontais, deonófar stádas an suntais náisiúnta agus is airde is féidir do Thionscadail Straitéiseacha san Aontas, i gcás ina bhfuil stádas den sórt sin sa dlí náisiúnta, agus déileálfar leo dá réir sin sna próisis deonaithe ceadanna.

3. Maidir le gach nós imeachta um réiteach díospóidí, dlíthíocht, achomharc agus leigheas breithiúnach a bhaineann leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus le heisiúint ceadanna do Thionscadail Straitéiseacha san Aontas os comhair aon chúirteanna, aon bhinsí, aon phainéil, lena n-áirítear idirghabháil nó eadráin, i gcás ina bhfuil ann dóibh sa dlí náisiúnta, déileálfar leo mar nósanna imeachta práinne, má dhéantar foráil, agus a mhéid a dhéantar foráil, sa dlí náisiúnta maidir le nósanna imeachta práinne dá leithéid agus ar choinníoll go n-urramófaí cearta cosanta is infheidhme de ghnáth do dhaoine aonair nó do phobail áitiúla. Beidh tionscnóirí tionscadail Tionscadal Straitéiseach rannpháirteach i nós imeachta práinne den sórt sin, i gcás inarb infheidhme.

*Airteagal 10*

**Fad an phróisis deonaithe ceadanna**

1. I gcás Thionscadail Straitéiseacha san Aontas, ní rachaidh an próiseas deonaithe ceadanna thar an méid seo a leanas:

(a) 24 mhí le haghaidh Tionscadail Straitéiseacha lena mbaineann eastóscadh;

(b) 12 mhí le haghaidh Tionscadail Straitéiseach nach mbaineann ach le próiseáil nó athchúrsáil amháin.

2. I gcás Tionscadail Straitéiseacha san Aontas a cuireadh isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna sular deonaíodh stádas Tionscadail Straitéisigh ina leith, ní rachaidh fad na gcéimeanna eile den phróiseas deonaithe ceadanna i ndiaidh stádas straitéiseach a dheonú don tionscadal, de mhaolú ar mhír 1, thar an méid seo a leanas:

(a) 21 mhí le haghaidh Tionscadail Straitéiseacha lena mbaineann eastóscadh;

(b) 9 mí le haghaidh Tionscadail Straitéiseach nach mbaineann ach le próiseáil nó athchúrsáil amháin.

3. I gcásanna eisceachtúla, nuair a éilítear le cineál, castacht, suíomh nó méid an tionscadail atá beartaithe amhlaidh, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) síneadh 3 mhí ar a mhéad a chur leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), agus 2, pointe (a), agus síneadh 1 mhí ar a mhéad a chur leis na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), agus 2, pointe (b), sula rachaidh siad in éag agus ar bhonn cás ar chás. Sa chás sin, cuirfidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) an tionscnóir tionscadail ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna lena dtugtar údarú leis an síneadh agus faoin dáta a bhfuiltear ag súil leis an gcinneadh cuimsitheach.

4. Maidir le Tionscadail Straitéiseacha nach mbaineann ach le próiseáil nó athchúrsáil, mura bhfaighfear cinneadh cuimsitheach ón údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, measfar go mbeidh an t-iarratas ábhartha deonaithe ceadanna formheasta, cé is moite de na cásanna sin ina n-éilítear go ndéanfar measúnacht tionchair timpeallachta ar an tionscadal sonrach de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle nó de bhun Threoracha 2000/60/CE, 2008/98/CE, 2009/147/CE 2010/75/AE, 2011/92/AE nó 2012/18/AE nó cinneadh an bhfuil gá le measúnacht tionchair timpeallachta dá leithéid agus nach bhfuil na measúnuithe ábhartha déanta fós.

5. Tráth nach déanaí ná mí amháin i ndiaidh iarratas ar chead a fháil lena ndeonaítear iarratas a bhaineann le Tionscadal Straitéiseach, déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) an t-iarratas a bhailíochtú nó, murar sheol an tionscnóir tionscadail an fhaisnéis uile is gá chun iarratas a phróiseáil, iarrfaidh sé ar an tionscnóir tionscadail iarratas iomlán a chur isteach laistigh de cheithre lá dhéag ón iarraidh sin.

An dáta a admhóidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) bailíocht an iarratais, is é sin a dáta a chuirfear tús leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.

6. Tráth nach déanaí ná mí amháin i ndiaidh dháta admhála bhailíocht an iarratais ar dheonú ceadaithe, déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1), i ndlúthchomhar leis an tionscnóir tionscadail agus leis na húdaráis eile lena mbaineann, sceideal mionsonraithe a tharraingt suas don phróiseas deonaithe ceadanna. Foilseoidh an tionscnóir tionscadail an sceideal ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7(7) nó foilseoidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) é ar shuíomh gréasáin ar a bhfuil saor-rochtana.

7. Ní dochar na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo d'oibleagáidí a eascraíonn as dlí an Aontais agus as an dlí idirnáisiúnta, agus ní dochar iad do

nósanna imeachta achomhairc riaracháin ná leigheasanna breithiúnacha os comhair cúirte nó binse.

Na teorainneacha ama a leagtar síos san Airteagal seo d'aon cheann de na nósanna imeachta deonaithe ceadanna, ní dochar iad d'aon teorainneacha ama níos giorra arna leagan síos ag na Ballstáit.

*Airteagal 11*

**Measúnuithe agus údaruithe comhshaoil**

1. I gcás nach mór measúnacht tionchair timpeallachta a dhéanamh do Thionscadal Straitéiseach i gcomhréir le hAirteagal 5 go hAirteagal 9 de Threoir 2011/92/AE, iarrfaidh an tionscnóir tionscadail ábhartha tuairim ar an údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) maidir le raon feidhme agus leibhéal mionsonraí na faisnéise atá le cur sa tuarascáil um measúnacht tionchair timpeallachta faoi Airteagal 5(1) den Treoir sin.

Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) go n-eiseofar an tuairim dá dtagraítear sa chéad fhomhír a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse nach faide ná 30 lá ón dáta ar chuir an tionscnóir tionscadail a iarratas isteach.

2. I gcás Tionscadail Straitéiseacha dá n-eascraíonn an oibleagáid maidir le measúnuithe a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol go comhuaineach ó Threoir 92/43/CEE ón gComhairle, ó Threoracha 2000/60/CE, 2008/98/CE, 2009/147/CE 2010/75/AE, 2011/92/AE nó 2012/18/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) go gcuirfear nós imeachta comhordaithe nó nós imeachta comhpháirteach i bhfeidhm lena gcomhlíontar ceanglais reachtaíocht an Aontais sin.

Faoin nós imeachta comhordaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) na measúnuithe aonair éagsúla ar thionchar comhshaoil tionscadail áirithe a cheanglaítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais a chomhordú.

Faoin nós imeachta comhpháirteach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, déanfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) foráil maidir le measúnú aonair ar thionchar comhshaoil tionscadail áirithe a cheanglaítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.

3. Áiritheoidh an t-údarás inniúil náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) go n-eiseoidh na húdaráis lena mbaineann an chonclúid réasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (g)(iv) de Threoir 2011/92/AE maidir leis an measúnacht tionchair timpeallachta ar Thionscadal Straitéiseach laistigh de 3 mhí ón bhfaisnéis riachtanach uile a fháil, ar faisnéis í a bhailítear de bhun Airteagal 5, Airteagal 6 agus Airteagal 7 den Treoir sin agus lena gcríochnaítear na comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagail 6 agus 7 den Treoir sin.

4. Ní bheidh an t-achar ama chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann maidir leis an tuarascáil um measúnacht tionchair timpeallachta dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2011/92/AE níos faide ná 90 lá i gcás Tionscadail Straitéiseacha.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna do Thionscadail Straitéiseacha a cuireadh isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna sular deonaíodh stádas Tionscadail Straitéisigh ina leith.

Ní bheidh feidhm ag mír 2 go mír 4 den Airteagal seo maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna do Thionscadail Straitéiseacha a cuireadh isteach sa phróiseas deonaithe ceadanna sular deonaíodh stádas Tionscadail Straitéisigh ina leith ach amháin a mhéid nach mbeidh na céimeanna a dtugtar aghaidh orthu sna míreanna sin curtha i gcrích go fóill.

*Airteagal 12*

**Pleanáil**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá freagrach as pleananna a ullmhú, lena n-áirítear pleananna criosaithe, pleananna spásúla agus pleananna talamhúsáide, forálacha a áireamh sna pleananna sin, i gcás inarb iomchuí, maidir le forbairt tionscadal amhábhar criticiúil. Tabharfar tús áite do dhromchlaí saorga agus tógtha, láithreáin thionsclaíocha, láithreáin athfhorbraíochta, agus, i gcás inarb iomchuí, láithreáin úrnua nach bhfuil inúsáidte don talmhaíocht agus don fhoraoiseacht.

2. I gcás ina mbeidh pleananna lena n -áirítear forálacha maidir le forbairt tionscadal amhábhar criticiúil faoi réir measúnú de bhun Threoir 2001/42/CE agus de bhun Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE, cuirfear na measúnuithe sin le chéile. Más ábhartha, tabharfar aghaidh sa mheasúnú comhcheangailte sin freisin ar an tionchar ar na dobharlaigh lena mbaineann agus fíorófar ann an mbeadh an plean ina chúis le meath ar an stádas nó ar an acmhainneacht dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2000/60/CE nó an bhféadfadh sé cur isteach ar dhea-stádas nó ar dhea-acmhainneacht a bhaint amach do dhobharlach. I gcás ina gceanglaítear ar na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar thionchair na ngníomhaíochtaí atá á ndéanamh anois agus a dhéanfar amach anseo ar an muirthimpeallacht, lena n-áirítear idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir 2014/89/AE, cumhdófar na tionchair sin leis an measúnú comhcheangailte freisin.

*Airteagal 13*

**Infheidhmeacht choinbhinsiúin UNECE**

1. Tá na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo gan dochar do na hoibleagáidí faoi Airteagail 6 agus 7 de Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, a síníodh in Aarhus an 25 Meitheamh 1998, agus faoi Choinbhinsiún UNECE maidir le measúnacht tionchair timpeallachta i gcomhthéacs trasteorann, a síníodh in Espoo an 25 Feabhra 1991.

2. Cuirfear gach cinneadh a ghlacfar de bhun na Roinne seo ar fáil go poiblí.

## ROINN 3
## COINNÍOLLACHA CUMASÚCHÁIN

*Airteagal 14*

**Dlús a chur le cur chun feidhme**

1. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit gníomhaíochtaí chun dlús a chur le hinfheistíochtaí príobháideacha i dTionscadail Straitéiseacha agus chun iad a tharraingt isteach. Féadfar a áireamh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin, gan dochar d'Airteagal 107 agus d'Airteagal 108 CFAE, tacaíocht a sholáthar agus a chomhordú do Thionscadail Straitéiseacha a bhfuil deacrachtaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú.

2. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht riaracháin a sholáthar do Thionscadail Straitéiseacha chun a gcur chun feidhme tapa agus éifeachtach a éascú, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a sholáthar:

   (a) cúnamh chun comhlíonadh na n-oibleagáidí riaracháin agus tuairiscithe is infheidhme a áirithiú;

   (b) cúnamh do thionscnóirí tionscadail chun glacadh an phobail leis an tionscadal a mhéadú a thuilleadh.

*Airteagal 15*

**Maoiniú a chomhordú**

1. Déanfaidh an buan-fhoghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 35(6), pointe (a), arna iarraidh sin do thionscnóir tionscadail Tionscadail Straitéisigh, plé agus tabharfaidh sé comhairle maidir le conas is féidir maoiniú a thionscadail a chur i gcrích, agus an maoiniú atá faighte cheana féin á chur san áireamh agus na gnéithe seo a leanas ar a laghad á mbreithniú:

   (a) foinsí príobháideacha breise um maoiniú;

   (b) tacaíocht trí bhíthin acmhainní ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta nó ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbraíochta;

   (c) ionstraimí agus cláir reatha na mBallstát, lena n-áirítear ó bhainc agus institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh;

   (d) cláir um chistiú agus um mhaoiniú ábhartha de chuid an Aontais.

*Airteagal 16*

**Comhaontuithe ceannaigh a éascú**

1. Cuirfidh an Coimisiún córas ar bun chun tabhairt i gcrích comhaontuithe ceannaigh a bhaineann le Tionscadail Straitéiseacha a éascú, i gcomhréir le rialacha iomaíochta.

2. Leis an gcóras dá dtagraítear i mír 1, beidh ceannaitheoirí ábalta tairiscintí a dhéanamh lena léireofar:

   (a) méid agus cáilíocht na n-amhábhar straitéiseach atá beartaithe acu a cheannach;

   (b) an praghas nó an raon praghsanna atá beartaithe;

(c) fad beartaithe an chomhaontaithe ceannaigh.

3. Leis an gcóras dá dtagraítear i mír 1, beidh tionscnóirí tionscadal Tionscadal Straitéiseach ábalta tairiscintí a dhéanamh lena léireofar:

(a) méid agus cáilíocht na n-amhábhar straitéiseach ar mian leo comhaontuithe ceannaigh a thabhairt i gcrích ina leith;

(b) an praghas nó an raon praghsanna atá beartaithe, ag a mbeidh siad toilteanach díolachán a dhéanamh;

(c) fad beartaithe an chomhaontaithe ceannaigh.

4. Ar bhonn na dtairiscintí a gheofar de bhun mhíreanna 2 agus 3, cuirfidh an Coimisiún tionscnóirí tionscadal na dTionscadal Straitéiseach i dteagmháil le ceannaitheoirí ionchasacha atá ábhartha dá dtionscadal.

*Airteagal 17*

**Inrochtaineacht faisnéise riaracháin ar líne**

Soláthróidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a leanas maidir le próisis riaracháin atá ábhartha do thionscadail amhábhar criticiúil ar líne, agus ar bhealach láraithe agus inrochtana:

(a) An próiseas deonaithe ceadanna;

(b) seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta;

(c) deiseanna maoiniúcháin ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát;

(d) seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla, dlí saothair ach gan a bheith teoranta dóibh sin.

## ROINN 4
## TAISCÉALAÍOCHT

*Airteagal 18*

**Cláir náisiúnta taiscéalaíochta**

1. Tarraingeoidh gach Ballstát clár náisiúnta suas le haghaidh taiscéalaíocht ghinearálta a bheidh dírithe ar amhábhair chriticiúla. Tarraingeoidh gach Ballstát an chéad chlár den sórt sin suas faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 1 bhliain i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Déanfar na cláir náisiúnta a athbhreithniú agus, más gá, a thabhairt cothrom le dáta, gach 5 bliana ar a laghad.

2. Beidh bearta sna cláir taiscéalaíochta náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 chun an fhaisnéis atá ar fáil faoi tharluithe amhábhar criticiúil san Aontas a mhéadú, lena n- áirítear fosuithe mianta doimhne. Cuimseofar na bearta seo a leanas iontu, de réir mar is iomchuí:

(a) mapáil mianraí ar scála oiriúnach;

(b) feachtais gheocheimiceán, lena n-áirítear chun comhdhéanamh ceimiceach ithreacha, dríodair, carraigeacha a shuí;

(c) suirbhéanna geo-eolaíochta, amhail suirbhéanna geoifisiceacha;

(d) próiseáil na sonraí arna mbailiú trí thaiscéalaíocht ghinearálta, lena n-áirítear trí mhapaí tuarthacha a fhorbairt;

(e) sonraí suirbhé geo-eolaíocha atá ann cheana a athphróiseáil lena sheiceáil an bhfuil tarluithe mianraí neamhaitheanta ina bhfuil amhábhair chriticiúla ann.

3. Cuirfidh na Ballstáit a gcláir náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 in iúl don Choimisiún.

4. Déanfaidh na Ballstáit, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 43, faisnéis a sholáthar maidir leis an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme na mbeart ina gcláir náisiúnta.

5. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis faoina dtarluithe mianraí ina bhfuil amhábhair chriticiúla arna mbailiú trí na bearta a leagtar amach sna cláir náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor- rochtana. Áireofar san fhaisnéis sin, i gcás inarb infheidhme, aicmiú na dtarluithe a sainaithneofar trí úsáid a bhaint as Creat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní.

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear teimpléad chun an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chur ar fáil. D'fhéadfaí a léiriú sa teimpléad conas a chuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír in iúl. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

6. Agus an comhar atá ann cheana maidir le taiscéalaíocht ghinearálta á chur san áireamh, pléifidh an buan-fhoghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 35(6), pointe (b) na cláir náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 agus a gcur chun feidhme, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) an fhéidearthacht maidir le comhar, lena n-áirítear maidir le taiscéalaíocht a dhéanamh ar tharluithe mianraí trasteorann agus ar fhoirmíochtaí coiteanna geolaíocha;

(b) dea-chleachtais a bhaineann leis na bearta a liostaítear i mír 2;

(c) an fhéidearthacht bunachar sonraí comhtháite a chruthú chun torthaí na gclár náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 a stóráil.

# Caibidil 4
# Faireachán agus maolú riosca

*Airteagal 19*

**Faireachán agus tástáil struis**

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an riosca soláthair a bhaineann le hamhábhair chriticiúla. Cuimseofar san fhaireachán sin forbairt na bparaiméadar seo a leanas ar a laghad:

(a) sreafaí trádála;

(b) éileamh agus soláthar;

(c) comhchruinniú soláthair;

(d) táirgeadh agus cumais táirgeachta an Aontais agus an domhain ag céimeanna éagsúla den slabhra luacha.

2. Tabharfaidh na húdaráis náisiúnta atá páirteach sa bhuan-fhoghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 35(6), pointe (c), tacaíocht don Choimisiún maidir leis an bhfaireachán dá dtagraítear i mír 1 tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) aon fhaisnéis atá ar fáil acu maidir le forbairt na bparaiméadar a liostaítear i mír 1 a roinnt, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20;

(b) faisnéis a bhailiú, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis na húdaráis rannpháirteacha eile, maidir le forbairt na bparaiméadar a liostaítear i mír 1, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 20;

(c) anailís a sholáthar ar na rioscaí soláthair a bhaineann le hamhábhair chriticiúla i bhfianaise fhorbairt na bparaiméadar a liostaítear i mír 1.

3. Áiritheoidh an Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta atá rannpháirteach sa bhuan-fhoghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 35(6), pointe (c), go ndéanfar tástáil struis do slabhra soláthair gach amhábhair straitéisigh gach 3 bliana ar a laghad. Chuige sin, déanfaidh an buan-fhoghrúpa dá dtagraítear in Airteagal 35(6), pointe (c), cur chun feidhme tástálacha struis do na hamhábhair straitéiseacha éagsúla a chomhordú agus a roinnt idir na húdaráis rannpháirteacha éagsúla.

Is éard a bheidh sna tástálacha struis dá dtagraítear sa chéad fhomhír measúnú ar a leochailí atá slabhra soláthair amhábhair straitéiseacha ábhartha an Aontais i leith suaitheadh soláthair trí thionchar na gcásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh dá leithéid agus a n-éifeachtaí féideartha a mheas, agus na gnéithe seo a leanas ar a laghad á gcur san áireamh:

(a) i gcás ina ndéantar an t-amhábhar lena mbaineann a eastóscadh, a phróiseáil nó a athchúrsáil;

(b) cumais na n-oibreoirí eacnamaíocha feadh an tslabhra luacha chomh maith le struchtúr an mhargaidh;

(c) tosca a d'fhéadfadh dul i gcion ar sholáthar, lena n-áirítear an staid gheopholaitiúil, lóistíocht, soláthar fuinnimh, lucht saothair nó tubaistí nádúrtha, ach gan bheith teoranta dóibh sin;

(d) infhaighteacht foinsí malartacha soláthair agus ábhar ionadach;

(e) úsáideoirí an amhábhair ábhartha feadh an tslabhra luacha agus a sciar den éileamh, agus aird ar leith á tabhairt ar mhonarú teicneolaíochtaí atá ábhartha don aistriú glas agus don aistriú digiteach chomh maith le feidhmeanna cosanta agus spáis.

4. Cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana agus tabharfaidh sé deais faireacháin cothrom le dáta go rialta ina mbeidh an méid seo a leanas:

(a) an fhaisnéis atá ar fáil maidir le forbairt na bparaiméadar dá dtagraítear i mír 1;

(b) ríomh an riosca soláthair d'amhábhair chriticiúla i bhfianaise na faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) torthaí na dtástálacha struis dá dtagraítear i mír 3;

(d) i gcás inarb iomchuí, moladh maidir le straitéisí oiriúnacha um maolú chun riosca an tsoláthair a laghdú.

5. Más rud é, bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3, go measann an Coimisiún go dtugtar léiriú soiléir go bhfuil baol suaitheadh soláthair

ann, cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit, an Bord agus comhlachtaí rialachais an Aontais ar an eolas faoi shásraí airdill géarchéime nó sásraí bainistíochta géarchéime a gcumhdaítear ina raon feidhme amhábhair chriticiúla nó straitéiseacha ábhartha.

*Airteagal 20*

**Oibleagáidí faisnéise maidir le faireachán**

1. Soláthróidh na Ballstáit, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 43, faisnéis don Choimisiún maidir le haon tionscadal amhábhar nua nó aon tionscadal amhábhar atá ann cheana ina gcríoch agus atá ábhartha maidir le hAirteagal 19(1), pointe (d), lena n-áirítear aicmiú tionscadal nua de réir Chreat um Aicmiú Acmhainní na Náisiún Aontaithe.

2. Sainaithneoidh na Ballstáit príomhoibreoirí margaidh feadh an tslabhra luacha amhábhar criticiúil atá bunaithe ina gcríoch agus déanfaidh siad an méid seo a leanas:

   (a) faireachán ar a ngníomhaíochtaí trí shuirbhéanna rialta agus comhréireacha d'fhonn an fhaisnéis is gá le haghaidh na gcúraimí faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 19 a bhailiú;

   (b) mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 43, faisnéis a sholáthar maidir le torthaí na suirbhéanna sin;

   (c) fógra a thabhairt don Choimisiún gan mhoill maidir le mórimeachtaí lena bhféadfaí bac a chur ar oibríochtaí rialta ghníomhaíochtaí na bpríomhoibreoirí margaidh.

3. Tarchuirfidh na Ballstáit na sonraí arna mbailiú de bhun mhír 2(a) agus (b) den Airteagal seo chuig údaráis staidrimh náisiúnta agus chuig Eurostat chun staidreamh a thiomsú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás náisiúnta a bheidh freagrach as na sonraí a tharchur chuig oifigí náisiúnta staidrimh agus chuig Eurostat.

*Airteagal 21*

**Stoic straitéiseacha a thuairisciú**

1. Cuirfidh na Ballstáit, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 43, faisnéis isteach chuig an gCoimisiún maidir le staid a stoc straitéiseach d'amhábhair straitéiseacha.

2. Leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1, cumhdófar stoic atá i seilbh na n-údarás poiblí, na gcuideachtaí atá faoi úinéireacht phoiblí nó na n-oibreoirí eacnamaíocha ar chuir Ballstát de chúram orthu stoic straitéiseacha a charnadh thar a cheann agus áireofar ar a laghad tuairisc ar an méid seo a leanas:

   (a) leibhéal na stoc atá ar fáil do gach amhábhar straitéiseach, arna thomhas i dtonaí agus mar chéatadán de thomhaltas náisiúnta bliantúil na n-ábhar ábhartha, chomh maith le foirm cheimiceach agus íonacht na n-ábhar atá stocáilte;

   (b) forbairt leibhéal na stoc a bhí ar fáil do gach amhábhar straitéiseach sna 5 bliana roimhe sin;

(c) aon rialacha nó nósanna imeachta is infheidhme maidir le stoic straitéiseacha a scaoileadh, a leithdháileadh agus a dháileadh.

3. Féadfar a áireamh sa tuarascáil freisin faisnéis maidir le stoic straitéiseacha d'amhábhair chriticiúla agus d'amhábhair eile.

*Airteagal 22*

**Stoic straitéiseacha a chomhordú**

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán críochnaigh: 2 bhliain i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a gheofar de bhun Airteagal 21(1), an méid seo a leanas a roinnt leis an mBord:

(a) dréacht-tagarmharc lena léirítear leibhéal sábháilte de stoic an Aontais maidir le gach amhábhar straitéiseach, arna shainiú de bhun mhír 2;

(b) comparáid a dhéanamh idir leibhéal foriomlán stoic an Aontais maidir le gach amhábhar straitéiseach agus an dréacht-tagarmharc dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) faisnéis maidir le hinrochtaineacht trasteorann fhéideartha na stoc straitéiseach, i bhfianaise na rialacha nó na nósanna imeachta maidir lena scaoileadh, lena leithdháileadh agus lena ndáileadh.

2. Déanfaidh an Coimisiún, agus tuairimí an Bhoird á gcur san áireamh aige, tagarmharc a ghlacadh ina léireofar leibhéal sábháilte de stoic an Aontais d'amhábhair straitéiseacha, a mbainfidh an méid seo a leanas leis:

(a) cuirfear in iúl é mar an méid a theastaíonn chun an líon laethanta de mheán-ghlan-allmhairí laethúla a chumhdach i gcás suaitheadh soláthair, arna ríomh ar bhonn líon na n-allmhairí le linn na bliana féilire roimhe sin;

(b) cuirfear san áireamh ann stoic atá i seilbh oibreoirí príobháideacha, a mhéid a bheidh faisnéis faoi na stoic sin ar fáil;

(c) beidh sé comhréireach leis an riosca soláthair agus leis an tábhacht eacnamaíoch a bhaineann leis an amhábhar straitéiseach ábhartha.

3. Féadfaidh an Coimisiún, agus tuairimí an Bhoird á gcur san áireamh aige, tuairimí a eisiúint chuig na Ballstáit:

(a) chun leibhéal na stoc straitéiseach a mhéadú, agus an chomparáid dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), dáileadh coibhneasta na stoc atá ann cheana i measc na mBallstát agus tomhaltas amhábhar straitéiseach ag oibreoirí eacnamaíocha i gcríocha na mBallstát faoi seach á gcur san áireamh;

(b) chun leasú nó comhordú a dhéanamh ar na rialacha nó na nósanna imeachta maidir le stoic straitéiseacha a scaoileadh, a leithdháileadh agus a dháileadh chun feabhas a chur ar an inrochtaineacht trasteorann fhéideartha, go háirithe i gcás inar gá sin chun teicneolaíochtaí straitéiseacha a tháirgeadh.

4. Agus na tuairimí dá dtagraítear i mír 3 á n-ullmhú aige, leagfaidh an Bord béim ar leith ar an ngá atá le dreasachtaí a choinneáil ar bun d'oibreoirí príobháideacha a bhraitheann ar amhábhair straitéiseacha mar ionchuir, lena stoic féin a chruthú nó bearta eile a dhéanamh chun a neamhchosaint ar rioscaí soláthair a bhainistiú.

5. Soláthróidh na Ballstáit, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 43, faisnéis i dtaobh an bhfuil na tuairimí dá dtagraítear i mír 3 curtha chun feidhme acu nó maidir leis an dóigh a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur chun feidhme.

6. Sula nglacfaidh dhá Bhallstát ar a laghad páirt i bhfóraim idirnáisiúnta nó iltaobhacha i réimsí na stoc straitéiseach d'amhábhair straitéiseacha, áiritheoidh an Coimisiún comhordú roimh ré idir na Ballstáit lena mbaineann agus an Coimisiún nó ag cruinniú tiomnaithe de chuid an Bhoird.

7. Soláthróidh an Coimisiún na sonraí a bhaileofar maidir le stoic an Aontais atá ar fáil do chomhlachtaí rialachais an Aontais atá freagrach as sásraí airdill géarchéime nó as sásraí bainistithe géarchéime lena gcumhdófar amhábhair straitéiseacha ábhartha.

*Airteagal 23*

**Ullmhacht riosca cuideachta**

1. Sainaithneoidh na Ballstáit na cuideachtaí móra a mhonaraíonn teicneolaíochtaí straitéiseacha agus úsáid á baint as amhábhair straitéiseacha ar a gcríoch.

Áireofar ar na teicneolaíochtaí straitéiseacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír ceallraí le haghaidh stóráil fuinnimh agus r-shoghluaisteachta, trealamh a bhaineann le táirgeadh agus úsáid hidrigine, trealamh a bhaineann le giniúint fuinnimh inathnuaite, mótair tarraingthe, teaschaidéil, tarchur agus stóráil sonraí, gléasanna móibíleacha leictreonacha, trealamh a bhaineann le déantúsaíocht breiseán, róbataic, dróin, lainseálaithe roicéad, satailítí agus sliseanna forbartha.

2. Cuideachtaí móra arna sainaithint ag na Ballstáit de bhun mhír 1, déanfaidh siad iniúchadh ar a slabhra soláthair gach 2 bhliain, lena n-áirítear:

(a) mapáil den áit a ndéantar na hamhábhair straitéiseacha a úsáideann siad a eastóscadh, a phróiseáil nó a athchúrsáil;

(b) tástáil struis ar a slabhra soláthair amhábhar straitéiseacha, ina gcuimseofar measúnú ar a leochaileacht i leith suaitheadh soláthair trí thionchar na gcásanna éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le suaitheadh dá leithéid agus a n-éifeachtaí féideartha a mheas, agus na gnéithe a liostaítear in Airteagal 19(3) ar a laghad á gcur san áireamh.

3. Cuirfidh cuideachtaí dá dtagraítear faoi mhír 1 tuarascáil ina mbeidh torthaí na hiniúchóireachta dá dtagraítear i mír 2 faoi bhráid a mboird stiúrthóirí.

*Airteagal 24*

**Ceannach comhpháirteach**

1. Déanfaidh an Coimisiún córas a bhunú agus a fheidhmiú chun éileamh na ngnóthas bunaithe san Aontas a úsáideann amhábhair straitéiseacha agus a bhfuil suim acu ann agus údaráis na mBallstát atá freagrach as stoic straitéiseacha a chomhiomlánú agus lorgóidh sé tairiscintí ó sholáthróirí chun teacht leis an éileamh comhiomlánaithe sin. Cumhdófar leis sin amhábhair straitéiseacha neamhphróiseáilte agus amhábhair straitéiseacha phróiseáilte araon.

2. Agus an córas dá dtagraítear i mír 1 á bhunú agus á fheidhmiú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) cad iad na hamhábhair straitéiseacha, ag cé acu céim phróiseála, ar féidir an córas a úsáid ina leith a roghnú, ag cur san áireamh an riosca soláthair coibhneasta maidir le hamhábhair straitéiseacha éagsúla agus an gá atá le stoic straitéiseacha a bhaineann leis na hábhair sin a charnadh bunaithe ar an bhfaisnéis arna bailiú de bhun Airteagail 21 agus 22;

(b) íosmhéideanna d'ábhar arna éileamh a shocrú chun páirt a ghlacadh sa chóras, agus an líon measta rannpháirtithe a bhfuil spéis acu ann agus an gá le méid soláimhsithe rannpháirtithe a áirithiú á gcur san áireamh.

3. Beidh rannpháirtíocht sa chóras dá dtagraítear i mír 1 oscailte agus trédhearcach do gach gnóthas bunaithe san Aontas a bhfuil suim acu ann agus d'údaráis na mBallstát. Ní bheidh rannpháirtíocht na mBallstát nó aon eintiteas náisiúnta atá faoi réir Threoir 2014/24 nó Threoir 2014/25 maidir le soláthar indéanta ach amháin i gcásanna ina mbeidh rannpháirtíocht den sórt sin ag luí leis na Treoracha sin.

4. Gnóthais de chuid an Aontais agus údaráis na mBallstát atá rannpháirteach sa chóras dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh siad, ar bhonn trédhearcach, an ceannach a chaibidliú i gcomhar lena chéile, lena n-áirítear praghsanna nó téarmaí agus coinníollacha eile maidir leis an gcomhaontú ceannaigh nó féadfaidh siad ceannach comhpháirteach a úsáid chun coinníollacha níos fearr a bhaint amach lena soláthróirí nó chun ganntanais a chosc. Comhlíonfaidh gnóthais rannpháirteacha de chuid an Aontais agus údaráis na mBallstát dlí an Aontais, lena n-áirítear dlí iomaíochta an Aontais.

5. Eisiafar eintitis ó rannpháirtíocht mar sholáthróir, i gcomhiomlánú an éilimh agus i gceannach comhpháirteach nó mar sholáthraí seirbhíse más rud é:

(a) go ndírítear bearta sriantacha an Aontais arna nglacadh de bhun Airteagal 215 CFAE orthu;

(b) go bhfuil siad faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, ag daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil bearta sriantacha den sórt sin de chuid an Aontais dírithe orthu, nó go bhfuil siad ag gníomhú thar ceann nó faoi stiúir, go díreach nó go hindíreach, daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhfuil bearta sriantacha den sórt sin de chuid an Aontais dírithe orthu.

6. De mhaolú ar Airteagal 176 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, féadfaidh an Coimisiún seirbhísí riachtanacha eintitis atá bunaithe san Aontas a chonradh trí nós imeachta soláthair faoi Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046, ag gníomhú dó mar sholáthraí seirbhíse chun an córas faoi mhír 1 a bhunú agus a fheidhmiú. Ní bheidh aon choinbhleacht leasa ag an soláthraí Seirbhíse a roghnófar.

7. Saineoidh an Coimisiún sa chonradh seirbhíse na cúraimí a bheidh le soláthar ag an soláthraí seirbhíse, lena n-áirítear leithdháileadh an éilimh, leithdháileadh na gceart rochtana maidir le soláthar, clárú agus fíorú na rannpháirtithe uile, foilsiú agus tuairisciú na ngníomhaíochtaí agus aon chúram eile is gá chun an córas a bhunú agus a fheidhmiú. Déileálfar sa chonradh seirbhíse freisin le praiticiúlachtaí a bhaineann le hoibríocht an tsoláthraí seirbhíse lena n-áirítear úsáid na huirlise TF, na bearta slándála, an t-airgeadra nó na hairgeadraí, an córas íocaíochta agus dliteanais.

8. Leis an gconradh seirbhíse leis an soláthraí seirbhíse, forchoimeádfar don Choimisiún an ceart chun faireachán agus iniúchadh a dhéanamh air. Chun na críche sin, beidh rochtain iomlán ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis atá i seilbh an tsoláthraí

seirbhíse maidir leis an gconradh. Beidh na freastalaithe agus an fhaisnéis uile lonnaithe go fisiciúil agus stóráilte i gcríoch an Aontais.

9. Is é an conradh seirbhíse leis an soláthraí seirbhíse roghnaithe a chinnfidh úinéireacht na faisnéise a gheobhaidh an soláthraí seirbhíse, agus déanfar foráil ann maidir le haistriú féideartha na faisnéise sin chuig an gCoimisiún tráth fhoirceannadh nó dhul in éag an chonartha seirbhíse.

# Caibidil 5
# Inbhuanaitheacht

## Roinn 1
## Ciorclaíocht

*Airteagal 25*

**Bearta náisiúnta maidir le ciorclaíocht**

1. Déanfaidh gach Ballstát faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh gach Ballstát cláir náisiúnta a ghlacadh agus a chur chun feidhme ina mbeidh bearta a dhearfar chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bailiú dramhaíola a bhfuil ardacmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint léi a mhéadú agus a thabhairt isteach sa chóras athchúrsála iomchuí a áirithiú, d’fhonn infhaighteacht agus cáilíocht ábhar in-athchúrsáilte mar ionchur i saoráidí athchúrsála amhábhar criticiúil a uasmhéadú;

(b) athúsáid táirgí agus comhpháirteanna a bhfuil ard-acmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leo a mhéadú;

(c) úsáid amhábhar tánaisteach criticiúil i monaraíocht a mhéadú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí ábhar athchúrsáilte a chur san áireamh i gcritéir dhámhachtana a bhaineann le soláthar poiblí;

(d) aibíocht theicneolaíoch na dteicneolaíochtaí athchúrsála le haghaidh amhábhair chriticiúla a mhéadú agus éifeachtúlacht ábhar agus ionadú amhábhar criticiúil i bhfeidhmeanna a chur chun cinn, trí ghníomhaíochtaí tacaíochta chuige sin a áireamh faoi chláir náisiúnta taighde agus nuálaíochta ar a laghad;

(e) a áirithiú go mbeidh na scileanna is gá ag a lucht saothair chun tacú le ciorclaíocht an tslabhra luacha amhábhar criticiúil.

2. Cuimseofar sna cláir dá dtagraítear i mír 1 go háirithe táirgí agus dramhaíl nach bhfuil faoi réir aon cheanglas sonrach maidir le bailiú, cóireáil, athchúrsáil nó athúsáid faoi reachtaíocht an Aontais. Maidir le táirgí agus dramhaíl eile, cuirfear na bearta chun feidhme i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana.

Maidir le pointí (a) agus (b) de mhír 1, féadfar a áireamh sna cláir dá dtagraítear sa mhír sin, gan dochar d’Airteagail 107 agus 108 CFAE, dreasachtaí airgeadais a thabhairt isteach, amhail lascainí, luach saothair airgeadaíochta nó córais aisíoctha éarlaisí, chun athúsáid táirgí lena mbaineann ard-acmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil agus bailiú dramhaíola ó tháirgí den sórt sin a spreagadh.

3. Déanfaidh gach Ballstát faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 4 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun téarnamh amhábhar criticiúil ó dhramhaíl eastóscach a chur chun cinn, go háirithe ó shaoráidí dramhaíola dúnta a sainaithníodh sa bhunachar sonraí a cruthaíodh i gcomhréir le hAirteagal 26 mar amhábhair a d'fhéadfadh a bheith in-aisghabhála go heacnamaíoch.

4. Déanfar na bearta náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a dhearadh chun bacainní ar thrádáil agus saobhadh iomaíochta a sheachaint i gcomhréir le CFAE.

5. Agus na sonraí a bhaineann le cainníochtaí an trealaimh leictrigh agus leictreonaigh dramhaíola a athchúrsáiltear á dtuairisciú don Choimisiún, de bhun Airteagal 16(6) de Threoir 2012/19/AE maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach, déanfaidh na Ballstáit cainníochtaí na gcomhpháirteanna ina bhfuil méideanna ábhartha amhábhar criticiúil a bhaintear as an dramhthrealamh sin agus cainníochtaí na n-amhábhar criticiúil a aisghabhtar ón dramhthrealamh leictreach agus leictreonach a léiriú ar leithligh agus déanfaidh siad iad sin a thuairisciú. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme ina sonrófar formáid agus mionsonraí an tuairiscithe sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3). Cumhdófar sa chéad tréimhse tuairiscithe an chéad bhliain féilire iomlán i ndiaidh na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh.

6. Soláthróidh na Ballstáit, mar chuid den tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 43, faisnéis maidir le glacadh na gclár náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 agus maidir leis an dul chun cinn i dtaca le cur chun feidhme na mbeart arna ndéanamh de bhun mhír 1 agus mhír 2.

7. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena sonrófar liosta de tháirgí, de chomhpháirteanna agus de shruthanna dramhaíola a measfar, ar a laghad, go bhfuil ard-acmhainneacht aisghabhála amhábhar criticiúil ag baint leo de réir bhrí mhír 1 (a) agus (b).

Agus an liosta sin á tharraingt suas aige, cuirfidh an Coimisiún na méid seo a leanas san áireamh:

(a) méid iomlán na n-amhábhar criticiúil is inghnóthaithe ó na táirgí, na comhpháirteanna agus na sruthanna dramhaíola sin:

(b) a mhéid a chumhdaítear na táirgí, na comhpháirteanna agus na sruthanna dramhaíola sin faoi reachtaíocht an Aontais;

(c) bearnaí rialála;

(d) dúshláin ar leith a théann i gcion ar an mbailiú agus ar a gcóireáil dramhaíola;

(e) córais bailithe agus cóireála dramhaíola atá ann cheana agus a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

*Airteagal 26*

**Amhábhair chriticiúla a aisghabháil ó dhramhaíl eastóscach**

1. Oibreoirí a bhfuil oibleagáid orthu pleananna bainistithe dramhaíola a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2006/21/CE, cuirfidh siad réamhstaidéar measúnaithe eacnamaíoch ar fáil don údarás inniúil mar a shainítear in Airteagal 3 de Threoir 2006/21/CE maidir le haisghabháil fhéideartha amhábhar criticiúil ó:

(a) ón dramhaíl eastóscach atá stóráilte sa tsaoráid; agus

(b) ón dramhaíl eastóscach atá á giniúint nó, i gcás ina meastar go mbeidh sé níos éifeachtaí, as an méid a eastóscadh sular tháinig sí chun bheith ina dramhaíl.

2. Áireofar sa staidéar dá dtagraítear i mír 1, ar a laghad, meastachán ar chainníochtaí agus ar chomhchruinniú na n-amhábhar criticiúil sa dramhaíl eastóscach agus sa toirt eastósctha agus measúnú ar a n in-aisghabhálacht theicniúil agus eacnamaíoch.

3. Cuirfidh oibreoirí saoráidí dramhaíola atá ann cheana an staidéar dá dtagraítear i mír 1 faoi bhráid an údaráis inniúil mar a shainítear in Airteagal 3 de Threoir 2006/21/CE faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 bliana i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Cuirfidh oibreoirí saoráidí dramhaíola nua an staidéar sin faoi bhráid an údaráis inniúil agus a bpleananna bainistithe dramhaíola á gcur isteach acu i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2006/21/CE.

4. Bunóidh na Ballstáit bunachar sonraí maidir le gach saoráid dramhaíola dúnta, lena n-áirítear saoráidí dramhaíola tréigthe, atá suite ar a gcríoch. Áireofar sa bhunachar sonraí sin faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(a) suíomh, méid limistéarach agus toirt dramhaíola na saoráide dramhaíola;

(b) oibreoir nó iar-oibreoir na saoráide dramhaíola agus, i gcás inarb infheidhme, a gcomharba dlíthiúil;

(c) neaschainníochtaí agus neastiúchain na n-amhábhar uile sa dramhaíl eastóscach agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, sa fosú mianra bunaidh, i gcomhréir le mír 6 den Airteagal seo;

(d) aon fhaisnéis bhreise a mheasann an Ballstát a bheith ábhartha chun aisghabháil amhábhar criticiúil ó shaoráid dramhaíola a éascú.

5. Cuirfear an bunachar sonraí dá dtagraítear i mír 4 ar bun faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 1 bhliain i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus comhlánófar an fhaisnéis go léir faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach le do thoil: 3 bliana i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirm dhigiteach a bheidh inrochtana don phobal agus nuashonrófar í gach 2 bhliain ar a laghad chun faisnéis bhreise atá ar fáil agus saoráidí nuadhúnta nó nua-aitheanta a ionchorprú ann.

6. Chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4, pointe (c) a sholáthar, tabharfaidh na Ballstáit faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas ar a laghad:

(a) maidir le gach saoráid dramhaíola dhúnta, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú cuimsitheach ar na comhaid um cheadú atá ar fáil faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 1 bhliain i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm];

(b) maidir le saoráidí dramhaíola den sórt sin i gcás nach n-eisiaitear *a priori* as an bhfaisnéis atá ar fáil go bhfuil ann do chainníochtaí amhábhar criticiúla a d'fhéadfadh a bheith inghnóthaithe go heacnamaíoch, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas freisin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 2 bhliain i

ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], sampláil gheo-cheimiceach ionadaíoch;

(c) maidir le saoráidí dramhaíola den sórt sin i gcás inar léiríodh leis na gníomhaíochtaí a thuairiscítear faoi phointí (a) agus (b) den mhír seo cainníochtaí amhábhar criticiúil a d'fhéadfadh a bheith inghnóthaithe go heacnamaíoch, déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas freisin faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], anailís níos mionsonraithe a bhaineann le logáil croíleacáin nó le teicnící coibhéiseacha, i gcás ina bhfuil an anailís sin fónta ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir leis na ceanglais maidir leis an gcomhshaol is infheidhme ar leibhéal an Aontais agus i gcomhréir le ceanglais Threoir 2006/21/CE i gcás inarb ábhartha.

7. Cuirfear na gníomhaíochtaí a thuairiscítear i mír 6 i gcrích laistigh de theorainneacha na gcóras dlí náisiúnta a bhaineann le cearta maoine, úinéireacht talún, acmhainní mianraí agus dramhaíl, agus aon fhoráil ábhartha eile. I gcás ina gcuirtear bac le tosca den sórt sin ar ghníomhaíochtaí, iarrfaidh údaráis na mBallstát comhar ar oibreoir nó ar úinéir na saoráide dramhaíola. Cuirfear torthaí na ngníomhaíochtaí a dtugtar tuairisc orthu faoi mhír 6 ar fáil mar chuid den bhunachar sonraí. I gcás inar féidir, áireoidh na Ballstáit sa bhunachar sonraí aicmiú na saoráidí dramhaíola eastóscaí dúnta de réir Chreat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní.

*Airteagal 27*

**In-athchúrsáilteacht buanmhaighnéad**

1. Ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuirfidh feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh, gineadóirí fuinnimh gaoithe, róbait thionsclaíocha, mótarfheithiclí, modhanna éadroma iompair, gineadóirí fuaraithe, teaschaidéil, mótair leictreacha ar an margadh, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil siad comhtháite i dtáirgí eile, meaisíní níocháin uathoibríocha, triomadóirí rothlaim, micreathonnáin, folúsghlantóirí nó miasniteoirí, áiritheoidh sé nó sí go mbeidh lipéad feiceálach, soiléir inléite agus doscriosta ar na táirgí sin ar a léireofar an méid seo a leanas:

(a) cé acu an ionchorpraítear buanmhaighnéad amháin nó níos mó sna táirgí sin nó nach n-ionchorpraítear;

(b) má tá buanmhaighnéad amháin nó níos mó sa táirge, an mbaineann na maighnéid sin le haon cheann de na cineálacha seo a leanas:

(i) Neoidimiam-Iarann-Bórón;

(ii) Samairiam-Cóbalt;

(iii) Alúmanam-Nicil-Cóbalt;

(iv) Feirít.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunaítear an fhormáid don lipéadú dá dtagraítear i mír 1. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

3. Ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuirfidh táirgí dá

dtagraítear i mír 1 ar an margadh agus ina n-ionchorpraítear buanmhaighnéad amháin nó níos mó de na cineálacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), pointí (i) go (iii), áiritheoidh sé nó sí go mbeidh iompróir sonraí ar an táirge nó sa táirge.

4. Déanfar an t-iompróir sonraí dá dtagraítear i mír 3 a nascadh le haitheantóir uathúil táirge lena soláthraítear rochtain ar an méid seo a leanas:

(a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe agus seoladh poist an duine nádúrtha fhreagraigh nó an duine dhlítheanaigh fhreagraigh agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, modhanna leictreonacha cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh leo;

(b) faisnéis maidir le meáchan, suíomh agus comhdhéanamh ceimiceach na mbuanmhaighnéad aonair uile sa táirge, agus láithreacht agus cineál bratú na maighnéad, gliúnna agus aon bhreiseán a úsáidtear;

(c) faisnéis lena n-éascaítear rochtain ar na buanmhaighnéid uile atá ionchorpraithe sa táirge agus lena n-éascaítear a mbaint, agus lena n-áirítear ar a laghad seicheamh na gcéimeanna bainte, na huirlisí nó na teicneolaíochtaí uile is gá chun an buanmhaighnéad a rochtain agus a bhaint, gan dochar d'Airteagal 15(1) de Threoir 2012/19/AE.

5. I gcás táirgí ina bhfuil na buanmhaighnéid ionchorpraithe go heisiach i mótar leictreach amháin nó níos mó atá ionchorpraithe sa táirge, féadfar faisnéis maidir le suíomh na mótar leictreach sin a chur in ionad na faisnéise dá dtagraítear i mír 4, pointe (b), agus féadfar faisnéis maidir le rochtain agus baint na mótar leictreach a chur in ionad na faisnéise dá dtagraítear i mír 4, pointe (c), lena n-áirítear ar a laghad seicheamh na gcéimeanna bainte, na huirlisí nó na teicneolaíochtaí uile is gá chun na mótair leictreacha a rochtain agus a bhaint.

6. I gcás táirgí dá dtagraítear i mír 3 óna dteastaíonn pas táirge mar a shainítear i Rialachán XX/XXXX [an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe] de bhun gníomh reachtach eile de chuid an Aontais, cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 san áireamh sa phas táirge sin.

7. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 iomlán, cothrom le dáta agus cruinn agus beidh sí ar fáil ar feadh tréimhse atá comhionann ar a laghad le gnáth-shaolré an táirge móide 10 mbliana, lena n-áirítear i ndiaidh dócmhainneachta, leachtaithe nó scor gníomhaíochta san Aontas a bhaineann leis an duine nádúrtha freagrach nó duine dlítheanach freagrach.

Déanfar tagairt san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 do shamhail an táirge nó, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis éagsúil idir aonaid den tsamhail chéanna, déanfar tagairt do bhaisc nó d'aonad ar leith. Beidh rochtain ag athchúrsálaithe, ag údaráis faireachais margaidh agus ag údaráis chustaim ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 4.

8. Beidh feidhm ag Airteagal 9(1), pointe (c) agus (d) agus Airteagail 10 agus 13 de Rialachán (AE) …/…[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt don *Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe*], chomh maith leis na sainmhínithe comhfhreagracha in Airteagal 2 den Rialachán sin.

Sula gcuirfear táirge dá dtagraítear i mír 3 ar an margadh, áiritheoidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha go ndéanfar an t-aitheantóir uathúil táirge dá dtagraítear i mír 4 a uaslódáil sa chlárlann dá dtagraítear in [Airteagal 12(1)] de Rialachán (AE) …/… [Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe].

Chun críocha na chéad fhomhíre agus an dara fomhír, na tagairtí do 'an gníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 4' in Airteagal 10, pointe (b) agus do 'gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4' in Airteagal 10, pointe f, agus Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: tuigfear an tagairt do ESPR] mar thagairtí don Rialachán seo.

9. I gcás ina mbunaítear ceanglais faisnéise a bhaineann le hathchúrsáil buanmhaignéad i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán XX/XXXX [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais um chomhchuibhiú le haghaidh aon cheann de na táirgí atá liostaithe i mír 1, beidh feidhm ag na ceanglais sin in ionad fhorálacha an Airteagail seo.

10. Díolmhófar táirgí atá deartha go príomha le haghaidh feidhmeanna cosanta nó spáis ó cheanglais an Airteagail seo

11. I gcás feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh, mótarfheithiclí agus modhanna éadroma iompair ar feithiclí cineálcheadaithe de chatagóir L iad, beidh feidhm ag ceanglais an Airteagail seo ó [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 5 bliana i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

12. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun Iarscríbhinn VI a leasú chun liosta de chóid na hAinmníochta Comhcheangailte[49] agus de na tuairiscí ar tháirgí a chomhfhreagraíonn do na táirgí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar nó a thabhairt cothrom le dáta d'fhonn obair na n-údarás custaim i ndáil leis na táirgí sin agus na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 28 a éascú.

*Airteagal 28*

**Cion athchúrsáilte buanmhaighnéad**

1. Ón [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 3 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó 2 bhliain i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2, cibé acu is déanaí, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuirfidh táirgí dá dtagraítear in Airteagal 27(1) ar an margadh ina n-ionchorpraítear ceann amháin nó níos mó de na buanmhaighnéad dá dtagraítear in Airteagal 27(1), pointe (b)(i) go (iii) agus ar mó meáchan iomlán na mbuanmhaighnéad sin ná 0.2 kg ina leith, cuirfidh sé nó sí ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana an sciar neoidimiam, diospróisiam, praiséidimiam, teirbiam, bóróin, samairiam, nicile agus cóbailt a aisghabháladh ó dhramhaíl iarthomhaltais sna buanmhaighnéid atá corpraithe sa táirge.

2. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 2 bhliain i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú maidir le ríomh agus fíorú chion an neodimiam, diospróisiam, práisimiam, teirbiam, bóróin, samairiam, nicile agus cóbailt a aisghabhadh ó dhramhaíl mhonaraíochta nó ó dhramhaíl iarthomhaltais atá sna buanmhaighnéid a ionchorpraítear sna táirgí dá dtagraítear i mír 1.

[49] Ainmníocht Chomhcheangailte in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87

Sonrófar sna rialacha maidir le ríomh agus fíorú an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme as measc na modúl a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE, maille leis na hoiriúnuithe is gá i bhfianaise na dtáirgí lena mbaineann. Agus an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme á shonrú aige, breithneoidh an Coimisiún na critéir seo a leanas:

(a) an bhfuil an modúl lena mbaineann iomchuí don chineál táirge agus i gcomhréir leis an leas poiblí atá á shaothrú;

(b) infhaighteacht tríú páirtithe inniúla agus neamhspleácha atá ábalta cúraimí measúnaithe comhréireachta tríú páirtí féideartha a dhéanamh;

(c) i gcás ina bhfuil sé éigeantach tríú páirtí a bheith rannpháirteach, an gá don mhonaróir rogha a bheith aige idir na modúil dearbhaithe cáilíochta agus na modúil deimhnithe táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE.

3. I ndiaidh an 31 Nollaig 2030, féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíonfar an Rialachán seo trí scaireanna íosta a leagan síos le haghaidh neoidimiam, diospróisiam, práisimiam, teirbiam, bóróin, samairiam, nicile agus cóbailt a aisghabhfar ó dhramhaíl iarthomhaltais nach mór a bheith sa bhuanmhaighnéad a ionchorpraítear sna táirgí dá dtagraítear i mír 1.

Déanfar foráil le gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír maidir le hidirthréimhsí a chuirfear oiriúint don deacracht a bhaineann leis na táirgí a chumhdaítear leis an mbeart a ghlacadh chun comhlíonadh a áirithiú.

Beidh an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír bunaithe ar réamh-mheasúnú ar thionchair, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

(a) infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta neoidimiam, diospróisiam, praisimiam, teirbiam, bóróin, samairiam, nicile agus cóbailt arna n-aisghabháil ó dhramhaíl iarthomhaltais;

(b) an fhaisnéis a bhailítear de bhun mhír 1 agus dáileadh coibhneasta an chiona den ábhar athchúrsáilte i mbuanmhaighnéid a ionchorpraítear i dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 a chuirtear ar an margadh;

(c) dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear athruithe suntasacha ar theicneolaíochtaí buanmhaighnéad a mbíonn tionchar acu ar chineál na n-ábhar a aisghabhtar;

(d) cuidiú éifeachtach agus féideartha íoschiona le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais;

(e) tionchair fhéideartha ar fheidhmiú táirgí ina bhfuil buanmhaighnéid;

(f) an gá atá le cosc a chur ar thionchair dhiúltacha dhíréireacha ar inacmhainneacht buanmhaighnéad agus táirgí ina n-ionchorpraítear buanmhaighnéid.

4. I gcás ina mbunaítear ceanglais a bhaineann le hábhar athchúrsáilte buanmhaignéad i ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán XX/XXXX [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: an Rialachán maidir le hÉicidhearthóireacht le haghaidh Tháirgí Inbhuanaithe] nó reachtaíocht eile de chuid an Aontais um chomhchuibhiú le haghaidh aon cheann de na táirgí atá liostaithe i mír 1, beidh feidhm ag na ceanglais sin in ionad fhorálacha an Airteagail seo.

5. Ón dáta a gcuirfear an ceanglas i mír 1 i bhfeidhm, agus na táirgí dá dtagraítear i mír 1 á dtairiscint lena ndíol, lena n-áirítear i gcás ciandíolachán, nó iad á dtaispeáint le linn gníomhaíocht tráchtála, áiritheoidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuirfidh táirgí dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh go mbeidh rochtain ag a gcustaiméirí ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 sula gcuirfear faoi cheangal conartha díolacháin.

Daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuirfidh táirgí dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh, ní dhéanfaidh sé nó sí lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní ar dóigh go gcuirfear custaiméirí amú leo nó go gcuirfear mearbhall ar chustaiméirí leo maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar ná a thaispeáint. Díolmhófar táirgí atá deartha go príomha le haghaidh feidhmeanna cosanta nó spáis ó cheanglais an Airteagail seo.

6. I gcás feistí íomháithe athshondais mhaighnéadaigh, mótarfheithiclí agus modhanna éadroma iompair ar feithiclí cineálcheadaithe de chatagóir L iad, beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach i mír 1 agus i mír 6 ó 5 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 2.

## ROINN 2
## DEIMHNIÚCHÁN AGUS LORG COMHSHAOIL

*Airteagal 29*

**Scéimeanna aitheanta**

1. Rialtais nó eagraíochtaí a bhfuil scéimeanna deimhniúcháin forbartha acu agus a dhéanann maoirseacht orthu, ar scéimeanna iad a bhaineann le hinbhuanaitheacht amhábhar criticiúil ('úinéirí scéime'), féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chun go dtabharfaidh an Coimisiún aitheantas dá scéimeanna.

Beidh aon fhianaise ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Iarscríbhinn IV sna hiarratais dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Cumhachtófar an Coimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh ina sonrófar an fhaisnéis a bheidh sna hiarratais ar a laghad. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

2. Más rud é, ar bhonn na fianaise arna soláthar de bhun mhír 1, go gcinneann an Coimisiún go gcomhlíonann scéim deimhniúcháin na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn IV, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena ndeonófar aitheantas don scéim sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

3. Fíoróidh an Coimisiún go tréimhsiúil go leanfaidh scéimeanna aitheanta de bheith ag cloí leis na gcritéir a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh.

4. Cuirfidh úinéirí scéimeanna aitheanta an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi aon athrú nó aon nuashonrú a dhéanfar ar scéimeanna aitheanta. Déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an ndéanfar difear leis na hathruithe nó na nuashonruithe sin don bhunús atá leis an aitheantas agus déanfaidh sé beart iomchuí.

5. Má tá fianaise ann go bhfuil cásanna athuaire nó cásanna suntasacha ann inar theip ar oibreoirí eacnamaíocha ag a bhfuil scéim aitheanta á cur chun feidhme ceanglais na scéime sin a chomhlíonadh, scrúdóidh an Coimisiún, i gcomhairle le húinéir na scéime aitheanta, an léirítear leis na cásanna sin easnaimh sa scéim lena ndéantar difear don bhunús atá leis an aitheantas agus déanfaidh sé beart iomchuí.

6. I gcás ina sainaithneoidh an Coimisiún easnaimh i scéim aitheanta lena ndéantar difear don bhunús atá leis an aitheantas, féadfaidh sé tréimhse ama iomchuí a thabhairt d'úinéir na scéime chun gníomh feabhais a dhéanamh.

7. I gcás ina dteipeann ar úinéir na scéime an ghníomhaíocht feabhais is gá a dhéanamh nó ina ndiúltaíonn sé nó sí scéime an ghníomhaíocht feabhais is gá a dhéanamh, agus i gcás ina gcinneann an Coimisiún go gciallaíonn na heasnaimh dá dtagraítear i mír 6 nach gcomhlíonann an scéim na critéir a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a thuilleadh, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena dtarraingeofar siar aitheantas na scéime. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

8. Bunóidh an Coimisiún clár scéimeanna aitheanta agus coinneoidh sé cothrom le dáta é. Cuirfear an clár sin ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin saor-rochtana.

*Airteagal 30*

**Dearbhú maidir le lorg comhshaoil**

1. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha a bhunú maidir le lorg comhshaoil na n-amhábhar criticiúil éagsúil a ríomh agus a fhíorú, i gcomhréir le hIarscríbhinn V agus modhanna measúnaithe atá fónta ó thaobh na heolaíochta de agus caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta á gcur san áireamh. Sainaithneofar sna rialacha maidir le ríomh agus fíorú an chatagóir tionchair is tábhachtaí. Beidh an dearbhú loirg teoranta don chatagóir tionchair sin.

2. Féadfaidh an Coimisiún rialacha maidir le ríomh agus fíorú a ghlacadh maidir le hamhábhar criticiúil sonrach más rud é, i ndiaidh dó na catagóirí tionchair comhshaoil ábhartha éagsúla a bhreithniú, go bhfuil lorg suntasach comhshaoil ag baint leis an amhábhar criticiúil atá i gceist agus, dá bhrí sin, go bhfuil oibleagáid ann lorg comhshaoil an ábhair sin a dhearbhú maidir leis an gcatagóir tionchair is tábhachtaí, agus é á chur ar an margadh, riachtanach agus comhréireach chun cur le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais trí sholáthar amhábhar criticiúil a bhfuil lorg comhshaoil níos ísle acu a éascú.

3. Nuair a bheidh an Coimisiún a mheas an bhfuil gá leis an oibleagáid dá bhforáiltear i mír 2, cuirfidh sé an méid seo a leanas san áireamh:

   (a) an bhfuil, agus cén dóigh a bhfuil, cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais á mbaint amach cheana féin trí reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir leis an amhábhar criticiúil atá i gceist;

   (b) caighdeáin agus treoirlínte idirnáisiúnta ábhartha a bheith ann agus glacadh leo, nó an t-ionchas go dtiocfaidh siad ar chomhaontú maidir leis na caighdeáin sin ar an leibhéal idirnáisiúnta, chomh maith le cleachtais inbhuanaithe ar an margadh, lena n-áirítear na scéimeanna deonacha a aithnítear de bhun Airteagal 29;

   (c) éifeachtacht comhpháirtíochtaí straitéiseacha, tionscadal straitéiseach, comhaontuithe trádála agus ionstraimí idirnáisiúnta eile agus for-rochtain arna seoladh ag an Aontas chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach.

4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú roimh ré ar thionchair lena chinneadh an nglacfar gníomh tarmligthe faoi mhír 1 nó nach nglacfar. Maidir leis an measúnú sin:

(a) beidh sé bunaithe, inter alia, ar chomhairliúchán de:

   (a) na páirtithe leasmhara ábhartha uile, amhail tionscal lena n-áirítear tionscal iartheachtach, FBManna agus, i gcás inarb ábhartha, an tionscal ceardaíochta, comhpháirtithe sóisialta, trádálaithe, miondíoltóirí, allmhaireoirí, grúpaí cosanta comhshaoil agus eagraíochtaí tomhaltóirí;

   (b) tríú tíortha a bhféadfaidh an oibleagáid sin difear suntasach a dhéanamh dá dtrádáil leis an Aontas;

   (c) an Bord;

(b) a áirithiú nach ndéanfar aon bheart den sórt sin a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm d'fhonn bacainní neamhriachtanacha a chruthú ar thrádáil idirnáisiúnta nó lena gcruthófaí bacainní den sórt sin agus nach mbeidh sé níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach, agus aird á tabhairt ar sholáthraithe tríú tír cloí le dearbhú den sórt sin ar bhealach nach ndéanfar difear díréireach do shreafaí comhiomlána trádála agus do chostais amhábhar criticiúil;

(c) a mheas an gcuirfidh an beart le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais a bhaint amach gan tionchar díréireach a imirt ar chumas thionscal an Aontais an t-amhábhar criticiúil atá i gceist a fhoinsiú.

5. Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chuirfidh amhábhair chriticiúla ar an margadh a bhfuil rialacha maidir le ríomh agus fíorú glactha ag an gCoimisiún ina leith de bhun mhír 1, cuirfidh sé nó sí dearbhú maidir le lorg comhshaoil ar fáil.

   Beidh feidhm ag an gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír maidir le gach cineál amhábhair chriticiúil aonair a chuirfear ar an margadh agus ní bheidh feidhm aige maidir le hamhábhair chriticiúla a chuimsítear i dtáirgí idirmheánacha nó i dtáirgí deiridh.

6. Beidh an fhaisnéis seo a leanas sa dearbhú maidir leis an lorg comhshaoil dá dtagraítear i mír 5:

   (a) ainm, trádainm cláraithe nó trádmharc cláraithe agus seoladh poist an duine nádúrtha fhreagraigh nó an duine dhlítheanaigh fhreagraigh agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, modhanna leictreonacha cumarsáide trínar féidir teagmháil a dhéanamh leo;

   (b) faisnéis faoin gcineál amhábhair chriticiúil a bhfuil feidhm ag an dearbhú ina leith;

   (c) faisnéis faoin tír agus faoin réigiún ina ndearnadh an t-amhábhar criticiúil a eastóscadh, a phróiseáil, a scagadh agus a athchúrsáil, de réir mar is infheidhme;

   (d) lorg comhshaoil amhábhair chriticiúil, arna ríomh i gcomhréir leis na rialacha maidir le fíorú agus ríomh is infheidhme arna nglacadh de bhun mhír 1;

   (e) an aicme feidhmíochta maidir le lorg comhshaoil a gcomhfhreagraíonn an t-amhábhar criticiúil di, arna bunú i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe is infheidhme arna ghlacadh de bhun mhír 7;

   (f) nasc gréasáin lena soláthraítear rochtain ar leagan poiblí den staidéar lena dtacaítear le torthaí an dearbhaithe maidir leis an lorg comhshaoil.

7. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 36 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí aicmí feidhmíochta a bhunú maidir le lorg comhshaoil le haghaidh amhábhair chriticiúla ar glacadh rialacha maidir le ríomh agus fíorú ina leith de bhun mhír 1, i gcomhréir le hIarscríbhinn V.

8. Cuirfear an dearbhú maidir leis an lorg comhshaoil ar fáil ar shuíomh gréasáin saor-rochtana.

Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunaítear an fhormáid don dearbhú maidir leis an lorg comhshaoil dá dtagraítear i mír 5. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 37(3).

9. Agus amhábhair chriticiúla á dtairiscint lena ndíol, lena n-áirítear i gcás ciandíolachán, nó iad á dtaispeáint le linn gníomhaíocht tráchtála, áiritheoidh daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuirfidh amhábhair chriticiúla ar an margadh go mbeidh rochtain ag a gcustaiméirí ar an dearbhú maidir le lorg comhshaoil sula gcuirfear faoi cheangal conartha díolacháin.

Daoine nádúrtha agus dlítheanacha a chuirfidh amhábhair chriticiúla ar an margadh, ní dhéanfaidh sé nó sí lipéid, marcanna, siombailí ná inscríbhinní ar dóigh go gcuirfear custaiméirí amú leo nó go gcuirfear mearbhall ar chustaiméirí leo maidir leis an bhfaisnéis a áirítear sa dearbhú ar lorg comhshaoil a sholáthar ná a thaispeáint.

## ROINN 3
## SAORGHLUAISEACHT, COMHRÉIREACHT AGUS FAIREACHAS MARGAIDH

*Airteagal 31*

**Saorghluaiseacht**

1. Ar chúiseanna a bhaineann le faisnéis maidir le hathchúrsáil nó le hábhar athchúrsáilte buanmhaighnéad nó ar chúiseanna a bhaineann le faisnéis maidir le lorg comhshaoil amhábhar chriticiúil a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ní chuirfidh na Ballstáit toirmeasc, srian ná bac ar chur ar fáil ar an margadh nó ar chur i seirbhís táirgí iad ina bhfuil buanmhaighnéid nó amhábhair chriticiúla a chomhlíonann an Rialachán seo.

2. Ag aontaí trádála, taispeántais, taispeáintí nó ag imeachtaí cosúla, ní chuirfidh Ballstáit cosc ar tháirgí ina bhfuil buanmhaighnéid bhuana nó amhábhair chriticiúla nach gcomhlíonann an Rialachán seo a thaispeáint, ar choinníoll go dtaispeánfar go soiléir ar chomhartha inléite nach gcomhlíonann táirgí nó ábhair den sórt sin an Rialachán seo agus nach féidir iad a chur ar fáil ar an margadh go dtí go gcomhlíonfaidh siad an Rialachán.

*Airteagal 32*

**Comhréireacht agus faireachas margaidh**

1. Sula gcuirfear táirge a chumhdaítear le hAirteagal 27 nó le hAirteagal 28 ar an margadh, áiritheoidh na daoine nádúrtha nó na daoine dlítheanacha atá freagrach go mbeidh an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme curtha i gcrích agus go bhfuil an doiciméadacht theicniúil is gá tarraingthe suas. I gcás ina léirítear leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta go bhfuil na ceanglais is

infheidhme á gcomhlíonadh ag táirge, áiritheoidh na daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach gur tarraingíodh suas dearbhú comhréireachta AE agus gur greamaíodh an marc CE de.

2. Is é an nós imeachta um measúnú comhréireachta maidir le táirgí a chumhdaítear leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 27 a bheidh ann an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], mura gcumhdaítear na táirgí sin freisin faoi na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 28, agus sa chás sin is é an nós imeachta um measúnú comhréireachta a bheidh ann an nós imeachta a leagtar amach sna rialacha maidir le fíorú nó ríomh arna nglacadh de bhun Airteagal 28(2).

3. Caibidil IX agus Airteagail 37, 38 agus 39 de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], chomh maith leis na sainmhínithe comhfhreagracha in Airteagal 2 den Rialachán sin, maidir leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a leagtar síos in Airteagail 27 agus 28.

4. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir le faireachas margaidh:

(a) Caibidil XII de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], chomh maith leis na sainmhínithe comhfhreagracha in Airteagal 2 den Rialachán sin, maidir leis na ceanglais is infheidhme maidir le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a leagtar síos in Airteagail 27, 28 nó 30.

(b) de bhreis ar na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], féach na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27, 28 agus 30 i gcomhthéacs an phlean gníomhaíochta dá dtagraítear in Airteagal 59(1) den Rialachán sin;

(c) Airteagal 60 agus Airteagal 61(1) de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR] maidir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27, 28 agus 30;

(d) déanfaidh an Coimisiún, sa bhreis ar na ceanglais éicidhearthóireachta a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], faisnéis a chur isteach a bhaineann leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27, 28 agus 30 sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 61(2) agus (3) den Rialachán sin;

(e) agus Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2023/xxx á chur chun feidhme [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], an grúpa comhair riaracháin (‘ADCO’) dá dtagraítear san Airteagal sin agus cuirfidh an Coimisiún na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27, 28 agus 30 san áireamh freisin.

5. Chun críocha mhíreanna 3 agus 4, cuirfear na codanna ábhartha de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR] i bhfeidhm mar a leanas:

(a) na tagairtí do ‘na ceanglais éicidhearthóireachta a shonraítear sna gníomhartha tarmligthe is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 4’ in Airteagal 37(1), ‘na ceanglais a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe is infheidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 4’ in Airteagal 63(1) agus ‘na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe ábhartha arna ghlacadh de bhun Airteagal 4’ in Airteagal 63(5) de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir

isteach tagairt do ESPR], tuigfear iad mar thagairtí do 'na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27 agus 28 den Rialachán seo';

(b) na tagairtí do 'táirge a chumhdaítear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 4' in Airteagal 37(3) agus in Airteagal 63(1) de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], tuigfear iad mar thagairt do 'táirge nó ábhair a chumhdaítear faoi na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 27 agus 28 den Rialachán seo';

(c) na tagairtí do 'na cúraimí um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear faoi na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4' in Airteagal 41 agus 'na cúraimí um measúnú comhréireachta faoi na gníomhartha tarmligthe ábhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 4' in Airteagal 45(10) de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], tuigfear iad mar thagairt do 'na cúraimí um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear faoi na rialacha maidir le fíorú agus ríomh arna nglacadh de bhun Airteagal 28(2) den Rialachán seo';

(d) na tagairtí do 'nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear faoi na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 4' in Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) 2023/xxx [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do ESPR], tuigfear iad mar thagairt do 'nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá bhforáiltear faoi na rialacha maidir le fíorú agus ríomh arna nglacadh de bhun Airteagal 28(2) den Rialachán seo'.

6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirgí a chumhdaítear le cineálcheadú faoi Rialachán 2018/858 agus faoi Rialachán 168/2013.

# Caibidil 6
# Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha

*Airteagal 33*

**Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha**

1. Déanfaidh an Bord an méid seo a leanas a phlé ar bhonn tréimhsiúil:

(a) a mhéid a chuireann Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas leis an méid seo a leanas:

(i) feabhas a chur ar shlándáil soláthair an Aontais;

(ii) an tagarmharc a leagtar amach in Airteagal 1, mír 2, pointe (b);

(iii) feabhas a chur ar an gcomhar feadh an tslabhra luacha amhábhar criticiúil idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta;

(b) comhleanúnachas agus sineirgí féideartha idir comhar déthaobhach na mBallstát le tríú tíortha ábhartha agus na gníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas i gcomhthéacs Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha;

(c) cad iad na tríú tíortha ar cheart tús áite a thabhairt dóibh chun Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a thabhairt i gcrích, agus na critéir seo a leanas á gcur san áireamh:

(i) an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith ann do shlándáil an tsoláthair, agus cúltacaí féideartha, acmhainní eastósctha, próiseála agus athchúrsála tríú tír a bhaineann le hamhábhair chriticiúla á gcur san áireamh;

(ii) an áirithítear le creat rialála tríú tír faireachán, cosc agus íoslaghdú ar thionchair chomhshaoil, úsáid cleachtas lena mbaineann freagracht shóisialta lena n-áirítear cearta an duine agus cearta saothair a urramú agus rannpháirtíocht fhiúntach le pobail áitiúla, úsáid cleachtas gnó trédhearcach agus cosc ar dhrochthionchair ar fheidhmiú cuí an riaracháin phoiblí agus ar an smacht reachta;

(iii) an bhfuil comhaontuithe comhair ann cheana idir tríú tír agus an tAontas agus, maidir le margaí atá ag teacht chun cinn agus geilleagair atá i mbéal forbartha, an bhféadfaí tionscadail infheistíochta Global Gateway a úsáid.

(iv) maidir le margaí atá ag teacht chun cinn agus maidir le geilleagair atá i mbéal forbartha, an bhféadfadh, agus cén dóigh a bhféadfadh, comhpháirtíocht cur le breisluach áitiúil agus conas a rachadh sí chun tairbhe don tír chomhpháirtíochta agus don Aontas araon.

2. Áiritheoidh an Bord, i gcomhthéacs mhír 1 agus a mhéid a bhaineann le geilleagair margaidh atá ag teacht chun cinn agus geilleagair i mbéal forbartha, comhar le fóraim chomhordúcháin ábhartha eile, lena n-áirítear na fóraim sin arna mbunú mar chuid den straitéis Global Gateway.

3. Maidir leis na Ballstáit:

(a) oibreoidh siad i gcomhar leis an gCoimisiún chun comhleanúnachas a áirithiú idir a gcomhar déthaobhach le tríú tíortha ábhartha agus Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha neamhcheangailteacha an Aontais le tríú tíortha, a gcuimsítear ina raon feidhme ar a laghad slabhra luacha amhábhar criticiúil;

(b) tacú leis an gCoimisiún na bearta comhair a leagtar amach i gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha a chur chun feidhme.

# Caibidil 7
# Rialachas

*Airteagal 34*

**An Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla**

1. Bunaítear an Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla.

2. Déanfaidh an Bord na cúraimí a leagtar amach sa Rialachán seo.

*Airteagal 35*

**Comhdhéanamh agus feidhmiú an Bhoird Eorpaigh um Amhábhair Chriticiúla**

1. Is iad na Ballstáit agus an Coimisiún a bheidh ar an mBord. Beidh an Coimisiún ina chathaoirleach air.

2. Ceapfaidh gach Ballstát ionadaí ardleibhéil sa Bhord. I gcás inarb ábhartha a mhéid a bhaineann leis an bhfeidhm agus leis an saineolas, féadfaidh Ballstát ionadaithe éagsúla a cheapadh i ndáil le cúraimí éagsúla an Bhoird. Beidh comhalta malartach ag gach comhalta den Bhord.

3. Glacfaidh an Bord, ar thogra ón gCoimisiún, a rialacha nós imeachta trí thromlach simplí a chomhaltaí.

4. Tiocfaidh an Bord le chéile go tráthrialta ionas go bhféadfar a chúraimí a shonraítear sa Rialachán seo a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach. I gcás inar gá, tiocfaidh an Bord le chéile ar iarraidh réasúnaithe ón gCoimisiún.

Tiocfaidh an Bord le chéile mar a leanas:

(a) gach 3 mhí ar a laghad chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar Thionscadail Straitéiseacha de bhun Chaibidil 3, Roinn 1;

(b) gach 6 mhí ar a laghad chun faireachán a fhorbairt de bhun Chaibidil 4;

(c) uair sa bhliain ar a laghad chun plé a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme oibleagáidí na mBallstát a bhaineann le taiscéalaíocht a leagtar amach i gCaibidil 3, Roinn 4, lena n-áirítear i bhfianaise nuashonruithe ar liostaí na n-amhábhar criticiúil nó na n-amhábhar straitéiseach.

5. Tabharfaidh an Coimisiún cúnamh don Bhord trí bhíthin rúnaíocht feidhmiúcháin a sholáthraíonn tacaíocht theicniúil agus lóistíochta.

6. Féadfaidh an Bord buan-fhoghrúpaí nó foghrúpaí sealadacha a bhunú chun díriú ar cheisteanna agus ar chúraimí sonracha.

Bunóidh an Bord na buan-fhoghrúpaí seo a leanas ar a laghad:

(a) foghrúpa chun maoiniú i gcomhair Tionscadail Straitéiseacha a phlé agus a chomhordú de bhun Airteagal 15; tabharfar cuireadh mar bhreathnóirí d’ionadaithe ó bhainc agus ó institiúidí náisiúnta le haghaidh spreagadh, ó na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha forbartha, ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, ó institiúidí airgeadais idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbraíochta agus, de réir mar is iomchuí, ó institiúidí airgeadais príobháideacha;

(b) foghrúpa ina dtugtar le chéile institiúidí nó suirbhéanna náisiúnta geolaíocha nó, in éagmais institiúid nó suirbhé den sórt sin, an t-údarás náisiúnta ábhartha atá i gceannas ar thaiscéalaíocht ghinearálta, chun cur le comhordú na gclár náisiúnta taiscéalaíochta dá dtagraítear in Airteagal 18;

(c) foghrúpa ina dtugtar le chéile gníomhaireachtaí náisiúnta soláthair agus faisnéise a chumhdaíonn amhábhair chriticiúla nó, in éagmais gníomhaireacht den sórt sin, an t-údarás náisiúnta ábhartha atá i gceannas ar an ábhar sin, chun cur leis na cúraimí faireacháin mar a leagtar amach in Airteagal 19;

(d) foghrúpa ina dtugtar le chéile an ghníomhaireacht náisiúnta éigeandála agus na húdaráis náisiúnta atá freagrach as stoic straitéiseacha nó, in éagmais gníomhaireacht agus údarás den sórt sin, an t-údarás náisiúnta ábhartha atá i gceannas ar an ábhar sin, chun cur le comhordú na stoc straitéiseach mar a leagtar amach in Airteagal 22.

7. Iarrfaidh an Bord ar ionadaithe Pharlaimint na hEorpa freastal, mar bhreathnóirí, ar a chruinnithe, lena n-áirítear na buan-fhoghrúpaí nó na foghrúpaí sealadacha dá dtagraítear i mír 6.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Bord cuireadh a thabhairt mar bhreathnóirí do shaineolaithe, do thríú páirtithe eile nó d'ionadaithe tríú tíortha freastal ar chruinnithe na mbuan-fhoghrúpaí nó na bhfoghrúpaí sealadacha dá dtagraítear i mír 6 nó a iarraidh orthu ionchuir i scríbhinn a sholáthar.

Agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige, áiritheoidh an Bord, i gcás inarb iomchuí, comhordú, comhar agus malartú faisnéise leis na struchtúir ábhartha um fhreagairt i gcás géarchéime agus um ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, struchtúir arna mbunú faoi dhlí an Aontais.

8. Glacfaidh an Bord na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar faisnéis rúnda agus faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de a láimhseáil agus a phróiseáil go sábháilte.

9. Déanfaidh an Bord a dhícheall teacht ar chomhthuairim.

# Caibidil 8
# Cumhachtaí tarmligthe agus nós imeachta coiste

*Airteagal 36*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 4(2), Airteagal 5(2), Airteagal 27(12), Airteagal 28(2) agus Airteagal 30(1) agus (5) ar feadh tréimhse 8 mbliana amhail ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach: 1 mhí i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse sé bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 4 (2), Airteagal 5 (2), Airteagal 27 (12), Airteagal 28 (2) agus Airteagal 30 (1) agus (5) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh cúlghairme cuirfear deireadh leis an tarmligean cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá i ndiaidh fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith a bheidh i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Rachfar i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit tar éis an chomhairliúcháin a dhéanfar de bhun Airteagal 14.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina thaobh sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 3(2), Airteagal 4(2), Airteagal 5(2), Airteagal 27(12), Airteagal 28(2) agus Airteagal 30(1) agus (5) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Féadfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

*Airteagal 37*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste cuidiú don Choimisiún maidir le cur chun feidhme [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt don ghníomh seo]. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

# Caibidil 9
# Leasuithe

*Airteagal 38*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2018/1724**

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, sa chéad cholún, cuirtear isteach ró nua ‘S. Tionscadail amhábhar criticiúil’.

(2) in Iarscríbhinn I, sa dara colún, i ró ‘S. Tionscadail amhábhar criticiúil’, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘1. faisnéis maidir leis an bpróiseas deonaithe ceadanna.’

‘2. faisnéis maidir le seirbhísí maoiniúcháin agus infheistíochta’

‘3. faisnéis maidir le deiseanna maoiniúcháin ar leibhéal an Aontais nó ar leibhéal na mBallstát’

‘4. seirbhísí tacaíochta gnó, lena n-áirítear dearbhú cánach corparáide, dlíthe cánach áitiúla, dlí saothair ach gan a bheith teoranta dóibh sin’

(3) in Iarscríbhinn II, sa chéad cholún, cuirtear isteach ró nua ‘Tionscadail amhábhar criticiúil’.

(4) in Iarscríbhinn II, sa dara colún, sa ró ‘Tionscadail amhábhar criticiúil’, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘Nós imeachta a bhaineann le gach cead riaracháin ábhartha chun tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta a phleanáil, a fhorbairt agus a oibriú,

lena n-áirítear ceadanna tógála, ceadanna ceimiceán agus ceadanna naisc eangaí agus measúnuithe agus údaruithe comhshaoil i gcás ina n-éilítear iad sin, agus lena gcuimsítear gach iarratas agus nós imeachta riaracháin'.

(5) in Iarscríbhinn II, sa tríú colún, sa ró 'Tionscadail amhábhar criticiúil', cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

'Na haschuir go léir a bhaineann leis na nósanna imeachta idir bhailíocht an iarratais a admháil agus an fógra faoin gcinneadh cuimsitheach maidir le toradh an nós imeachta ag an údarás inniúil náisiúnta atá freagrach'.

(6) in Iarscríbhinn III, cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(9) Na húdaráis inniúla náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt don togra seo.]'.

*Airteagal 39*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/1020**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 mar a leanas:

(1) in Airteagal 4(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs "(AE) 2016/425(35) agus (AE) 2016/426(36)": '( AE) 2016/425 (*), (AE) 2016/426 (**) agus [(AE) [...] [an bhliain a glacadh an Rialachán seo ]/... (***)];

(2) in Iarscríbhinn I, cuirtear an pointe seo a leanas leis: 'X [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an chéad uimhir leantach eile] Rialachán (AE)…/… lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach sonraí foilsithe an Rialacháin seo], a mhéid a bhaineann sé leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 27, 28 nó 30 den Rialachán sin.

*Airteagal 40*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2018/858**

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 mar a leanas:

Sa tábla i gCuid I, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| [Oifig na bhFoilseachán Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile faoin gceannteideal G] | Ceanglais maidir le ciorclaíocht buanmhaighnéad | Rialachán (AE) XX/XXXX [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: Sonraí foilsithe IO an Rialacháin seo] | X | X | X | X | X | X | | | | | X | X |

*Airteagal 41*

**Leasú ar Rialachán (AE) 168/2013**

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 168/2013 mar a leanas:

Sa tábla i gCuid I, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| [Oifig na bhFoilseachán Cuir isteach an chéad uimhir leantach eile faoin gceannteideal C1] | Ceanglais maidir le ciorclaíocht buanmhaighnéad | Rialachán (AE) XX/XXXX [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: Sonraí foilsithe IO an Rialacháin seo] | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |

## Caibidil 10
## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 42*

**Faireachán ar dhul chun cinn**

1. Déanfaidh an Coimisiún, agus comhairle an Bhoird á cur san áireamh aige, faireachán ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí a leagtar amach in Airteagal 1(2) agus foilseoidh sé tuarascáil, gach 3 bliana ar a laghad, ina sonrófar an dul chun cinn a bheidh déanta ag an Aontas i dtreo na gcuspóirí sin a bhaint amach.

   Tarraingeofar suas an chéad tuarascáil faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 4 bliana i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

2. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 faisnéis chainníochtúil faoi mhéid dhul chun cinn an Aontais i dtreo na dtagarmharcanna a leagtar amach in Airteagal 1(2), pointe (a) agus pointe (b).

*Airteagal 43*

**Tuairisciú na mBallstát**

1. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún gach bliain ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 18(4), Airteagal 20(1) agus (2), Airteagal 21(1), Airteagal 22(5) agus Airteagal 25(6). Seolfar an chéad tuarascáil [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: bliain amháin i ndiaidh an dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

2. Cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach teimpléad maidir leis na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1. D’fhéadfaí a léiriú sa teimpléad conas a chuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 in iúl. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 37(2).

3. Déileálfar leis an bhfaisnéis atá sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 i gcomhréir le hAirteagal 44.

*Airteagal 44*

**Faisnéis rúnda a láimhseáil**

1. Ní úsáidfear faisnéis a gheofar le linn chur chun feidhme an Rialacháin seo ach amháin chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sí faoi chosaint ag reachtaíocht ábhartha an Aontais agus ag an reachtaíocht náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún go gcosnófar rúin trádála agus ghnó, faisnéis íogair, rúnda agus rúnaicmithe eile a gheofar agus a chruthófar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear moltaí agus bearta a dhéanfar, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta faoi seach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit agus an Coimisiún nach ndéanfar an fhaisnéis rúnaicmithe a sholáthraítear nó a mhalartaítear faoin Rialachán seo a íosghrádú nó a scaoileadh ón rúnaicmiú gan toiliú i scríbhinn roimh ré ón tionscnóir.

4. Má mheasann Ballstát go bhféadfadh cur i láthair faisnéise comhiomlánaithe i gcomhthéacs Airteagal 21 a leas slándála náisiúnta a chur i mbaol mar sin féin, féadfaidh sé agóid a dhéanamh i gcoinne chur i láthair an Choimisiúin trí fhógra a dtabharfar údar leis.

5. Áiritheoidh an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta, a n-oifigigh, a bhfostaithe agus daoine eile a oibríonn faoi mhaoirseacht na n-údarás sin rúndacht na faisnéise a gheofar agus a gcúraimí agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin freisin maidir le hionadaithe uile na mBallstát, maidir le breathnóirí, saineolaithe agus rannpháirtithe eile a fhreastalaíonn ar chruinnithe den Bhord de bhun Airteagal 35.

*Airteagal 45*

**Pionóis**

Faoin 12 mhí i ndiaidh s theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, leagfaidh na Ballstáit síos rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*Airteagal 46*

**Meastóireacht**

1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach: 5 bliana i ndiaidh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo i bhfianaise na gcuspóirí ar a ndíríonn sé agus cuirfidh sé tuarascáil faoin meastóireacht sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

2. Sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, déanfar measúnú ar a iomchuí atá sé tairseacha uasta maidir le lorg comhshaoil a bhunú le haghaidh amhábhair chriticiúla ar glacadh rialacha maidir le ríomh agus fíorú ina leith.

*Airteagal 47*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

**1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

**1.1. Teideal an togra/tionscnaimh**

**1.2. Réimsí beartais lena mbaineann**

**1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:**

**1.4. Cuspóirí**

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

**1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh**

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

**2. BEARTA BAINISTÍOCHTA**

**2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe**

**2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe**

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

**3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

**3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar**

**3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe**

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

*3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

**3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam**

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú (an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla)

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

‘Comhaontú Glas don Eoraip’

‘Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach’

‘Eoraip níos láidre sa domhan mór’

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

**■ beart nua**

**☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[50]

**☐ síneadh le beart atá ann cheana**

**☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

#### *1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é is cuspóir ginearálta don Ghníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla rochtain shlán an Aontais Eorpaigh ar amhábhair chriticiúla a áirithiú, agus forbairt foinsí inbhuanaithe soláthair á dreasú. Cuireann sé sin le fás eacnamaíoch agus le hardchaighdeáin mhaireachtála san Aontas, cuirtear cosc leis ar shuaitheadh agus ar anacair laistigh de mhargadh aonair na hEorpa agus cuireann sé le hiomaíochas ghnólachtaí na hEorpa, ach ní dhéantar sé faillí leis maidir le ról an Aontais maidir le forbairt inbhuanaithe agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an domhain.

#### *1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Cuspóir sonrach Uimh.

– na céimeanna éagsúla de shlabhra luacha na n-amhábhar straitéiseach a neartú;

– allmhairí amhábhair an Aontais a éagsúlú;

– feabhas a chur ar chumas an Aontais faireachán a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh suaitheadh soláthair ar amhábhair chriticiúla agus an riosca sin a mhaolú;

– saorghluaiseacht amhábhar criticiúil a chuirtear ar mhargadh an Aontais a áirithiú, agus ardleibhéal cosanta comhshaoil á áirithiú, trí fheabhas a chur ar chiorclaíocht agus inbhuanaitheacht na n-amhábhar sin.

50 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

### 1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo

*Sonraigh na héifeachtaí a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é an toradh a bhfuiltear ag súil leis maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla soláthar slán amhábhar criticiúil agus acmhainn neartaithe an Aontas feadh a shlabhra luacha amhábhar criticiúil. Leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla spreagfar forbairt bhreise ar fhoinsí soláthair inbhuanaithe chun uaillmhianta straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, go háirithe an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus infheistíochtaí cosanta neartaithe.

Tacóidh infhaighteacht sonraí breise, cláir mhapála agus taiscéalaíochta d'acmhainní mianrach an Aontais le hiomaíochas an tslabhra luacha; agus faisnéis bhreise acu, bhainfeadh cuideachtaí tairbhe as dí-rioscú ag céimeanna luatha sa taiscéalaíocht, rud a thacódh ansin le hinfheistíocht níos airde níos faide síos sa slabhra luacha.

Mar thoradh ar ainmniú Tionscadal Straitéiseach lena mbaineann ceadú cuíchóirithe agus rochtain níos fearr ar mhaoiniú, tabharfar tacaíocht níos láidre do shlabhra luacha amhábhar criticiúil san Aontas agus i dtríú tíortha agus as seo amach beidh soláthar níos sláine amhábhar criticiúil ann d'úsáideoirí iartheachtacha san Aontas. Leis sin tabharfar breisluach soiléir d'fheidhmiú an Mhargaidh Aonair agus beidh tionchair dhearfacha eacnamaíocha aige ar tháirgeoirí amhábhar criticiúil agus ar earnálacha iartheachtacha trí athléimneacht thionsclaíoch a áirithiú agus trí shlabhra luacha amhábhar criticiúil an Aontais a fhorbairt. Beidh a thionchair shóisialta ar phoist agus ar chomhtháthú réigiúin an Aontais dearfach freisin.

Déanfar foráil sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla maidir le forbairt acmhainní faireacháin agus measúnaithe riosca roimh ghéarchéim. Tacóidh córas rialachais le Bord tiomnaithe um Amhábhair Chriticiúla, líonra gníomhaireachtaí de chuid na mBallstát agus acmhainn inmheánach sa Choimisiún le slabhra luacha amhábhar criticiúil an Aontais. Bainfidh na cuideachtaí tairbhe dhíreach as foilsiú rialta faisnéise cothrom le dáta faoi rioscaí soláthair i bhfoirm deais faireacháin trína mbeidh siad ábalta a straitéisí um maolú a oiriúnú. Cruthófar leis na gníomhaíochtaí faireacháin agus measúnaithe riosca, amhail tástálacha struis AE, éileamh ó rialtais agus ó chuideachtaí chun amhábhair chriticiúla shlána a cheannach.

Baineann an stoc-charnadh straitéiseach le comhordú na stoc straitéiseach náisiúnta le haghaidh amhábhair straitéiseacha. Leis an gcomhordú spreagfar na Ballstáit chun a stoic straitéiseacha a neartú, trí shraith bhreise slándála a chur leis do na cuideachtaí a bhfuil amhábhair straitéiseacha ina slabhra luacha. Leis an ngné Eorpach den chomhordú sin, áiritheofar go seachnófar forluí agus go gcuirfear le sineirgí i measc na stoc straitéiseach náisiúnta. Áiritheofar leis an gcomhordú sin i measc stoc-chairn náisiúnta roimh aon ghéarchéim go mbeidh an ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna níos fearr i gcás aon sásra airdill nó creat freagartha géarchéime faoinár féidir amhábhair a chumhdach a ghníomhachtú.

Chun ullmhacht riosca cuideachtaí a áirithiú, déanfaidh sraith shonrach cuideachtaí móra lena mbaineann na diúscairtí infheistíocht ina n-athléimneacht agus cuirfidh siad san áireamh na fíorchostais a bhaineann le táirgeadh straitéiseach amhábhar trína áirithiú go ndéanfaidh siad a slabhraí soláthair a iniúchadh agus a thástáil go rialta má tá sraith áirithe amhábhar straitéiseach iontu.

Le bearta maidir le ceannach comhpháirteach beidh na húdaráis náisiúnta nó na hoibreoirí eacnamaíocha ábalta dul i bpáirt le chéile agus amhábhair straitéiseacha á gceannach acu.

Tugtar tacaíocht do tháirgeadh níos inbhuanaithe d'amhábhair chriticiúla a fhorbairt trí fhorálacha chun ciorclaíocht na margaí amhábhar criticiúil a fhorbairt. Leagtar amach sa togra rialacha a bhaineann go háirithe táirgí a bhfuil a ré caite agus sruthanna dramhaíola ina bhfuil amhábhair chriticiúla a aisghabháil, a bhailiú agus a chóireáil, chun tacú le forbairt teicneolaíochtaí agus margaí athchúrsála chun úsáid amhábhair chriticiúla thánaisteacha i monaraíocht a chur chun cinn. Díreofar na gníomhaíochtaí freisin ar aisghabháil amhábhar criticiúil ó láithreáin dramhaíola dhúnta agus tréigthe. Áirítear forálacha maidir le dearbhú maidir le lorg comhshaoil na n-amhábhar criticiúil a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus faisnéis eile maidir leo freisin.

Cruthófar leis an Rialachán Bord Eorpach um Amhábhair Chriticiúla a thabharfaidh an saineolas is fearr atá ar fáil le chéile sa Choimisiún Eorpach agus sna Ballstáit chun anailís agus faireachán a dhéanamh ar mhargaí, rioscaí a mheas agus comhairle a thabhairt maidir le straitéisí um maolú, cuidiú le tionscadail straitéiseacha agus stoc-charnadh straitéiseach a chomhordú. Ina theannta sin, pléifidh an Bord tosaíochtaí agus cuspóirí na gComhpháirtíochtaí Straitéiseacha le tríú tíortha lena gcumhdaítear amhábhair, agus comhordú na gcomhpháirtíochtaí sin le comhpháirtíochtaí comhchosúla arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit.

1.4.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar an méid atá bainte amach.*

- Méid na sonraí agus na mapaí d'acmhainní mianracha an Aontais a forbraíodh sna Ballstáit.

- Líon na dtionscadal Straitéiseach a maoiníodh san Aontas agus ar an gcoigríoch a bhaineann le slabhra luacha amhábhar criticiúil.

- Méid iomlán na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag cuideachtaí atá ag feidhmiú san Aontas in amhábhair chriticiúla agus an deighleog den slabhra luacha ina n-oibríonn siad á cur san áireamh.

- Sonraí faireacháin maidir le forbairt tionscadal, forbairtí éilimh agus soláthair, agus sreafaí trádála in amhábhair chriticiúla.

- Méid na stoc straitéiseach ar an leibhéal náisiúnta.

- Méid agus céatadán na n-amhábhar criticiúil a athchúrsáladh. Líon na n-amhábhar criticiúil tánaisteach arna n-úsáid sna próisis phróiseála nua.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ba cheart go mbeadh an Rialachán infheidhme go hiomlán an lá i ndiaidh lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Mar sin féin, is beag gníomhaíocht is gá a dhéanamh roimh ré chun cur chun feidhme an Rialacháin a ullmhú. Ba cheart an Bord a chur ar bun agus ba cheart go mbeadh

pointe teagmhála lena chruinniú ceaptha ag na Ballstáit. Faoi thráth na hinfheidhmeachta, ba cheart go mbeadh Bord i bhfeidhm go hiomlán.

Ba cheart go mbeadh bailiú faisnéise ó ionadaithe cuideachtaí feadh an tslabhra luacha amhábhar criticiúil ar siúl cheana agus ba cheart go mbeadh slabhra luacha amhábhar criticiúil pléite ag an mBord cheana agus ba cheart go mbeadh faireachán déanta acu air cheana.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar thosca éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirtíocht an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

<u>Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)</u>

Ní féidir le haon Bhallstát amháin aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na rioscaí maidir le soláthair amhábhar criticiúil atá ag fás – go háirithe mar gheall ar easpa tarluithe geolaíocha i mBallstát aonair agus mar gheall ar na barainneachtaí scála substaintiúla sa slabhra luacha amhábhar criticiúil. Ní bheadh na bearta a áirítear sa tionscnamh seo chomh héifeachtach céanna dá gcuirfeadh na Ballstáit atá ag gníomhú ina n-aonar chun feidhme iad, toisc go mbaineann na fadhbanna lena dtugtar aghaidh orthu leis an Margadh Aonair ina iomláine. Níl siad teoranta do Bhallstáit aonair ná d'fhothacar Ballstát ach baineann siad le bonn tionsclaíoch an Aontais agus do shlabhra luacha amhábhar criticiúil ar fud an Aontais. Ina theannta sin, ní dócha go mbeidh cur chuige ar leibhéal na mBallstát amháin leordhóthanach ach amháin chun freastal ar na riachtanais a bhaineann le slabhraí soláthair atá fite fuaite go mór laistigh den mhargadh inmheánach.

<u>An breisluach ar leibhéal an Aontais a mheastar a ghinfear (*ex post*)</u>

Tá gníomhaíocht an Aontais riachtanach chun barainneachtaí scála agus raon feidhme a ghiniúint agus chun ilroinnt na n-iarrachtaí agus na neamhéifeachtúlachtaí gaolmhara a theorannú, mura seachnófar iad. Ar aon dul leis an loighic sin, dírítear sna gníomhaíochtaí atá beartaithe ar réimsí ina bhfuil breisluach inléirithe trí ghníomhú ar leibhéal an Aontais mar gheall ar scála, luas agus raon feidhme na n-iarrachtaí is gá. Mar shampla:

- gníomhaíochtaí a dhírítear ar infheistíocht a shlógadh i dtionscadail amhábhar criticiúil feadh an tslabhra luacha, d'fhéadfaí iad a dhearadh agus a chomhordú ar an mbealach is éifeachtaí ar leibhéal an Aontais, i bhfianaise scála na n-infheistíochtaí is gá agus toisc gur cheart go bhfreastalódh na hacmhainní a mbeadh mar thoradh air sin ar an margadh inmheánach iomlán.

- le gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh cumais faireacháin ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, bainfear amach níos mó éifeachtachta leo ná mar a bhainfí amach mura ndéanfaí iad a chomhordú. Is fearr a bheidh na Ballstáit agus an Coimisiún ábalta suaitheadh soláthair a réamh-mheas i dteanna a chéile seachas trí mheascán iarrachtaí náisiúnta. Leis an gcreat atá beartaithe, ba cheart go mbeifí ábalta cúraimí a roinnt ar bhealach níos éifeachtúla agus faisnéis ábhartha a roinnt chun dúbailt iarrachtaí a chosc.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Faoi láthair, braitheann an tAontas Eorpach go heisiach, beagnach, ar allmhairí le haghaidh go leor de na hamhábhair sin; níos tábhachtaí fós, laistigh de na hallmhairí sin, tá na soláthraithe an-chomhchruinnithe agus, i mórán cásanna, tá na príomhsholáthraithe neamhchosanta ar rioscaí suntasacha comhshaoil, sóisialta agus rialachais.

I gcásanna áirithe, tá sciar soláthair tíre amháin os cionn 90 %, mar shampla an tSín le haghaidh dúile tearc-chré éadroma, dúile tearc-chré troma, gailliam agus maignéisiam; An Tuirc maidir le Bórón. Maidir le thart ar thrian de na mianraí a ndearnadh measúnú orthu sa mheasúnú criticiúlachta, agus leath de na hamhábhair chriticiúla, tá soláthar an Aontais níos comhchruinnithe ná an soláthar domhanda (maidir le báicsít, bóráit nó mangainéis). Méadaíonn an comhchruinniú sin feadh an tslabhra luacha, agus tá an chéim phróiseála níos comhchruinnithe ná an chéim eastósctha maidir le roinnt ábhar, amhail litiam, maignéisiam, nó gearmáiniam. Rialaíonn an tSín 56 % den acmhainn dhomhanda le haghaidh litiam scagtha, 60 % le haghaidh cóbalt scagtha, 58 % le haghaidh mangainéis scagtha. Chomh maith le comhchruinniú an tsoláthair i dtíortha aonair, rinne roinnt páirtithe a gceannasacht ar an slabhra luacha domhanda a mhéadú trí ghníomhaíochtaí agus sócmhainní eacnamaíocha rialaithe a fháil i dtríú tíortha, mar shampla an tSín a rialaíonn mianaigh chóbailt sa Chongó (rialaíonn scairshealbhóirí as an tSín dhá ghnólacht sa Chongó arb ionann iad le chéile agus 13.8 % den aschur domhanda cóbailt)

Leis an leibhéal comhchruinnithe sin cuirtear slándáil soláthair an Aontais i mbaol ón taobh geopholaitiúil de.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Chun na gníomhaíochtaí atá beartaithe maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla a chur chun feidhme go rathúil, leanfar le sineirgí a fhorbairt le gníomhaíochtaí a dtacaíonn an tAontas agus na Ballstáit leo faoi láthair trí chláir agus trí ghníomhaíochtaí i dtaighde agus nuálaíocht maidir le hamhábhair chriticiúla agus i bhforbairtí ar chuid den slabhra soláthair. Áirítear orthu sin, go háirithe, Clár Réime Fís Eorpach, lena bhféachtar le tacú le forbairtí taighde agus nuálaíochta arb é is aidhm dóibh réitigh nuálacha a thabhairt ar shlabhra luacha amhábhar criticiúla.

Ina theannta sin, chun slabhra luacha amhábhar criticiúil inbhuanaithe a fhorbairt san Eoraip, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist le foinsí féideartha do thacaíocht ar leibhéal na hEorpa agus na mBallstát:

- Úsáid an Chiste Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) ag na Ballstáit chun cur leis na hinfheistíochtaí riachtanacha.

- Fís Eorpach

- Ciste don Nuálaíocht chun tacú le gníomhaíochtaí a thacaíonn le hinfheistíochtaí i réimse na n-amhábhar criticiúil, go háirithe ó thaobh na hathchúrsála de.

- Cistí Forbraíochta Réigiúnaí agus Comhtháthaithe agus an Ciste um Aistriú Cóir

- Saoráid ráthaíochta CEFI+

- NDICI (agus, go háirithe, saoráid ráthaíochta EFSD+ agus saoráid mheasctha) agus IPA (an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais)

- An Ionstraim Tacaíochta Teicniúla

- Clár an Mhargaidh Aonair

Féadtar an tionscnamh beartaithe a chur i gcomhthéacs roinnt beartas agus tosaíochtaí Eorpacha a fógraíodh le déanaí:

- An Straitéis Thionsclaíoch;

- Plean Téarnaimh don Eoraip;

- REPowerEU;

- An Comhaontú Glas;

- Taighde agus Nuálaíocht faoin gclár Fís Eorpach atá beartaithe, le Colún

II Cnuasach 4 'Digitiú, an Tionscal agus an Spás' féachtar le rannchuidiú go nithiúil le trí bheartas uileghabhálacha de chuid an Aontais:

'Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach',

'Geilleagar a fhóireann do dhaoine', agus

'Comhaontú Glas don Eoraip'.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

☐ **tréimhse theoranta**

- ☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

■ **tréimhse neamhtheoranta**

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme[51]

■ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ■ trína ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ a dhéanann na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht chomhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);
- ☐ an BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;
- ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;
- ☐ comhlachtaí arna rialú leis an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais dóibh;
- ☐ comhlachtaí arna rialú le dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;
- ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme sa Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.
- *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Barúlacha' le do thoil.*

Nótaí

---

51 Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

| |
|---|
| Beartaítear leis an Rialachán go mbunófar Bord ag a mbeidh feidhmeanna comhairleacha. Beidh an Coimisiún mar chuid den Bhord. Déanfar monatóireacht, comhordú ar stoic straitéiseacha nó roghnú tionscadal straitéiseach le tacaíocht ón mBord. |

### 2.2. Córas/córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Tugtar isteach leis an Rialachán creat beartais nua maidir le hinfheistíocht a mhealladh agus slabhra luacha amhábhar criticiúil a fhorbairt san Aontas. Tugtar isteach leis rialacha comhchuibhithe le haghaidh cur chuige comhordaithe maidir le faireachán, tuairisciú agus measúnú riosca le haghaidh amhábhair straitéiseacha.<br><br>Leis na rialacha nua sin, tá gá le sásra comhsheasmhachta le haghaidh chur i bhfeidhm trasteorann na n-oibleagáidí faoin Rialachán agus le comhordú ghníomhaíochtaí na n-údarás náisiúnta agus an Choimisiúin tríd an mBord. |

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

| |
|---|
| Tá ról comhairleach ag an mBord arna bhunú leis an Rialachán. Déantar na rioscaí a mhaolú trí rannpháirtíocht an Choimisiúin sa Bhord agus trína rúnaíocht a áirithiú. Glacfaidh an Coimisiún páirt i gcruinnithe an Bhoird, rannchuideoidh sé leis na cúraimí a shannfar don Bhord agus áiritheoidh sé go ndéanfar obair leantach orthu. |

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Ní bhaineann le hábhar |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal nó ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte[52]. | ó thíortha de chuid CSTE[53] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[54] | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | 03,020101 | Difreáilte | NÍL | NÍL | NÍL | NÍL |

- Línte nua buiséid arna n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/Neamhdhifreáilte | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍ L | TÁ/NÍL |

[52] Difreáilte = Leithreasuithe difreáilte / Neamhdhifreáilte = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

[53] CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

[54] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ■ Éilítear leis togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 1 | An margadh aonair, an nuálaíocht agus cúrsaí digiteacha |
|---|---|---|

| DG: GROW | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | | |
| 03.020101[55] | Gealltanais | (1a) | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | | | | **3,2** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | | | | **3,2** |
| 03,0202 | Gealltanais | (1b) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | | | | |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[56] | | | | | | | | | | |
| Líne bhuiséid | | (3) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe do AS GROW** | Gealltanais | =1a+1b +3 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | | | | **3,2** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b +3 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | | | | **3,2** |

55 De réir ainmníocht an bhuiséid oifigiúil.

56 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| ○ IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | | | | **3,2** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | 0,8 | | | | **3,2** |

**<u>Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:</u>**

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | | | | |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an gcinneadh ón gCoimisiún maidir leis na rialacha inmheánacha i ndáil le cur chun feidhme roinn an Choimisiúin de bhuiséad ginearálta an Aontais) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúchán idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: GROW | | | | | | | | |
| ○ Acmhainní daonna | 1,392 | 2,167 | 3,912 | 3,912 | | | | **11,383** |
| ○ Caiteachas riaracháin eile | 0,212 | 0,212 | 0,213 | 0,213 | | | | **0,850** |
| **IOMLÁN AS GROW** | 1.604 | 2,379 | 4,125 | 4,125 | | | | **12,233** |
| **AS ENV** | | | | | | | | |
| ○ Acmhainní daonna | 0,171 | 0,342 | 0,513 | 0,513 | | | | **1,539** |
| ○ Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS ENV** | 0,171 | 0,342 | 0,513 | 0,513 | | | | **1,539** |
| **AS INTPA** | | | | | | | | |
| ○ Acmhainní daonna | 0,171 | 0,342 | 0,342 | 0,342 | | | | **1,197** |
| ○ Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS INTPA** | 0,171 | 0,342 | 0,342 | 0,342 | | | | **1,197** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 1,946 | 3,063 | 4,980 | 4,980 | | | | **14,969** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 2,746 | 3,863 | 5.780 | 5,780 | | | | **18,169** |
| | Íocaíochtaí | 2,746 | 3,863 | 5,780 | 5,780 | | | | **18,169** |

### *3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **2024** | | Bliain **2025** | | Bliain **2026** | | Bliain **2027** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Saghas[57] | Meánchostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[58]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

[57] Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

[58] Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ■ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 1.734 | 2.851 | 4,767 | 4,767 | | | | **14,119** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,212 | 0,212 | 0,213 | 0,213 | | | | **0,850** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | 1,946 | 3,063 | 4,980 | 4,980 | | | | **14,969** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[59] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 1,946 | 3,063 | 4,980 | 4,980 | | | | **14,969** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath- imlonnaithe laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

59 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ■ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ **Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin) | 8 | 14 | 22 | 22 | | | |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| ○ **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[60] | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 4 | 5 | 11 | 11 | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [61] | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 01 01 01 12 (AC, END, INT – Taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **12** | **19** | **33** | **33** | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard- Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath- imlonnófar laistigh den Ard- Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard- Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | **An Gníomh um Amhábhair Chriticiúla a chur chun feidhme ar lánscála**<br>• 5 CL chun cúraimí bainistíochta agus comhordaithe a áirithiú:<br>o 2 CL a oibríonn ar chomhordú beartais agus ar dhréachtú gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme<br>o 2 CL chun rúnaíocht an struchtúir rialachais a áirithiú<br>o 1 CL do riar staidéar agus conarthaí<br>• 10 CL chun cúraimí faireacháin, bailithe sonraí agus |

60 AC = Baill Foirne ar Conradh; AL= Ball Foirne Áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= ball foirne gníomhaireachta; JPD = Gairmí Sóisearach i dToscaireacht.

61 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | cúraimí measúnaithe riosca a chur chun feidhme, agus is féidir na CLanna sin a roinnt mar seo a leanas:<br>o 7 CL chun faireachán margaidh agus tuairisciú a dhéanamh ar amhábhair straitéiseacha agus chriticiúla<br>o 2 CL chun faisnéis ó na Ballstáit a chomhordú<br>o 1 CL chun bunachar sonraí a fhorbairt agus a nuashonrú maidir leis na sonraí agus an fhaisnéis go léir a bhailítear i bhfaireachán, tionscadail, Ballstáit etc.<br>• 11 beart beartais CL, ar féidir iad a roinnt mar seo a leanas:<br>o 2 CL chun forfheidhmiú oibleagáidí na mBallstát maidir le bearta ciorclaíochta a áirithiú, lena n-áirítear bearta na Treorach maidir le Dramhaíl Eastóscach<br>o 2 CL chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an loirg comhshaoil, chun modhanna ríofa a fhorbairt agus chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart<br>o 2 CL chun gníomhaíochtaí maidir le caighdeánú a fhorfheidhmiú agus iarratais ar chaighdeánú a ullmhú (go háirithe maidir le hábhair thearc-chré)<br>o 2 CL chun gníomhaíochtaí taiscéalaíochta náisiúnta a chomhordú<br>o 3 CL chun faisnéis maidir le stoc-chairn náisiúnta a chomhordú agus chun treoir a fhorbairt nuair is féidir<br>• 5 CL chun tacú le Tionscadail Straitéiseacha, ar féidir iad a roinnt mar seo a leanas:<br>o 2 CL chun tacú leis an mbord i roghnú na dTionscadal Straitéiseach<br>o 1 CL chun obair leantach a dhéanamh ar thionscadail straitéiseacha, go háirithe maidir le próisis um cheadú<br>o 2 CL chun tacú leis na Tionscadail Straitéiseacha maidir le rochtain ar infheistíocht<br>• 2 CL chun tacú le Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ■ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athúsáid laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| |
|---|
| Déanfar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí a athdháileadh faoi imchlúdach buiséadach Chlár an Mhargaidh Aonair atá ann faoi láthair. |

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

☐ *tá gá le hathbhreithniú ar an CAI.3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ■ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ■ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnaimh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne bhuiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n- imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).